# Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge

(Bunmhúinteoireacht)



# Lámhleabhar an Chláir

# 2024-2025

Institiúid Oideachais Marino
Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Nóta faoin Lámhleabhar seo ........ 8
Tús eolais ar Institiúid Oideachais Marino ........ 8
Treoirphrionsabail ........ 8
Eolas ginearálta faoi Institiúid Oideachais Marino ........ 9
Teachtaireacht ó Uachtarán Institiúid Oideachais Marino ........ 10
Sonraí Teagmhála na Foirne* ........ 13
Cumarsáid a dhéanamh le baill foirne agus le do chomh-mhic léinn ........ 14
Forléargas ar an gClár ........ 15
Torthaí Foghlama an Chláir ........ 15
An Múinteoir mar Chleachtóir Saineolach ar Thumoideachas Gaeilge (CSTG) ........ 15
An Múinteoir mar Bhainisteoir Teagaisc (BT) ........ 16
An Múinteoir mar Dhuine Chomhbhách agus Morálta (DCM) ........ 17
An Múinteoir mar Fhoghlaimeoir Saineolach Flaithiúil (SF) ........ 17
An Múinteoir mar Dhuine Cultúrtha agus Sibhialta (CS) ........ 18
Seachadadh an Chláir ........ 19
Cur síos ar an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) ........ 19
Deiseanna Soghluaiseachta Erasmus+ /Idirnáisiúnta ........ 20
Socrúchán Scoile ........ 20
Tinreamh ar Shocrúchán Scoile ........ 21
Socrúchán Scoile sa Chéad Bhliain ........ 21
An Socruchán Scoile sna Blianta ina dhiaidh sin ........ 23
An Socrúchán Scoile i nGach Bliain ........ 23
Comhlachas Gairmiúil/Sonraí Clárúcháin ........ 23
Cumhdach Leanaí ........ 24
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ........ 25
Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht ........ 25

Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge - Forléargas ar an gClár ................................26
B.Oid. Eolais faoi Mhodúil.....................................................................................36
B.Oid. – Bliain 1 ...........................................................................................36
Seimeastar 1...................................................................................................36
Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile)............................................................36
Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) & Múineadh na Matamaitice ...........36
Language, Literature and Literacy 1 (English).......................................................37
Gaeilge ...........................................................................................................38
Síceolaíocht an Oideachais ..................................................................................38
Tuiscint Stairiúil ar an Oideachas..........................................................................39
Léann an Chomhionannais....................................................................................40
Seimeastar 2...................................................................................................41
Múineadh na Gaeilge & English Methods ..............................................................41
Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 1).................................................................42
Corpoideachas & Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)...............................43
Na hAmharcealaíona agus na hEalaíona (Ceol agus Drámaíocht)...................................44
Gaeilge ...........................................................................................................45
Oideachas Reiligiúnach ........................................................................................45
B.Oid. – Bliain 2 ...........................................................................................46
Seimeastar 1...................................................................................................46
Léann Teanga ...................................................................................................46
Ionchuimsitheacht agus Oideachas Speisialta 1 ...........................................................46
Curaclam & Measúnú, Síceolaíocht an Oideachais ..........................................................47
Gaeilge agus English (Language, Literacy and Literature) ...............................................48
Drámaíocht agus na hEalaíona (Na hAmharcealaíona agus Ceol)......................................49
Corpoideachas agus OSPS..................................................................................50

Seimeastar 2 ... 51
Gaeilge (Teanga, Litearthacht agus Litríocht) ... 51
Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) agus Múineadh na Matamaitice ... 51
Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 2) ... 52
Ionchuimsitheacht agus Oideachas Speisialta 2 ... 53
Múineadh na Gaeilge agus English Methods ... 54
Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha agus Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe ... 55
B.Oid. – Bliain 3 ... 56
Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 3) ... 56
Ceol agus na hEalaíona (Na hAmharcealaíona & Drámaíocht) ... 56
Oideachas Luath-Óige ... 57
Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus don Phobal ... 58
Bainisteoireacht Iompair agus Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas) 2 ... 59
Literacy Education (English) – Teacher Knowledge and Competence ... 60
Matamaitic ... 60
Seimeastar 2 ... 61
Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge ... 61
Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) & Múineadh na Matamaitice ... 62
Socheolaíocht (agus Sochtheangeolaíocht) ... 62
Múineadh na Gaeilge agus English Methods ... 63
Modhanna Taighde ... 64
Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus don Phobal ... 65
B.Oid. – Bliain 4 ... 66
Seimeastar 1 ... 66
Staidéir Ghairmiúla (Ardsocrúchán Scoile) ... 66
Speisialtóireacht Taighde - Tráchtas ... 67

An Múinteoir mar Ghairmí Eolach - Matamaitic .......... 67
OSIE – Fiosrú san Eolaíocht .......... 68
Tuiscintí Fealsúnacha agus Stairiúla .......... 69
B.Oid Bliain 4: Cúrsaí Roghnacha .......... 69
Cúrsa Roghnach: Spás chun Fás – Gairdíní Scoile, Foghlaim Lasmuigh agus Oideachas le hAghaidh Inbhuanaitheachta .......... 69
Cúrsa Roghnach – Ag tacú le foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i ngach suíomh scoile .......... 70
Cúrsa Roghnach – Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha .......... 71
Cúrsa Roghnach – Corpoideachas – Ionchuimsitheacht, Comhtháthú agus Nuálaíocht .......... 72
B.Oid. (Bunmhúinteoireacht): Rialacháin an Chláir .......... 73
Clárú .......... 73
Scrúduithe .......... 73
Rialacha maidir le Pas a Fháil agus maidir le Dul Chun Cinn – An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge. .......... 74
Socrúchán Scoile .......... 76
Gráid .......... 77
Atrialacha/Scrúduithe Athmheasúnaithe .......... 78
Miontráchtas na Ceathrú Bliana .......... 80
An Rogha Scoir den Chúrsa Céime ag Leibhéal 7 .......... 81
Céim Bhaitsiléara (Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) .......... 81
Obair Chúrsa a Chur Isteach .......... 82
Líon na bhFocal .......... 83
Scrúdaitheoir Seachtrach .......... 83
Bradaíl .......... 84
Ginearálta .......... 84

Samplaí de Bhradaíl ..........84
Bradaíl i gComhthéacs Obair Ghrúpa..........85
Féinbhradaíl ..........85
Bradaíl a Sheachaint..........85
Treoirlínte maidir le hIonrachas  Acadúil..........86
Duaiseanna agus Gradaim ..........87
Acmhainní Acadúla ..........88
Seirbhísí Leabharlainne..........88
Uirlisí Foghlama..........88
An Oifig Oideachais..........89
Treoirlínte maidir le Cur i Láthair Tascannna Scríofa..........90
Obair Chúrsa a Chur i Láthair ..........90
Gnéithe ginearálta an chur i láthair ..........90
Nótaí maidir le hobair déanta ar an bpróiseálaí focal ..........91
Aguisíní..........91
Eolas faoi Scrúduithe a Dhéanamh ..........91
Treoirlínte maidir le Dul Siar ar Scrúduithe ..........91
Am le Dul Siar..........92
Teicnící Scrúdaithe ..........93
Straitéisí Scrúdaithe ..........93
Gnáthchritéir maidir le Meastóireacht ar Chuir i Láthair ..........96
Critéir Ghrádaithe ..........97
I- Grád Céad Onóracha (70-100%) ..........97
II.1- Dara Grád Onóracha - Uachtarach (60-69%)..........99
II.2 – Dara Grád Onóracha - Íochtarach (50-59%)..........100
III – Tríú Grád Onóracha (40-49%) ..........101

IV – Teip – (0-39%) ... 102
Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn ... 104
Seirbhís Teagascóra ... 104
Seribhísí Leighis do Mhic Léinn ... 104
An tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn ... 104
Seirbhísí do Mhic Léinn faoi Mhíchumas ... 106
Socruithe Réasúnta ... 106
Séiplíneacht ... 107
Scríbhneoireacht Mac Léinn ... 108
Seirbhís Chomhairleach Gairme ... 108
Clubanna agus Cumainn Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ... 109
Polasaithe IOM ... 109

## Nóta faoin Lámhleabhar seo

Baineann an lámhleabhar seo le gach mac léinn atá ag tabhairt faoin mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht). Tugtar treoir duit maidir leis na nithe a bhfuiltear ag súil leo uait ar an gclár seo agus maidir leis an tacaíocht acadúil agus phearsanta atá ar fáil duit. Coimeád an lámhleabhar seo mar phointe tagartha amach anseo.

Bhí an fhaisnéis atá tugtha sa lámhleabhar seo cruinn nuair a ullmhaíodh é. Tabharfar fógra do mhic léinn tríd an ríomhphost nó ar Moodle faoi aon athruithe riachtanacha a dhéanfar air.

## Tús eolais ar Institiúid Oideachais Marino

### Treoirphrionsabail

Is lárionad teagaisc, foghlama agus taighde é Institiúid Oideachais Marino faoi chomhiontaobhaíocht na Bráithre Chríostaí in Éirinn agus Choláiste na Tríonóide. Tá ár seacht dTreoirphrionsabail bunaithe ar gach gné dár dul chun cinn mar institiúid:

- Bheith éacúiméineach agus meas a léiriú ar phobal gach creideamh.
- Oideachas múinteoirí láidir a chur ar fáil.
- Tacú le misean an oideachais Chaitlicigh tríd an éiteas sin a léiriú agus trí shamhailteacha a mholadh chun é a chur i bhfeidhm.
- Cláir oideachais a chur ar fáil a spreagann agus a chumasaíonn daoine bochta agus daoine faoi mhíbhuntáiste.
- Pobal foghlama a thógáil atá bunaithe ar an duine, a léiríonn meas ar éagsúlachtaí aonair agus a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste air.
- Cabhrú le tuismitheoirí na freagrachtaí a bhaineann lena ról mar oideachasóirí a chomhlíonadh.
- Meas a léiriú orthu siúd atá ar thóir na fírinne agus a gceart dul sa tóir ar eolas nua, is cuma cén toradh a bheidh air, a chosaint.

## Eolas ginearálta faoi Institiúid Oideachais Marino

Is pobal teagaisc, foghlama agus taighde é Insitiúid Oideachais Marino (MIE) atá tiomanta don ionchuimsitheacht agus don bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Táimid bródúil as an gceangal fada atá againn leis an oideachas, go háirithe leis an oideachas tosaigh do mhúinteoirí.

In 1976, chuireamar tús le cumann le Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath agus chláraigh an chéad ghrúpa mac léinn tuata don Bhaitsiléir san Oideachas. In Iúil 2011, neartaíodh an caidreamh sin nuair a cuireadh IOM faoi chomhiontaobhacht de chuid Chuallacht na mBráithre Críostaí agus Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Sna deich mbliana deireanacha tá athrú tagtha ar mhisean acadúil agus réimse ghníomhaíochtaí IOM a chuimsíonn tuiscint níos leithne den oideachas istigh agus lasmuigh den seomra ranga, leanúntas oideachas múinteoirí mar aon le hoiliúint chleachtóirí oideachas speisialta ag leibhéal na luathbhlianta, na bunscoile agus an bhreisoideachais. Tá ceangal idir seo agus tiomantas do léann an oideachais a chuimsíonn suíomhanna oideachais neamhthraidisiúnta agus timpeallacht oideachas níos leithne i gcomhthéacs iolraíoch.

## Teachtaireacht ó Uachtarán Institiúid Oideachais Marino



A Mhac Léinn, a chara,

Thar ceann mo chomhghleacaithe, ba mhaith liom fáilte ó chroí a chur romhat go hInstitiúid Oideachais Marino (IOM). Tá an-áthas orm gur roghnaigh tú leanúint ar aghaidh le do chuid staidéar anseo in IOM. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an am a bheidh tú anseo linn.

Mar mhac léinn de chuid IOM, is ball de phobal bríomhar nuálach thú a leanann dá bhforbairt agus dá ndearadh cúrsaí nua. Tá níos mó ná 1450 mac léinn cláraithe ar ár gcúrsaí anois, lena n-áirítear:

**Bunchéimeanna:**

- Baitsiléir Eolaíochta san Oideachas Luath-Óige
- Baitsiléir san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)
- Baitsiléir Eolaíochta i Léann an Oideachais
- Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht)
- Bonnchlár Idirnáisiúnta Choláiste Tríonóide

**Iarchéimeanna:**

- Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Matamaitice Bunscoile)
- Máistreacht i Léann an Oideachais (Foghlaim agus Ceannaireacht Idirchultúrtha)

Máistreacht i Léann an Oideachais (Oideachas Luath-Óige)

- Máistreacht i Léann an Oideachais (An Fhoghlaim ar Bhonn Fiosraithe)
- Máistreacht i Léann an Oideachais (Na hAmharcealaíona)
- Máistreacht i Léann an Oideachais (Ceannaireacht Scoil Chríostaí)
- Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)
- Dioplóma Gairmiúil san Oideachas (Breisoideachas)
- Máistreacht i Léann an Oideachais (Breisoideachas)

Táimid tiomanta d'oideachas a chur ar fáil do cheannairí san aonú haois is fiche, ceannairí a bhfuil creideamh gairmiúil agus tiomantas morálta acu chun an barr feabhais, cothromas, éagsúlacht agus ceartas sóisialta a bhaint amach in ionaid agus i bpobail oideachais sa bhaile agus thar lear.

Mar institiúid oideachais, tugaimid tosaíocht i gcónaí don oideachas agus na luachanna a bhaineann leis. Threisigh an phaindéim dúinn an tábhacht a bhaineann leis an spás fisiceach sa scolaíocht, na caidrimh pearsanta agus thar aon rud eile, mhúin an taithí seo dúinn go bhfuil luach as cuimse ar chaidrimh oideachasúla ina bhfuil mic léinn agus an fhoireann araon mar chuid de dlúthphobal, bíodh sé fíor nó fíorúil, pobal ina bhfuil an chomhbhá, cumarsáid agus ceangail ann le gur féidir le cairdeas fás agus inar féidir le mic léinn teacht faoi bhláth. Neartaíomar arís an tábhacht a bhaineann le plé lenár bpiaraí, ár gcairde, ár muintir agus ár bpobail sna gníomhaíochtaí ealaíon, spóirt agus sóisialta, gach gné den saol a chuireann lenár bhforbairt iomlánaíoch. Sa chomhthéacs seo tréaslaím leat as an gcinneadh a dhéanamh do chuid staidéar a dhéanamh anseo in Institiúid Oideachais Marino. Cinnteoidh ár gcroíluachanna – aire, pobal agus tiomantas don bharr feabhais – go mbeadh tú i d'fhoghlaimeoir gníomhach agus gníomhúcháin ar an gcampas agus ar do shocrúchán speisialaithe.

Tá súil againn chomh maith go mbainfidh tú sult as na háiseanna iontacha ar an gcampas. Lonnaithe ar fhearann páirce gar do lár na cathrach le tailte fairsinge agus cúpla páirc imeartha, tá roinnt saotharlann ríomhaireachta, seomra deartha go sonrach don oideachas luath-óige, seomra ealaíne ar leith, leabharlann nua-aimseartha, halla spóirt agus ionad aclaíochta, chomh maith le bialann den scoth agus Costa Coffee chun freastail ar riachtanais gach uile dhuine ar an gcampas.

Cé go bhfuil go leor staire ag baint le hInstitiúid Oideachais Marino, teastaíonn uainn ár mic léinn a ullmhú do cibé athruithe agus dúshlán a bheidh rompu sa todhchaí.

Is féidir leat labhairt go héasca lenár léachtóirí agus tá siad tiomanta do thaithí oideachais ar ardchaighdeán a thabhairt duit. Déan teagmháil leo agus le do chomh-mhic léinn le do chuid foghlama a shaibhriú, agus chun do thuiscint a leathnú ar an aistear foghlama a bhfuil tú ag

tabhairt faoi. Tá ár seirbhísí comhairleoireachta agus séiplíneachta ar fáil chomh maith, chun lámh chúnta a thabhairt duit agus tú ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin uathúla phearsanta a bheidh le sárú agat agus tú ar d'aistear foghlama.

Táimid ag tacú go huile is go hiomlán libh.

Ní neart go cur le chéile.

Teresa O'Doherty

An tOllamh Teresa O'Doherty

Uachtarán

## Sonraí Teagmhála na Foirne*

| Ainm | Ról | Ríomhphost | Uimhir Ghutháin | Oifig |
|---|---|---|---|---|
| **Claire Dunne** | Comhordaitheoir an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge | @mie.ie | 805 7726 | M108 |
| **Mairéad Minnock**<br><br>**Richeal Ní Thiarnaigh** | Comhordaitheoir an Socrúcháin Scoile B.Oid<br><br>Léachtóir i Staidéir Ghairmiúla | Richeal.nithiarnaigh@mie.ie<br><br>Richeal.nithiarnaigh@mie.ie | | M217<br><br>M232 |
| **Deirdre Ní Mhurchú** | Riarachán don Socrúchán Scoile B.Oid | Deirdre.nimhurchu@mie.ie | 805 7743 | M13 |
| **Oifig an Chláraitheora** | | registrars@mie.ie | | M105 |
| **An Oifig Oideachais** | | educationoffice@mie.ie | | M13 |
| **Roinn na Teicneolaíochta Faisnéise** | | Logáil isteach ar www.mie.ie/helpdesk chun taifead a dhéanamh ar d'iarratas | | M100 |
| **Leabharlann** | | librarydesk@mie.ie | 805 7753 | Foirgneamh Naomh Pádraig |
| **Fáilte** | | | 805 7700 | Foirgneamh Naomh Muire |

*Do liosta iomlán sonraí teagmhála baill aonair den fhoireann, le do thoil téigh ar: https://www.mie.ie/en/about_us/staff_directory/

## Cumarsáid a dhéanamh le baill foirne agus le do chomh-mhic léinn

Ceann de na treoirphrionsbal atá againn in Institiúid Oideachais Marino ná pobal foghlama a thógáil atá duine-lárnach, a thugann meas ar dhifríochtaí aonair agus pobal a mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste air. Táthar ag súil leis go léireoidh mic léinn meas agus dínit ar gach duine a mbíonn siad ag plé leo le linn a gcuid staidéir anseo in IOM. Tá an fhreagracht ar gach mac léinn timpeallacht a chur chun cinn ina gcuirtear béim ar an éagsúlacht agus ar mheas a léiriú ar gach duine, agus caighdeán iompair a nglacfar leo a leagan amach.

Ní ghlacfar leis na hiompair seo a leanas: aon sórt íde béil/maslaí agus baisteachán; focail dhímheasúla; cáineadh leanúnach; scaipeadh ráflaí mailíseacha; cúlchaint nó claontagairt; maslaí scríofa i dteachtaireachtaí leictreonacha; iompraíocht ionsaitheach nó imeaglú fisiciúil; ag béicíl go poiblí agus/nó go príobháideach. D’fhéadfaí go n-agrófar Polasaí Dínit agus Measa MIE (Mic Léinn) mar fhreagra ar iompair mar seo. Áit a n-aithnítear bulaíocht, ciapadh nó ciapadh gnéasach, d’fhéadfaí go n-agrófar Próiseas Smachta IOM agus féadfar gníomh smachtaithe, díbirt san áireamh, a bheith mar thoradh air sin.

## Forléargas ar an gClár

## Torthaí Foghlama an Chláir

Ar chríochnú an Chláir, bronnfar céim ag Leibhéal 8 de scála Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann. Is é Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, a bhronnfaidh an chéim. Tá torthaí foghlama an chláir don chúrsa ceithre bliana Baitsiléir san Oideachas eagraithe timpeall ar chúig ról a imríonn an múinteoir: múinteoir mar chleachtóir saineolach ar thumoideachas Gaeilge, múinteoir mar bhainisteoir teagaisc, múinteoir mar dhuine chombhách agus morálta, múinteoir mar fhoghlaimeoir saineolach flaithiúil agus múinteoir mar dhuine chultúrtha agus sibhialta.

### An Múinteoir mar Chleachtóir Saineolach ar Thumoideachas Gaeilge (CSTG)

1. Inniúlacht ardleibhéil (≥C1 CEFRL) sa Ghaeilge a thaispeáint.
2. Eolas críochnúil a chur in iúl ar Thumoideachas Teanga agus sampla a thabhairt dá bhuntáistí.
3. Tuiscint theoiriciúil agus phraiticiúil a thaispeáint ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT).
4. Modheolaíochtaí, straitéisí agus acmhainní oiriúnacha a úsáid d'fhonn eolas, scileanna agus dearcthaí a chothú sna réimsí ábhar curaclaim éagsúla agus ag an am céanna inniúlacht fheabhsaithe teanga á cothú, trí FCÁT.
5. Tuiscint ar dhinimic theanga i gceantair na Gaeltachta a thaispeáint.
6. Scil a thaispeáint maidir le cineálacha cur chuige um mhúinteoireacht agus fhoghlaim dhifreáilte chun freastal ar riachtanais leanaí thar raon iomlán na gcumas foghlama agus teanga lena n-áirítear riachtanais shainiúla chainteoirí dúchasacha na Gaeilge.
7. Punann Teanga (bunaithe ar an bPunann Teanga Eorpach) a thiomsú agus a úsáid.
8. Ceachtanna Gaeilge scoite a mhúineadh, agus cothrom á bhaint amach idir gníomhaíochtaí cumarsáide agus anailíseacha, agus aiseolas ceartaitheach á sholáthar agus leideanna á n-úsáid seachas athmhúnlaí, agus scileanna litearthachta a chothú de réir an Churaclaim Teanga.
9. Straitéisí agus modheolaíochtaí oiriúnacha a úsáid chun ardchaighdeán na Gaeilge a chothú ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil i measc na ndaltaí.

## An Múinteoir mar Bhainisteoir Teagaisc (BT)

Ar chríoch rathúil an Baitsiléir san Oideachas, ba chóir go mbeadh sé ar chumas an chéimí an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Raon leathan de scileanna cumarsáide éifeachtacha agus cruthaitheacha a thaispeáint lena ndéantar idirghníomhú dearfach a éascú sa seomra ranga, le tuismitheoirí agus ar fud an phobail scoile níos leithne.
2. Riachtanais agus stíleanna foghlama a shainaithint agus a éascú sa rang iomlán, le grúpa agus le leanbh aonair.
3. Páirt a ghlacadh i bpleanáil ábhair/teanga chomhtháite do gach rang ar leibhéal na bunscoile in éagsúlacht de chomhthéacsanna.
4. Timpeallacht ranga shlán a chruthú lena dtacaítear le foghlaim dírithe ar an leanbh agus le forbairt iomlánaíoch.
5. Ábhair iomchuí a shainaithint, a thaighde, a fhoinsiú agus a mheasúnú chun tacú le teagasc agus le foghlaim sa seomra ranga.
6. A gcuid múinteoireachta féin a fhiosrú agus a hiarmhairt ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.
7. Straitéisí múinteoireachta agus bainisteoireachta iomchuí a úsáid chun foghlaim ghníomhach, dhifreáilte a éascú laistigh de thimpeallacht foghlama chuimsitheach agus spreagthach.
8. Straitéisí measúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh a shainaithint, a réadtiomnú agus a roghnú lena n-áirítear straitéisí le haghaidh inniúlacht teanga a mheasúnú.
9. Eolas iomchuí ar ábhair a thaispeáint agus a fheidhmiú ar fud réimsí uile an churaclaim agus naisc thraschuraclaim a dhéanamh.
10. Páirt a ghlacadh i smaointeoireacht chruthaitheach agus í a fheidhmiú sa teagasc agus san fhoghlaim.
11. Léirthuiscint a léiriú do ghné aeistéitiúil na foghlama agus an teagaisc agus í a chur san áireamh le cleachtas sa seomra ranga.

## An Múinteoir mar Dhuine Chomhbhách agus Morálta (DCM)

Ar chríoch rathúil an Baitsiléir san Oideachas, ba chóir go mbeadh sé ar chumas an chéimí an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Príomhlitríocht a shainaithint agus a mheasúnú i réimse an "múinteoir mar dhuine chomhbhách agus morálta" lena n-áirítear doiciméid ábhartha amhail An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011).
2. Machnamh agus taighde a dhéanamh ar a gcleachtas féin maidir lena ról mar 'mhúinteoir mar dhuine chomhbhách agus morálta.'
3. Cleachtas ionchuimsitheach a thaispeáint le híogaireacht do chultúr agus éiteas gach scoile agus é sin a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga féin.
4. Cúram iomchuí a sholáthar do gach leanbh agus a c(h)úlra sóisialta agus cultúrtha a thabhairt san áireamh.
5. Cleachtais mhúinteoireachta a bhunú lena dtacaítear le foghlam dhifreáilte agus le forbairt iomlánaíoch ar bhealach lena dtugtar meas do riachtanais, cearta agus dínit leanaí uile.
6. Gníomhú mar thacadóir thar ceann leanaí de réir mar is iomchuí.
7. Iarracht agus rath a spreagadh, a mhisniú, a aithint agus a cheiliúradh.

## An Múinteoir mar Fhoghlaimeoir Saineolach Flaithiúil (SF)

Ar chríoch rathúil an Baitsiléir san Oideachas, ba chóir go mbeadh sé ar chumas an chéimí an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cleachtais agus smaointeoireacht dhisciplíneach eiseamláireacha a léiriú atá ábhartha do bhunoideachas.
2. Gnéithe um eolas ar ábhair, ina n-áirítear eolas ar an ábhar, eolas ar ábhar oideolaíoch agus eolas ar an gcuraclam a thaispeáint maidir le litearthacht agus uimhearthacht, agus thar ábhair uile an churaclaim.
3. Réamheolas a thabhairt do leanaí uile maidir le smaointeoireacht atá sainiúil d'ábhair agus ardoird smaointeoireachta ionas go mbainfidh na leanaí uile a bpoitéinseal iomlán amach.
4. Páirt a ghlacadh i bpleanáil le haghaidh múinteoireacht dhialógach agus maidir lena cleachtadh agus measúnú.

5. Smaointeoireacht chriticiúil agus cleachtas athmhachnamhach a chur chun cinn agus páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear an cumas comhairle chuiditheach agus aiseolas ceartaitheach a iarraidh, a ghlacadh agus gníomhú a dhéanamh ina leith.
6. Páirt a ghlacadh i sonraí a bhailiú agus a anailísiú atá iomchuí do ról an mhúinteora mar thaighdeoir, agus eolas nua maidir leis an gcuraclam, oideolaíocht agus measúnú a chomhtháthú lena múinteoireacht.
7. Saineolas teoiriciúil agus praiticiúil a chomhroinnt agus comhoibriú a dhéanamh le comhghleacaithe mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil, taighde agus foghlaim ar feadh an tsaoil.
8. Doiciméid reachtúla agus polasaí a aithint agus a ghlacadh de réir mar is gá ata ábhartha dá ról agus freagrachtaí.
9. Na próisis a thuiscint trína ndéantar curaclaim a dhearadh agus a chur chun feidhme.
10. Cruthaitheacht a shainaithint agus a thacú i ndaoine eile agus smaointeoireacht chruthaitheach a chur chun cinn i gcleachtas gairmiúil.

### An Múinteoir mar Dhuine Cultúrtha agus Sibhialta (CS)

Ar chríoch rathúil an Baitsiléir san Oideachas, ba chóir go mbeadh sé ar chumas an chéimí an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtógáin féin maidir le muintearas cultúrtha agus féiniúlacht chultúrtha.
2. Iarmhairt ionchasach a bhféiniúlachta féin ar a gcleachtas ranga a cheistiú.
3. Idé-eolaíocht téacsanna mar dhéantáin chultúrtha a cheistiú.
4. Plé criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda an chultúir.
5. Plé criticiúil a dhéanamh ar acmhainn bhunathraitheach an oideachais.
6. Tiomantas gairmiúil a thaispeáint do ról na saoránachta agus an tsaoránaigh mhaith a fhorbairt/a chothú.
7. Tiomantas a thaispeáint don daonlathas, comhionannas agus ceartas sóisialta ina gcuid múinteoireachta.

## Seachadadh an Chláir

Tabharfar an clár ar champas IOM thar ceithre bliana acadúla. Tá ualú iomlán creidmheasa de 240 creidmheas ECTS ar an gclár, an Socrúchán Scoile san áireamh. Tabharfar an clár trí chur chuige chumaisc idir léachtaí agus ceardlanna aghaidh ar aghaidh go príomhúil mar aon le roinnt ranganna ar líne.

Éascófar ábhar ar líne trí Moodle, timpeallacht fhíorúil foghlama (TFF) a úsáidtear chun tacú le teagasc agus foghlaim ar an gclár seo. Cuirfear ábhair uile an chláir sa TFF seo agus úsáidtear í chomh maith chun rannpháirtithe a chur ar an eolas maidir le gnéithe den chláir. Cuirfear breis ábhair léachtóireachta anseo mar aon le na ranganna aghaidh ar aghaidh. Úsáidfear Moodle mar fhóram plé agus rannpháirtíochta go haisioncronach agus go sioncronach.

## Cur síos ar an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)

Is é ECTS an Córas Eorpach Aistriú agus Cnuasach Creidiúna. Tugann sé bealach inar féidir modúil fochéime agus iarchéime agus cláir fochéime agus iarchéime a chur i gcomparáid lena chéile, agus a chreidiúnú ar fud an Aontais Eorpaigh agus i dtíortha rannpháirteacha eile. Is é atá in ualú ECTS d'aon mhodúl ná meastachán ar an ualach oibre a bheidh ar an mac léinn don mhodúl sin. Tá sé bunaithe ar thosca amhail líon na n-uaireanta teagmhála, líon agus fad na gcleachtaí measúnaithe a chuirfear i láthair i scríbhinn nó ó bhéal, an t-am ullmhúcháin ranga agus an t-am staidéir phríobháidigh, ranganna saotharlainne, scrúduithe, socrúcháin scoile agus aon nithe eile atá cuí. Níl aon chaidreamh bunúsach ann idir líon na gcreidiúintí a ghabhann le modúl agus leibhéal deacrachta an mhodúil.

I gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sainmhínítear 1 aonad ECTS mar rud a gcuirfidh an mac léinn 20 uair go 25 huaire isteach ann. Mar sin, is gnách go n-éileoidh modúl 5 chreidiúint 100 uair go 125 huaire d'am an mhic léinn, lena n-áirítear am teagmhála ranga agus measúnuithe. Éileoidh modúl 10 gcreidiúint 200 uair go 250 uair d'am an mhic léinn. Is iad 60 creidiúint an gnáthlíon creidiúintí a bhronntar san Eoraip i leith staidéar lánaimseartha thar bhliain acadúil amháin. Bronnfar 240 creidiúint ar mhac léinn a chríochnaíonn clár an Bhaitsiléara san Oideachas go rathúil.

Ní bhronnfar creidiúintí ECTS ar mhac léinn ach amháin tar éis dó/di bliain an chláir a chríochnú go rathúil. Is le rialacháin an chláir a chinnfear an dul chun cinn ó bhliain amháin go dtí an chéad cheann eile. Maidir le mic léinn a fhaigheann teip i mbliain dá gclár, ní bhfaighidh siad aon chreidiúint don bhliain sin, fiú amháin i gcás go bhfuair siad pas i gcomhpháirteanna áirithe den chlár.

## Deiseanna Soghluaiseachta Erasmus+ /Idirnáisiúnta

Is féidir le mac léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge tabhairt faoi shoghluaiseacht Erasmus+ i rith an tríú bliain (an chéad téarma). Tá deiseanna eile soghluaiseachta ar fáil tríd an gclár Eilbhéise SEMP, inar féidir le mac léinn maoiniú a fháil chun staidéar a dhéanamh in Zurich. Má tá suim agat seimeastar a dhéanamh thar lear, ní mór teagmháil a dhéanamh le erasmus@mie.ie do thuilleadh eolais.

## Socrúchán Scoile[1]

Tá an Socrúchán Scoile ina ghné riachtanach ríthábhachtach de chlár ceithre bliana an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Tugann sé deis don mhúinteoir faoi oiliúint breathnú ar an dea-chleachtas agus an teoiric agus an t-ábhar a ndearnadh staidéar orthu sna réimsí curaclaim difriúla agus iad a chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Tacaíonn roinnt modúl leis an Socrúchán Scoile. Sna modúil sin, cuirtear mic léinn ar an eolas faoi riachtanais ullmhúcháin agus dírítear a n-aird ar straitéisí sonracha le haghaidh breathnóireacht scoile, bainisteoireacht ranga, comhtháthaithe agus príomhscileanna agus príomhinniúlachtaí teagaisc.

Soláthrófar eispéiris éagsúla socrúcháin scoile do mhic léinn le linn cheithre bliana an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge. Is í an aidhm ná go mbeidh deis ag gach mac léinn gabháil do shocrúcháin scoile i scoileanna uirbeacha agus scoileanna tuaithe, i scoileanna aonghnéis agus scoileanna comhoideachais, i suíomhanna ilghráid agus suíomhanna ranga aonair, i scoileanna DEIS, i nGaelscoileanna agus i Scoileanna Gaeltachta. Gabhfaidh gach mac léinn do shocrúchán Oideachais Speisialta agus Taithí Scoile/Socrúchán

[1] Tugtar lámhleabhar Socrúcháin Scoile ar leith do mhic léinn le tuilleadh mioneolais maidir leis an socrúchán scoile.

Malartach sa dara bliain dá gclár freisin. Tabharfaidh sé sin deis do mhúinteoirí faoi oiliúint taithí a fháil ar shaol na scoile i gcomhthéacsanna éagsúla.

### Tinreamh ar Shocrúchán Scoile

Aithníonn Institiúid Oideachais Marino an ról tábhachtach a imríonn scoileanna a ligeann do mhic léinn na hinstitiúide socrúchán scoile a dhéanamh. Nuair a gheallann mac léinn go ndéanfaidh siad socrúchán áirithe i scoil, cuirtear trioblóid ar an scoil sin má bhíonn an mac léinn as láthair i rith an tsocrúcháin sin. Mar sin, nuair a thosaíonn mac léinn aon tréimhse socrúcháin scoile – an socrúchán scoile i suíomh oideachais speisialta, socrúcháin mheasúnaithe agus neamhmheasúnaithe agus breathnóireacht seomra ranga san áireamh - tá lántinreamh foirfe de dhíth. Toisc gur scrúdú é an Socrúchán Scoile, níl aon eisceachtaí féideartha gan ceadúnas scríofa ó Chomhordaitheoir an tSocrúcháin Scoile roimh thús an tsocrúcháin.

Más rud é go mbíonn tinneas tógálach ar mhac léinn nó go bhfuil sé/sí róthinn le freastal ar scoil, ní mór fógra a thabhairt don scoil, don teagascóir socrúcháin agus don oifig socrúchán scoile san institiúid an tráthnóna roimhe sin nó, in imthosca eisceachtúla, roimh 8 r.n. ar mhaidin na hasláithreachta.  Sa chás go mbíonn níos mó ná dhá asláithreacht ag mac léinn, ní mór dóibh deimhniú dochtúra a thabhairt don Institiúid laistigh de sheachtain amháin ó dháta na hasláithreachta. Maidir le haon am a chailltear de bharr asláithreachta a bhfuil teastas dochtúra ag gabháil léi, déanfar cúiteamh ar na laethanta aslaithreachta ag an am cuí. I gcás go gcailleann mac léinn ceithre lá den socrúchán, bíodh ceithre lá i ndiaidh a chéile nó ceithre lá ar  an iomlán ann, ní mór dóibh an socrúchán a chur siar. Más rud é nach gcloítear leis an mbeartas sin, meastar nach bhfuil an mac léinn i láthair ag an scrúdú ar socrúchán scoile é agus tugtar scór nialasach don mhac léinn i leith an tsocrúcháin sin ar fad.

### Socrúchán Scoile sa Chéad Bhliain

Sa Chéad Bhliain, gabhann mic léinn don bhreathnóireacht agus foghlaimíonn siad faoi na freagrachtaí tosaigh a bhíonn orthu i leith na pleanála agus an teagaisc. Spreagtar do mhic léinn a bheith ina "gcleachtóirí machnamhacha" le linn an tsocrúcháin. Chun tacú leo é sin a dhéanamh, ceanglaítear ar mhic léinn dialann phearsanta a choinneáil ina gcuireann siad a gcuid eolais i bhfeidhm maidir lena mbreathnóireacht agus ina ndoiciméadaíonn siad a n-eispéireas ar an socrúchán. Tugann mic léinn sa chéad bhliain faoi shocrúchán

chomhmhúinteoireachta/páirtithe agus bítear ag súil leis go ndéanann mic léinn líon beag ceachtanna, dhá cheann gach lá, a ullmhú, a theagasc agus a mheas. Nuair nach mbíonn siad ag teagasc, bítear ag súil leis go n-imríonn mic léinn ról gníomhach i dtacú le foghlaim daltaí sa seomra ranga agus roinnt tascanna breathnóireachta struchtúrtha a chur i gcrích. Ullmhaíonn mic léinn acmhainní cuí agus taispeántais chuí chun foghlaim daltaí a fheabhsú agus úsáideann siad raon oiriúnach straitéisí le haghaidh daltaí a inspreagadh agus a bhainistiú ar bhealach dearfach.

Cuimsíonn an socrúchán scoile dhá chomhpháirt sa Chéad Bhliain: Taithí Scoile agus Socrúchán Scoile. Bíonn sraith laethanta breathnóireachta sa dara seimeastar i gceist le Taithí Scoile an dara seimeastair. Ceanglaítear ar mhic léinn tascanna breathnóireachta struchtúrtha a chur i gcrích, a bhíonn nasctha leis na cláir a theagascann siad sa rang ina gcuireann siad a Socrúchán Scoile measúnaithe i gcrích. Is thar thréimhse trí seachtaine sa dara seimeastar a reáchtáiltear an socrúchán scoile a ndéantar measúnú foirmiúil air. Déanann mic léinn na Chéad Bhliana a socrúchán i scoileanna i mBaile Átha Cliath a eagraíonn an Institiúid dóibh. Ní mór do mhic léinn obair le múinteoirí óstacha a bhfuil an tréimhse phromhaidh iomlán curtha isteach acuagus ní cheadaítear dóibh obair i rang ina bhfuil ball teaghlaigh leo. Ceanglaítear ar mhic léinn socrúchán iomlán a chur isteach agus aon laethanta a chailleann siad – le linn chomhpháirt na taithí scoile agus le linn thréimhse an tsocrúcháin scoile a ndéantar measúnú foirmiúil air araon – a chúiteamh.

Is de chineál múnlaitheach agus suimitheach araon a bhíonn an measúnú a dhéantar ar an Socrúchán Scoile sa Chéad Bhliain.

Faigheann mic léinn aiseolas múnlaitheach ó na múinteoirí a bhreathnaíonn ar a gcuid ceachtanna á múineadh agus tugann na múinteoirí sin treoir dóibh maidir leis na feabhsuithe is féidir leo a dhéanamh. Faigheann mic léinn aiseolas múnlaitheach óna dteagascóir socrúcháin scoile Institiúide Ardoideachais (HEI) freisin. Faigheann siad an t-aiseolas sin i bhfoirm dhúbailte i scríbhinn ina dtugtar treoir maidir le réimsí inar féidir leo feabhsuithe a dhéanamh.

Déantar measúnú ar an Socrúchán Scoile faoi dhá réimse – Ullmhúchán don Teagasc agus Teagasc agus Foghlaim. Ní mór don mhac léinn pas a fháil sa dá réimse ar leithligh óna chéile ionas go n-éireoidh leis/léi sa chlár. Ní cheadaítear aon chúiteamh sa Socrúchán Scoile.

Déantar Pleanáil agus Ullmhúchán/Ullmhúchán don Teagasc a mheasúnú faoi na príomhréimsí a leanas: Cuspóirí, Eolais ar ábhair an churaclaim, Modheolaíocht, Struchtúr an Cheachta, Meastóireacht agus Athmhachnamh, agus Acmhainní. Déantar an chomphháirt Teagasc agus Foghlaim a mheasúnú faoi na príomhréimsí a leanas: Cumarsáid, Cáilíocht an Teagaisc, Eispéireas Foghlama an Pháiste, Bainisteoireacht agus Eagrú Ranga, agus Measúnú ar Dhul chun Cinn san Fhoghlaim.

### An Socruchán Scoile sna Blianta ina dhiaidh sin

Sna blianta ina dhiaidh sin leathnaítear na riachtanais Socrúcháin Scoile. Sa Cheathrú Bliain déanann gach mac léinn Ardsocrúchán Scoile (deich seachtaine) i scoil Ghaeltachta. Tá tuilleadh sonraí le fáil i sonraíochtaí na modúl sa lámhleabhar seo agus soláthraíonn an Roinn Socrúchán Scoile faisnéis mhionsonraithe go díreach do mhic léinn.

### An Socrúchán Scoile i nGach Bliain

De bharr nádúr criticiúil an tsocrúcháin do dhaltaí bunscoile agus de bharr cheanglais na Comhairle Múinteoireachta, ní féidir ach deis amháin a thairiscint do mhic léinn chun socrúchán scoile a athdhéanamh in aon bhliain ar leith den chlár. Más rud é go dteipeann ar an mac léinn san athshocrúchán, ní cheadaítear aon athshocrúchán eile agus bíonn ar an mac léinn an clár a fhágáil.

Ar mhaithe le hoibriú rianúil gairmiúil an tSocrúcháin Scoile a chinntiú do na páirtithe uile, tá sé ríthábhachtach go gcomhlíontar nósanna imeachta agus spriocdhátaí. Aon mhic léinn nach gcloíonn le spriocdhátaí socrúcháin scoile nó nach seolann foirmeacha socrúcháin scoile ar ais faoi na spriocdhátaí sannta, is féidir nach dtugtar cead dóibh a Socrúchán Scoile a chríochnú an bhliain sin. Bíonn ar mhic léinn an socrúchán, idir shocrúchán san oideachas príomhshrutha agus shocrúchán san oideachas speisialta, a chríochnú an bhliain dár gcionn agus chun na riachtanais Socrúcháin Scoile a chomhlíonadh, agus bíonn orthu an bhliain a iarchur nó stádas "as na leabhair" ("off books") a bheith acu.

### Comhlachas Gairmiúil/Sonraí Clárúcháin

Comhlíonann an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge na riachtanais phroifisiúnta atá i rialachán a dó (bunoideachas) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta, 2009. Tá tuilleadh faisnéise faoi chlárú leis an gComhairle ar fáil ó www.teachingcouncil.ie. Faoi

chiorclán 40/2010 ón Roinn Oideachais agus Scileanna, tá iarchéimithe ón mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge cáilithe do cheapachán i mbunscoileanna aitheanta.

### Cumhdach Leanaí

Tugtar tosaíocht do chumhdach leanaí agus daoine soghonta in IOM. Ní mór do gach mac léinn agus gach ball foirne glacadh le polasaithe cumhdaigh na hInstitiúide, atá ar fáil ar shuíomh IOM. Ní mór do ghach ball foirne agus gach mac léinn Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a dhéanamh chomh maith le clár ríomhfhoghlama Cumhdach TUSLA. Ní ceadaítear d’aon mhac léinn nó d’aon bhall foirne obair le páistí nó daoine soghonta bíodh siad ar an gcampas (m.sh taighde/tionscnaimh for-rochtana) nó as an gcampas (m.sh socrúchán) mura bhfuil Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána agus an traenáil cumhdaigh araon déanta acu.

Is féidir aon cheist maidir le cumhdach a sheoladh chuig an Teagmhálaí Ainmnithe, an Dr Julie Uí Choistealbha ag Julie.uichoistealbha@mie.ie

Is féidir an Polasaí Chumhdach Leanaí a léamh anseo

Is féidir an Polasaí Cumhdaigh Daoine Soghonta a léamh anseo

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Roimh pháirt a ghlacadh in aon chomhpháirt den Socrúchán Scoile, ní mór do mhic léinn próiseas ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chríochnú. Mura gcríochnaíonn mac léinn an próiseas grinnfhiosrúcháin, sin mura dtugann siad na foirmeacha ar ais in am nó mura gcomhlíonann siad an chomhpáirt ar líne den phróiseas, d'fhéadfaí iarmhairt/tionchar a bheith aige seo ar shocrúchán scoile an mhic léinn. Dá réir sin, is féidir grád teip a thabhairt i leith an tsocrúcháin scoile sin. Tá an dualgas ar an mac léinn a chinntiú go ndéantar grinnfhiosrúchán rathúil orthu agus freagra a thabhairt ar aon teachtaireacht a fhaigheann siad ó Oifig an Chláraitheora nó ó Oifig an tSocrúcháin Scoile maidir leis an nGrinnfhiosrúchán. Ní mór dóibh freisin teagmháil a dhéanamh leis an oifig chuí (m.sh. Oifig an Chláraitheora) má bhíonn moill ar bith nó má bhíonn ceist faoin bpróiseas grinnfhiosrúcháin.

## Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht

Caithfidh gach mac léinn freastal go sásúil ar dhá chúrsa Ghaeltachta i rith na céime. Tugtar na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht ar na cúrsaí sin. Is i rith na bliana acadúla (ach amháin ar chúiseanna fíoreisceachtúla) a bhíonn na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht – ar feadh coicíse um Cháisc sa Chéad Bhliain den chéim agus ar feadh coicíse arís um Cháisc sa Dara Bliain den chéim.

## Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge - Forléargas ar an gClár

| Bloc | Dath |
|---|---|
| Socrúchán Scoile | |
| Bonnstaidéar | |
| Staidéir Ghairmiúla | |
| Lánroghnach | |

| B.Oid (Bliain 1) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Téarma 1 | | | Téarma 2 | | |
| Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS | Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS |
| BO8107 | Béarla (Teanga, Litearthacht & Litríocht) 1<br>Gaeilge (Teanga, Litearthacht & Litríocht) ) 1 | 2.5<br>2.5 | B08101 | Socrúchán Scoile 1 | 5 |
| | | | B08101 | Socrúchán Scoile 1 | 5 |
| BO8110 | Teagasc & Foghlaim 1 (Garchleachtas 1) | 5 | BO8102 | Múineadh an Bhéarla<br>Múineadh na Gaeilge | 2.5<br>2.5 |
| BO8105 | OSIE<br>Múineadh na Matamaitice | 2.5<br>2.5 | BO811 | Oideachas Reiligúnach | 5 |

| B.Oid (Bliain 1) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | | | **Téarma 2** | | |
| **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** | **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** |
| BO8108 | An tSíceolaíocht san Oideachas | 5 | BO8104 | Na hAmharcealaíona & na hEalaíona | 5 |
| BO8109 | Tuiscint Stairiúil ar an Oideachas | 5 | BO8103 | Corpoideachas/<br>OSPS | 2.5<br>2.5 |
| BO8113 | Léann an Chomhionannais | 5 | BO8101 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS |
| BO8101 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS | | | |
| | Léitheoireacht & Scríbhneoireacht Acadúil/Sóisialú i nGaeilge | N/A | | Léitheoireacht & Scríbhneoireacht Acadúil/Sóisialú i nGaeilge | N/A |

| B.Oid. (Bliain 2) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | | | **Téarma 2** | | |
| **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** | **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** |
| BO8202 | Ionchuimsitheacht & Riachtanais Oideachais Speisialta 1 | 5 | BO8216 | Socrúchán Scoile 2 | 5 |
| | | | BO8216 | Socrúchán Scoile 2 | 5 |
| BO8211 | Corpoideachas/ OSPS | 2.5 2.5 | BO8219 | Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha & Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe | 5 |
| BO8207 | Drámaíocht & na hEalaíona | 5 | BO8218 | Múineadh an Bhéarla/ Múineadh na Gaeilge | 2.5 2.5 |
| BO8204 | English LLL/ Gaeilge LLL | 2.5 2.5 | BO8215 | OSIE/ Múineadh na Matamaitice | 2.5 2.5 |
| BO8203 | Curaclam & Measúnú/Síceolaíocht | 5 | BO8217 | Ionchuimsitheacht & Riachtanais Oideachais Speisialta 2 | 5 |
| BO8201 | Léann Teanga | 5 | BO8216 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS |

| B.Oid. (Bliain 2) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Téarma 1 | | | Téarma 2 | | |
| Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS | Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS |
| BO8216 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS | | | |

| B.Oid. (Bliain 3) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Téarma 1 | | | Téarma 2 | | |
| Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS | Cód an Mhodúil | Ainm an Mhodúil | ECTS |
| ED8318 | Literacy Education (English) | 5 | BO8301 | Socrúchán Scoile III | 5 |
| BO8302 | Ceol & na hEalaíona | 5 | BO8301 | Socrúchán Scoile III | 5 |
| BO8304 | Matamaitic | 5 | BO8310 | Socheolaíocht & Sochtheangeolaíocht | 5 |
| BO8306 | Oideachas Luathóige | 5 | BO8305 | OSIE/<br>Múineadh na Matamaitice | 2.5<br>2.5 |

| B.Oid. (Bliain 3) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | | | **Téarma 2** | | |
| **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** | **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** |
| BO8307 | Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge don Scoil agus don Phobal/Cumas Cumarsáide sa Bhéarla | 5 | BO8320 | Modhanna Taighde | 5 |
| BO8308 | Teagasc & Foghlaim 2/<br>Bainisteoireacht Iompair | 2.5<br>2.5 | BO8303 | Múineadh an Bhéarla/<br>Múineadh na Gaeilge | 2.5<br>2.5 |
| BO8301 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS | BO8301 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS |
| | Teastas Oid. Reil. | N/A | | Teastas Oid. Reil. | N/A |
| | Teastas Oid. Reil. | N/A | | Teastas Oid. Reil. | N/A |
| | Léitheoireacht & Scríbhneoireacht Acadúil | N/A | | Léitheoireacht & Scríbhneoireacht Acadúil | N/A |

| B.Oid. (Bliain 4) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | | | **Téarma 2** | | |
| **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** | **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** |
| BO8415 | OSIE - Fiosrú san Eolaíocht | 5 | BO8401 | Ardsocrúchán Scoile | 5 |
| BO8404 | An Múinteoir mar Ghairmí Eolach - Matamaitic | 5 | BO8401 | Ardsocrúchán Scoile | 5 |
| BO8405 | Tuiscintí Fealsúnacha & Stairiúla | 5 | BO8401 | Ardsocrúchán Scoile | 5 |
| BO8402 | Modhanna Taighde/Tráchtas | 10 | BO8401 | Ardsocrúchán Scoile | 5 |
| | Cúrsa Roghnach* | 5 | BO8401 | Ardsocrúchán Scoile | 5 |
| BO8401 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS | BO8402 | Modhanna Taighde/Tráchtas | 5 |
| | | | BO8401 | Staidéir Ghairmiúla (Soc. Sc.) | SS |
| | Teastas Ilchreidmheach | N/A | | | |

| *Cúrsa Roghnach[2] | | |
|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil** | **Ainm an Mhodúil** | **ECTS** |
| **BO8410** | Spás chun Fás – Gairdíní Scoile, Foghlaim Lasmuigh agus Oiddeachas le hAghaidh Inbuanaitheachta | 5 |
| **BO8413** | Ag Tacú le Foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu ingach suíomh scoile | 5 |
| **BO8416** | Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha | 5 |
| **BO8418** | Corpoideachas – Ionchuimsitheacht, Comhtháthú agus Nuálaíocht | 5 |

[2] Ní fhéadhfaidh gach cúrsa roghnach a bheith ar fail in aon bhliain ar leith

| B.Oid. 1 | | | |
|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | **ECTS** | **Téarma 2** | **ECTS** |
| Béarla (Teanga, Litearthacht & Litríocht) 1<br>Gaeilge (Teanga, Litearthacht & Litríocht) 1 | 5 | Socrúchán Scoile (Staidéir Ghairmiúla san áireamh) | 10 |
| Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas 1) | 5 | Múineadh na Gaeilge & Múineadh an Bhéarla | 5 |
| Múineadh na Matamaitice/OSIE | 5 | Oideachas Reiligiúnach | 5 |
| Síceolaíocht | 5 | Na hAmharcealaíona & na hEalaíona | 5 |
| Tuiscintí Stairiúla ar an Oideachas 1 | 5 | Corpoideachas/OSPS | 5 |
| Léann an Chomhionannais | 5 | | |
| Staidéir Ghairmúla (SS) | - | | |
| **Iomlán ECTS do Théarma** | 30 | | 30 |

| B.Oid. 2 | | | |
|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | ECTS | **Téarma 2** | ECTS |
| Ionchuimsitheacht & Riachtanais Oid Speisialta 1 | 5 | Socrúchán Scoile (Staidéir Ghairmiúla san áireamh) | 10 |
| Corpoideachas/OSPS | 5 | Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha & Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe | 5 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Drámaíocht & na hEalaíona | 5 | Múineadh an Bhéarla agus Múineadh na Gaeilge | 5 |
| English/Gaeilge (LLL2) | 5 | Múineadh na Matamaitice/OSIE | 5 |
| Curaclam & Measúnú/ Síceolaíocht | 5 | Ionchuimsitheacht & Riachtanais Oid. Speisialta 2 | 5 |
| Léann Teanga | 5 | | |
| Staidéir Ghairmúla (SS) | - | | |
| **Iomlán ECTS do Théarma** | 30 | | 30 |

| **B.Oid. 3** | | | |
|---|---|---|---|
| **Téarma 1** | **ECTS** | **Téarma 2** | **ECTS** |
| Literacy Education (English) | 5 | Socrúchán Scoile (Staidéir Ghairmiúla san áireamh) | 10 |
| Ceol & na hEalaíona | 5 | Socheolaíocht | 5 |
| Matamaitic | 5 | Múineadh na Matamaitice/OSIE | 5 |
| Oideachas Luathóige | 5 | Modhanna Taighde | 5 |
| Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge don Scoil agus don Phobal/Cumas Cumarsáide sa Bhéarla | 5 | English Methods/Múineadh na Gaeilge | 5 |
| Teagasc & Foghlaim 2/ Bainisteoireacht Iompair | 5 | | |
| Staidéir Ghairmúla (SS) | - | | |

| **Iomlán ECTS do Théarma** | 30 | | 30 |
|---|---|---|---|

| **B.Oid. 4** | | | |
|---|---|---|---|
| **Téarma 2** | **ECTS** | **Téarma 2** | **ECTS** |
| Modhanna Taighde/Tráchtas | 10 | Ardsocrúchán Scoile | 25 |
| An Múinteoir mar Ghairmí Eolach - Matamaitic | 5 | Modhanna Taighde/Tráchtas | 5 |
| Cúrsa Roghnach | 5 | | |
| Tuiscintí Fealsúnacha & Stairiúla | 5 | | |
| OSIE (Eolaíocht) | 5 | | |
| Teastas sna Curaclaim Ilchreidmheacha agus Eitice | | | |
| **Iomlán ECTS do Théarma** | 30 | | 30 |

## B.Oid. Eolais faoi Mhodúil

### B.Oid. – Bliain 1

### Seimeastar 1

<table>
<tr><td>Teideal an Mhodúil:</td><td colspan="4">Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile)</td></tr>
<tr><td>Cód an Mhodúil:</td><td>BO8101</td><td>ECTS: 10</td><td>Cineál Modúil</td><td>Lárnach</td></tr>
<tr><td colspan="5">Sonraíocht an Mhodúil</td></tr>
<tr><td colspan="5">Díríonn an modúl ‘Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile)’ ar inniúlacht ghinearálta na mac léinn múineadh go héifeachtach sa seomra ranga a fhorbairt. Mínítear agus múnlaítear dóibh scileanna teagaisc, mar shampla, spreagadh, plé, míniú agus ceistiú, chomh maith le bainisteoireacht ranga. Mínítear an tábhacht a bhaineann le hacmhainní spreagúla, le taispeántais d’obair na bpáistí, le difreálú, le measúnú agus le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Gné thábhachtach den mhodúl is ea an bhreathnóireacht a dhéanann na mic léinn sula dtosaíonn siad ag múineadh den chéad uair. Léirítear do na mic léinn conas tabhairt faoi phleanáil ghearrthréimhseach .i. conas ceachtanna a scríobh. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cuspóirí sainiúla réalaíocha a dhíríonn ar fhoghlaim na bpáistí. Léirítear do na mic léinn conas tús a chur le ceacht, conas ceacht a fhorbairt agus conas clabhsúr a chur le ceacht. Tá dlúthcheangal idir an modúl seo agus an modúl, ‘Teagasc agus Foghlaim (Garchleachtas)’.</td></tr>
<tr><td>Nasc chuig an modúl iomlán:</td><td colspan="4">Course: BO8101 B.Oideachais 1 Staidéir Ghairmiúla (learnonline.ie)</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Teideal an Mhodúil:</td><td colspan="4">Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) & Múineadh na Matamaitice</td></tr>
<tr><td>Cód an Mhodúil:</td><td>BO8105</td><td>ECTS: 5</td><td>Cineál Modúil</td><td>Lárnach</td></tr>
</table>

| Sonraíocht an Mhodúil | |
|---|---|
| Sa ghné 'Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)' den mhodúl déantar iniúchadh ar mhodheolaíochtaí mhúineadh na Staire, na Tíreolaíochta agus na hEolaíochta. Dírítear ar thaithí phraiticiúil a sholáthróidh na scileanna a chuirfidh ar chumas na mac léinn na hábhair sin a mhúineadh mar mhúinteoirí i suíomhanna éagsúla seomra ranga. Dírítear ar chomhtháthú agus ar phleanáil, go háirithe do na meánranganna.<br><br>I Múineadh na Matamaitice, cuirtear béim ar thuiscint choincheapúil, ar ábhair choincréiteacha, ar na páistí a bheith gníomhach ina bhfoghlaim féin agus ar réiteach fadhbanna. Bíonn seisiúin cheardlainne ann agus dírítear ar dhifreálú, ar phleanáil agus ar mheasúnú, go háirithe do na meánranganna.<br><br>I gcomhthéacs an dá ábhar thuas míneofar agus léireofar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8105 B.Oideachais 1 Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (learnonline.ie)] |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Language, Literature and Literacy 1 (English)** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8107 | **ECTS:** 2.5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| In the Language, Literature and Literacy 1 (English) component of the module, the students are introduced to a range of literary genres, and are given guidance and direction on literary criticism. Their ability to write accurately, fluently, originally and creatively is enhanced. They receive input on various aspects of literacy, for example, phonics, syntax, semantics etc. | | | | |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | English Language, Literacy and Literature: Course: BO8107 B.Oideachais 1 English (Language, Literacy and Literature) (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Gaeilge** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8107 | **ECTS:** 2.5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné den mhodúl a bhaineann le 'Gaeilge', tógtar na mic léinn ón leibhéal iontrála atá acu (B1 ar a laghad i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) agus spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus as Leibhéal B2 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana. Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go gcuirtear lena gcumas sna gnéithe seo a leanas: labhairt (líofacht, cruinneas, stór focal, foghraíocht), cluastuiscint, léitheoireacht, cumas léirmheastóireachta ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge, cumas scríbhneoireachta. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Gaeilge Léamh agus Litríocht: Course: B.Oideachais 1 Gaeilge : Léamh agus Litríocht (learnonline.ie) | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Síceolaíocht an Oideachais** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8108 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Cuireann an modúl seo bonn ar fáil do mhic léinn chun modhanna bunúsacha na smaointeoireachta síceolaíche a thuiscint. Déantar príomhscoileanna síceolaíochta agus | | | | |

| |
|---|
| obair shíceolaithe mar Piaget agus Vygotsky a iniúchadh. Dírítear ar an luathfhorbairt agus ar na bealaí ina bhfoghlaimíonn páistí. Déantar cur chuige criticiúil anailíseach a chothú agus bítear ag súil leis go ndéanfaidh sé sin an cleachtas mar mhúinteoir a fheabhsú agus go rachaidh sé i bhfeidhm ar chleachtas laethúil an teagaisc. |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8108 B.Oideachais 1 Síceolaíocht san Oideachas (learnonline.ie)] |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Tuiscint Stairiúil ar an Oideachas** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8109 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl, 'Tuiscintí Stairiúla ar an Oideachas' foghlaimíonn na mic léinn faoi stair an oideachais in Éirinn i gcoitinne (iarrachtaí tosaigh Rialtas na Breataine, na scoileanna scairte, bunú na scoileanna náisiúnta, an córas oideachais agus na heaglaisí, an stát agus na heaglaisí, an náisiúnachas cultúrtha, na hathruithe a tháinig le bunú an Stáit, athruithe curaclaim). Foghlaimíonn na mic léinn freisin faoi stair an Ghaeloideachais in Éirinn, faoi Ghaeilge a bheith á múineadh tar éis ghnáthuaireanta scoile sna 1800í, faoi ranganna Chonradh na Gaeilge, faoi Eoghan Ó Gramhnaigh agus faoi Phádraig Mac Piarais, agus Luíse Gabhánach Ní Dhufaigh faoi na Coláistí Ullmhúcháin agus faoi choláistí oideachais. Foghlaimeoidh na mic léinn freisin faoin mborradh faoin oideachas Lán-Ghaeilge ó na 1970í ar aghaidh agus faoi pholasaithe an rialtais i leith na hearnála oideachais Lán-Ghaeilge. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8109 B.Oideachais 1 Tuiscintí Stairiúla ar Oideachas (learnonline.ie)] | | | |

| | |
|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Teagasc agus Foghlaim 1 (Garchleachtas)** |

| Cód an Mhodúil: | BO8110 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
|---|---|---|---|---|
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl 'Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas)' faigheann na mic léinn taithí ar a bheith ag múineadh os comhair a chéile. Go minic is i suíomh seomra ranga a bhíonn siad agus páistí os a gcomhair. Amanna eile is ag múineadh a chéile a bhíonn na mic léinn. Insíonn siad scéalta, bíonn siad ag míniú agus déanann siad éascaíocht ar phlé ranga. Tar éis do na mic léinn a bheith 'ag múineadh' déanann siad meastóireacht mheasúil ar a chéile. Is iad na seisiúin 'Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas)' an chéad taithí a fhaigheann na mic léinn ar a bheith ag múineadh, cothaíonn an taithí sin féinmhuinín agus is cuid den ullmhúchán é dá gcéad Socrúchán Scoile. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8110 B.Oideachais 1 Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas 1) (learnonline.ie) | | | |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Léann an Chomhionannais** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8113 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Tá dhá ghné sa mhodúl 'Léann an Chomhionannais' .i. 'Tumoideachas' agus 'Ionchuimsitheacht'. Sa ghné 'Tumoideachas' foghlaimíonn na mic léinn faoin tumoideachas agus faoin luath-thumoideachas a chuirtear i bhfeidhm i mbunscoileanna Gaeltachta agus i scoileanna Lán-Ghaeilge. Déantar iniúchadh ar an earnáil oideachais Lán-Ghaeilge i gcoitinne, ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas agus ar a mbíonn i gceist nuair a bhíonn ábhair uile an Churaclaim (seachas Béarla) á múineadh trí Ghaeilge .i. Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Sa ghné 'Ionchuimsitheacht' den mhodúl, foghlaimíonn na mic léinn faoi bhealaí inar féidir timpeallacht seomra ranga ionchuimsitheach a eagrú ina léirítear meas ar gach cultúr i | | | | |

| | |
|---|---|
| gcomhthéacs idirchultúrtha. San iniúchadh ar an ionchuimsitheacht dírítear freisin ar an míchumas, ar chúrsaí creidimh agus ar éagsúlacht i gcúlraí páistí agus tuismitheoirí. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8113 B.Oideachais 1 Léann an Chomhionannais (learnonline.ie) |

## Seimeastar 2

| **Teideal an Mhodúil:** | **Múineadh na Gaeilge & English Methods** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8102 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné den mhodúl, 'Múineadh na Gaeilge', forbraítear tuiscint agus scileanna na mac léinn maidir leis an nGaeilge a mhúineadh mar ábhar i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna Lán-Ghaeilge. Dírítear go háirithe ar mhúineadh na Gaeilge sna meánranganna. Cuireann na mic léinn eolas ar an gCuraclam Teanga (2019) agus ar an gceangal atá idir múineadh na Gaeilge agus múineadh an Bhéarla. Foghlaimíonn na mic léinn faoi Chur Chuige Cumarsáideach, faoi na tréimhsí i gceacht cumarsáideach, faoi na snáitheanna (Ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht) agus múnlaítear dóibh modhanna múinte agus straitéisí éagsúla chun Gaeilge a mhúineadh. Foghlaimíonn siad freisin faoin tábhacht a bhaineann le taitneamh, le cluichí teanga, leis na páistí a bheith gníomhach ina bhfoghlaim féin agus le rólimirt. Maidir le cúrsaí pleanála de, dírítear ar phleanáil ghearrthréimhseach .i. conas ceachtanna a scríobh.<br><br>In the English Methods component of the module, the students learn how to develop literacy skills in the three language strands – Oral Language, Reading and Writing. The students will be given guidance and instruction on how these skills are developed and on learning methodologies in these areas. The students learn about the Curriculum for English (1999), the Language Curriculum (2019) and about the links between the learning | | | | |

| | |
|---|---|
| of English and the learning of Irish. Before School Placement, the students learn how to undertake short-term planning for English for the middle classes in particular. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Múineadh na Gaeilge: BO8102 (learnonline.ie)<br><br>English Methods: Course: BO8102 B.Oideachais 1 Múineadh an Bhéarla (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 1)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8101 | **ECTS:** 10 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Díríonn an modúl Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile) ar inniúlacht ghinearálta na mac léinn múineadh go héifeachtach sa seomra ranga a fhorbairt. Mínítear agus múnlaítear dóibh scileanna teagaisc, mar shampla, spreagadh, plé, míniú agus ceistiú. Mínítear an tábhacht a bhaineann le hacmhainní spreagúla, le taispeántais d'obair na bpáistí, le difreálú, le measúnú agus le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Gné thábhachtach den mhodúl is ea an bhreathnóireacht a dhéanann na mic léinn sula dtosaíonn siad ag múineadh den chéad uair. Léirítear do na mic léinn conas tabhairt faoi phleanáil ghearrthréimhseach .i. conas ceachtanna a scríobh. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le cuspóirí sainiúla réalaíocha a dhíríonn ar fhoghlaim na bpáistí. Léirítear do na mic léinn conas tús a chur le ceacht, conas ceacht a fhorbairt agus conas clabhsúr a chur le ceacht. Tá dlúthcheangal idir an modúl seo agus an modúl, Teagasc agus Foghlaim (Garchleachtas). | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8101 B.Oideachais 1 Staidéir Ghairmiúla (learnonline.ie) | | | |

<table>
<tr><td>Teideal an Mhodúil:</td><td colspan="4">Corpoideachas & Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)</td></tr>
<tr><td>Cód an Mhodúil:</td><td>BO8103</td><td>ECTS: 5</td><td>Cineál Modúil</td><td>Lárnach</td></tr>
<tr><td colspan="5">Sonraíocht an Mhodúil</td></tr>
<tr><td colspan="5">Tá dhá ghné sa mhodúl seo, ‘Corpoideachas’ agus ‘Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)’. Tá an modúl bunaithe ar fhealsúnacht leathan sláinte a chuimsíonn gach gné de leas linbh, agus béim faoi leith ar shláinte fhisiceach, shóisialta, mheabhrach agus spioradálta. Is iad snáitheanna an mhodúil ‘Corpoideachas’ ná: Lúthchleasaíocht, Cluichí, Damhsa, Amuigh faoin Aer & Eachtraíocht, Gleacaíocht. Tarlaíonn na léachtaí go léir sa Halla Corpoideachais. Mínítear agus taispeántar do na mic léinn modhanna múinte agus straitéisí chun scileanna bunúsacha gluaiseachta a chothú. Feiceann na mic léinn na háiseanna Corpoideachais a bhíonn ar fáil, foghlaimíonn siad faoina n-úsáid, faigheann siad taithí ar a n-úsáid agus dírítear ar bhainisteoireacht ranga agus ar nithe a bhaineann le sábháilteacht. Faigheann na mic léinn taithí ar a bheith ag múineadh Corpoideachais dá chéile trí mheán na Gaeilge agus sa chomhthéacs sin cuirtear i gcuimhne dóibh an teoiric a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Dírítear go háirithe ar mhúineadh an Chorpoideachais sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha agus ar phleanáil ghearrthréimhseach don ábhar chun na mic léinn a ullmhú tabhairt faoi chúrsaí pleanála do Shocrúchán Scoile.<br><br>Sa ghné ‘Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)’, cabhraítear leis na mic léinn eolas a chur ar ábhar agus ar aidhmeanna an Churaclaim agus ar na prionsabail atá mar bhonn dó. Dírítear ar na meánranganna agus ar na ranganna sinsearacha. Dírítear ar na nithe seo a leanas: féinmheas, bulaíocht, réiteach coimhlinte agus oideachas ar chearta daonna. Foghlaimíonn siad faoi mhodheolaíochtaí chun OSPS a mhúineadh (am ciorcail, foghlaim ghníomhach agus araile), faoi acmhainní a bhféadfaí úsáid a bhaint astu agus faoi ullmhúchán gearrthréimhseach do Shocrúchán Scoile.</td></tr>
<tr><td>Nasc chuig an modúl iomlán:</td><td colspan="4">Corpoideachas: Course: B.Oideachais 1 Corpoideachas (learnonline.ie)</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS): Course: BO8103 B.Oideachais 1 Oideachas Sósialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Na hAmharcealaíona agus na hEalaíona (Ceol agus Drámaíocht)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8104 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl, 'Na hAmharcealaíona agus na hEalaíona (Ceol agus Drámaíocht)' faigheann na mic léinn léachtaí ar leith i ngach ábhar ar leith ach rianaítear dóibh na buntáistí a bhaineann leis na hábhair a chomhtháthú. Ar dtús díríonn na mic léinn go léirmheastach ar a dtaithí phearsanta féin sna hábhair sin go dtí seo. Forbraítear agus cothaítear eolas na mac léinn ar na hábhair, agus mínítear agus múnlaítear dóibh modheolaíochtaí agus straitéisí chun na hábhair a mhúineadh. Bíonn na léachtaí sna hAmharcealaíona sa Seomra Ealaíon, bíonn na mic léinn gníomhach sna léachtaí, faigheann siad taithí ar ghníomhaíochtaí a dhéanamh a mbeidh siad féin ag baint úsáide astu sa seomra ranga agus bíonn deiseanna acu léirmheas a dhéanamh ar raon leathan de shaothair ealaíne le healaíontóirí gairmiúla. Sna léachtaí a bhaineann le múineadh an Cheoil forbraítear agus cothaítear tuiscint na mac léinn ar choincheapa, foghlaimíonn siad téarmaíocht cheart, agus faigheann siad taithí ar a bheith ag freagairt do cheol agus ag cruthú ceoil. Sna léachtaí ar an Drámaíocht, fiosraítear an gaol idir spraoi, drámaíocht oideachasúil agus téatar. Ó thaobh cúrsaí pleanála de, dírítear ar phleanáil ghearrthréimhseach do na meánranganna agus na ranganna sinsearacha. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8104 B.Oideachais 1 Na hAmharcealaíona agus na hEalaíona (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Gaeilge** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8107 | **ECTS:** 2.5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné den mhodúl a bhaineann le Gaeilge, leantar ar aghaidh ag tógáil na mac léinn ón leibhéal iontrála atá acu (B1 ar a laghad i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) agus spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus as Leibhéal B2 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana. Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go gcuirtear lena gcumas sna gnéithe seo a leanas: labhairt (líofacht, cruinneas, stór focal, foghraíocht), cluastuiscint, léitheoireacht, cumas léirmheastóireachta ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge, cumas scríbhneoireachta. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Gaeilge Léamh agus Litríocht: Course: B.Oideachais 1 Gaeilge : Léamh agus Litríocht (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Oideachas Reiligiúnach** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8111 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Is í aidhm an mhodúil, 'Oideachas Reiligiúnach' ná cur ar chumas na mac léinn aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin spioradálta agus reiligiúnacha atá os comhair daltaí bunscoile. Mar chuid den mhodúl, foghlaimíonn na mic léinn faoi chreidimh an domhain agus dírítear, i measc rudaí eile, ar chúrsaí eitice, ar chúrsaí moráltachta agus ar | | | | |

| | |
|---|---|
| chúrsaí spioradálta. Mínítear agus múnlaítear do na mic léinn modheolaíochtaí chun Oideachas Reiligiúnach a mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Cuirtear i gcuimhne do na mic léinn an teoiric a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) agus tugtar treoracha do na mic léinn maidir le pleanáil ghearrthréimhseach don ábhar do Shocrúchán Scoile. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Oideachas Reiligiúnach: [BO8111 (learnonline.ie)] |

## B.Oid. – Bliain 2

### Seimeastar 1

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Léann Teanga** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8201 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo glactar cur chuige leathan i dtreo Léann Teanga, sa mhéid go dtarraingítear ann ar dhearcthaí idirdhisciplíneacha chun sealbhú céad teanga agus foghlaim dara teanga agus teangacha breise a scrúdú. Sa mhodúl cuirtear béim faoi leith ar shealbhú agus ar fhoghlaim teangacha agus ar Thumoideachas Gaeilge. Cuimsíonn an t-ábhar sochtheangeolaíocht, sícitheangeolaíocht, pleanáil teanga agus plé sochpholaitiúil, agus é mar aidhm freisin scileanna oideolaíocha mac léinn a fheabhsú maidir le hoideachas teanga. Iniúchtar buntáistí agus dúshláin an dátheangachais, go háirithe i gcomhthéacs mionteanga. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8201 B.Oideachais 2 Léann Teanga (learnonline.ie)] | | | |

| | |
|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Ionchuimsitheacht agus Oideachas Speisialta 1** |

| Cód an Mhodúil: | BO8202 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
|---|---|---|---|---|
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Is tríd an modúl seo a dhéanfaidh mic léinn atá ag ullmhú chun bheith ina gcleachtóirí Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta in Éirinn an t-eolas, na scileanna agus an dearcadh cuí a fhorbairt. Is í aidhm an mhodúil ná eolas a thabhairt dóibh ar na samhlacha teoiriciúla traidisiúnta agus comhaimseartha agus go bhforbróidh siad na tuiscintí cuí ar riachtanais speisialta agus ar oideachas riachtanas speisialta, go háirithe do dhátheangaigh i gcomhthéacs mionteanga. Chomh maith leis sin, beidh deis ag mic léinn breathnú ar pholasaí agus ar chleachtas reatha in Éirinn maidir le hOideachas Ionchuimsitheach agus Speisialta, i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tabharfaidh an próiseas foghlama deis dóibh éirí feasach ar a ndearcthaí agus a meon, agus is dócha go mbeidh dea-tionchar aige seo ar a ndearcadh agus a meon freisin. Is í aidhm an mhodúil seo ná cur le tuiscint mac léinn ar mar a eagraítear struchtúr agus foireann bhunscoileanna príomhshrutha agus bunscoileanna speisialta in Éirinn chun tacú le riachtanais aonair agus speisialta daltaí, go háirithe cainteoirí dúchais agus nua-chainteoirí, trí scáth cur chuige UDL. Spreagfar mic léinn agus éascófar leo forbairt a dhéanamh ar a n-eolas ar an raon leathan d'acmhainní foghlama atá ann a fhorbairt, chomh maith lena n-eolas ar na príomhstraitéisí chun tacú leis na hacmhainní foghlama lán éagsúlachta seo. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8202 B.Oideachais 2 Oideachas Ionchuimsitheach agus Riachtanais Oideachais Speisialta (learnonline.ie)] | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Curaclam & Measúnú, Síceolaíocht an Oideachais** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8203 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |

| | |
|---|---|
| Tugann an chuid den mhodúl a bhaineann le 'Curaclam & Measúnú' léargais ar shamhlacha forbartha curaclam idirnáisiúnta agus náisiúnta do mhic léinn. Trí rannpháirtíocht ghníomhach, forbróidh na mic léinn tuiscint láidir ar phríomhghnéithe na samhlacha curaclam bunscoileanna is déanaí. Déanfar scrúdú ar an ngaol idir samhlacha curaclaim agus measúnaithe maidir le conas is féidir iad a úsáid chun pleanáil múinteoireacht agus foghlaim i leith cumais éagsúla a aithint, go háirithe cainteoirí dúchais agus nua-chainteoirí, agus conas tacú leo siúd, ag déanamh nasc le modúil chúrsa eile mar Oideachas Ionchuimsitheach.<br><br>Sa chuid den mhodúl a bhaineann le 'Síceolaíocht' cuirfear le tuiscint na mac léinn ar ról na síceolaíochta san oideachas trí mhíniú a thabhairt ar an ngaol idir an tsíceolaíocht agus curaclam agus measúnú. Leagfar béim ar na príomhchoincheapa staitistiúla atá mar bhonn taca faoi mheasúnachtaí caighdeánaithe. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8203 B.Oideachais 2 Curaclam agus Measúnú (learnonline.ie)<br><br>BO8206 (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Gaeilge agus English (Language, Literacy and Literature)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8204 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné den mhodúl a bhaineann le 'Gaeilge', tógtar na mic léinn ó leibhéal B2 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus as leibhéal idir Leibhéal B2 agus C1 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana. Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go bhforbraítear a thuilleadh a gcumas sna gnéithe seo a leanas: labhairt (líofacht, cruinneas, stór focal, foghraíocht), cluastuiscint, léitheoireacht, cumas léirmheastóireachta ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge, cumas scríbhneoireachta. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus | | | | |

| | |
|---|---|
| fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.<br><br>In the Language, Literature and Literacy 2 (English) component of the module, the students are introduced to a wider range of literary genres, and are given additional guidance and opportunities in relation to literary criticism. Their ability to write accurately, fluently, originally and creatively is further enhanced. They receive additional input on various aspects of literacy, for example, phonics, syntax, semantics etc. in relation in particular to the senior classes. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Gaeilge: Course: BO8204 B.Oideachais 2 Gaeilge (learnonline.ie)<br><br>Language, Literature and Literacy 2: Course: BO8205 B.Oideachais 2 Language, Literacy & Literature (Béarla) 2 (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Drámaíocht agus na hEalaíona (Na hAmharcealaíona agus Ceol)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8207 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo scrúdaítear na curaclaim shinsearacha ealaíon don Drámaíocht, don Cheol agus do na hAmharcealaíona i bhfianaise fhorbairt aeistéitiúil agus chruthaitheach an dalta. Síneann sé a gcuid eolais ábhair agus oideolaíochta trí rannpháirtíocht, réimse agus staidéir chriticiúla, chomhthéacsúla agus churaclaim. Sa mhodúl scrúdaítear measúnú na n-ealaíon (drámaíocht, ceol agus na hamharcealaíona) agus cuirtear chun cinn a gcuid scileanna pleanála chun téamaí samhlaíocha agus téamacha a cheapadh chomh maith le haonaid oibre comhtháite (drámaíocht, ceol agus na hamharcealaíona). | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8207 B.Oideachais 2 Ceol (learnonline.ie)<br><br>BO8209 (learnonline.ie)<br><br>BO8213 (learnonline.ie) | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Corpoideachas agus OSPS** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8211 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |

Tá dhá ghné sa mhodúl seo, 'Corpoideachas' agus 'Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)'. Tá an modúl bunaithe ar fhealsúnacht leathan sláinte a chuimsíonn gach gné de leas linbh, agus béim faoi leith ar shláinte fhisiceach, shóisialta, mheabhrach agus spioradálta. Is iad snáitheanna an mhodúil 'Corpoideachas' ná: Lúthchleasaíocht, Cluichí, Damhsa, Amuigh faoin Aer & Eachtraíocht, Gleacaíocht. Tarlaíonn na léachtaí go léir sa Halla Corpoideachais. Mínítear agus taispeántar do na mic léinn modhanna múinte agus straitéisí chun scileanna bunúsacha gluaiseachta a chothú. Feiceann na mic léinn na háiseanna Corpoideachais a bhíonn ar fáil, foghlaimíonn siad faoina n-úsáid, faigheann siad taithí ar a n-úsáid agus dírítear ar bhainisteoireacht ranga agus ar nithe a bhaineann le sábháilteacht. Faigheann na mic léinn taithí ar a bheith ag múineadh Corpoideachais dá chéile trí mheán na Gaeilge agus sa chomhthéacs sin cuirtear i gcuimhne dóibh an teoiric a bhaineann le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Dírítear go háirithe ar mhúineadh an Chorpoideachais sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha agus ar phleanáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach don ábhar chun na mic léinn a ullmhú tabhairt faoi chúrsaí pleanála do Shocrúchán Scoile.

Sa ghné 'Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS)', cabhraítear leis na mic léinn cur lena n-eolas ar mhúineadh OSPS sa bhunscoil. Déantar iniúchadh ar a bhfuil i gceist le cur chuige phobal iomlán scoile a ghlacadh i dtreo 'scoile folláine, gníomhaí' a chuimsíonn Corpoideachas agus OSPS. Dírítear ar na meánranganna agus ar na ranganna sinsearacha agus ar na nithe seo a leanas: féinmheas, bulaíocht, réiteach coimhlinte agus oideachas ar chearta daonna. Foghlaimíonn siad níos mó faoi mhodheolaíochtaí chun OSPS a mhúineadh (am ciorcail, foghlaim ghníomhach agus araile), faoi acmhainní a bhféadfaí úsáid a bhaint astu agus faoi ullmhúchán gearrthréimhseach agus fadtréimhseach do Shocrúchán Scoile.

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Corpoideachas: Course: BO8211 B.Oideachais 2 Corpoideachas (learnonline.ie)<br><br>OSPS: Course: BO8212 B.Oideachais 2 Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) (learnonline.ie) |

**Seimeastar 2**

| **Teideal an Mhodúil:** | **Gaeilge (Teanga, Litearthacht agus Litríocht)** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8204 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné den mhodúl a bhaineann le 'Gaeilge', tógtar na mic léinn ó leibhéal B2 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin agus as leibhéal idir Leibhéal B2 agus C1 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana. Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go bhforbraítear a thuilleadh a gcumas sna gnéithe seo a leanas: labhairt (líofacht, cruinneas, stór focal, foghraíocht), cluastuiscint, léitheoireacht, cumas léirmheastóireachta ar ghnéithe éagsúla de litríocht na Gaeilge, cumas scríbhneoireachta. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Gaeilge: Course: BO8204 B.Oideachais 2 Gaeilge (learnonline.ie) | | | |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) agus Múineadh na Matamaitice** |
|---|---|

| Cód an Mhodúil: | BO8215 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
|---|---|---|---|---|
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné 'Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)' den mhodúl déantar iniúchadh ar mhodheolaíochtaí mhúineadh na Staire, na Tíreolaíochta agus na hEolaíochta. Dírítear ar thaithí phraiticiúil a sholáthróidh na scileanna a chuirfidh ar chumas na mac léinn na hábhair sin a mhúineadh mar mhúinteoirí i suíomhanna éagsúla seomra ranga. Dírítear ar chomhtháthú agus ar phleanáil, go háirithe do na ranganna sinsearacha. Cuirfear níos mó béime ar imscrúduithe praiticiúla agus obair allamuigh. Cuirfear úsáid na teicneolaíochta chun cinn.<br><br>I Múineadh na Matamaitice, cuirtear béim ar thuiscint choincheapúil, ar ábhair choincréiteacha, ar na páistí a bheith gníomhach ina bhfoghlaim féin agus ar réiteach fadhbanna. Bíonn seisiúin cheardlainne ann agus dírítear ar dhifreálú, ar phleanáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach, agus ar mheasúnú, go háirithe do na hardranganna.<br><br>I gcomhthéacs an dá ábhar thuas míneofar agus léireofar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE): Course: BO8215 B. Oideachas 2 Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (learnonline.ie)<br><br>Múineadh na Matamaitice: Course: B.Oid 2 Múineadh na Matamaitice (learnonline.ie) | | | |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 2)** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8216 | **ECTS:** 10 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |

| | |
|---|---|
| Díríonn an modúl Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile) ar inniúlacht ghinearálta na mac léinn múineadh go héifeachtach sa seomra ranga a fhorbairt níos mó, go háirithe sna hardranganna. Mínítear agus múnlaítear dóibh scileanna teagaisc, mar shampla, spreagadh, conas réamheolas na bpáistí a úsáid, plé, míniú, ceistiú, bainisteoireacht ranga. Mínítear an tábhacht a bhaineann le hacmhainní spreagúla, le taispeántais d'obair na bpáistí, le difreálú, le measúnú agus le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Gné thábhachtach den mhodúl is ea an bhreathnóireacht a dhéanann na mic léinn i seomraí ranga múinteoirí le taithí. Léirítear do na mic léinn conas tabhairt faoi phleanáil ghearrthréimhseach .i. conas ceachtanna a scríobh agus faoi phleanáil fhadtréimhseach .i. conas scéimeanna a scríobh do gach ábhar curaclaim. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le dlúthcheangal a bheith idir scéimeanna agus le ceachtanna. I rith an mhodúil chomh maith, míneofar do na mic léinn a bhfuil i gceist le féinmheastóireacht agus nuair a bheidh siad ar socrúchán scoile beidh orthu meastóireacht a dhéanamh ar cheachtanna a mhúinfidh siad. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: B.Oideachais 2 Staidéir Ghairmiúla 2 (learnonline.ie) |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Ionchuimsitheacht agus Oideachas Speisialta 2** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8217 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo déanfar forbairt ar eolas agus ar thuiscint na mac léinn ar riachtanais speisialta oideachais. Cuirfear torthaí taighde faoi bhráid na mac léinn agus treorófar iad i dtreo na léitheoireachta. Déanfar staidéar ar riochtaí áirithe teangeolaíocha, cumarsáide agus fisiciúla agus scrúdófar impleachtaí na riochtaí sin ar an bhfoghlaim. Féachfar ar idirghabhálacha difreáilte, ar acmhainní a bhféadfaí úsáid a bhaint astu, agus ar straitéisí agus ar mheastóireachtaí a bhaineann le héascú na foghlama. Díreofar freisin ar an doiciméadú a bheidh ar mhic léinn a dhéanamh i suíomhanna éagsúla. | | | | |

| Nasc chuig an modúl iomlán: | Course: BO8202 B.Oideachais 2 Oideachas Ionchuimsitheach agus Riachtanais Oideachais Speisialta (learnonline.ie) |
|---|---|

| Teideal an Mhodúil: | **Múineadh na Gaeilge agus English Methods** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8218 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |

**Sonraíocht an Mhodúil**

Ós rud é go bhfuil an teanga ag croílár na foghlama agus gurb í an Ghaeilge an meán don chuid is mó den fhoghlaim sa Churaclam Bunscoile i nGaelscoileanna, ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht na litearthachta sa Ghaeilge. Sa ghné den mhodúl, 'Múineadh na Gaeilge', forbraítear a thuilleadh tuiscint agus scileanna na mac léinn maidir leis an nGaeilge a mhúineadh mar ábhar i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna Lán-Ghaeilge. Dírítear go háirithe ar mhúineadh na Gaeilge sna ranganna sinsearacha. Dírítear ar na Torthaí Foghlama ón gCuraclam Teanga (2019) a bhaineann leis na ranganna sin agus ar bhealaí inar féidir na snáitheanna, Ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht a chomhtháthú in aonaid oibre fiúntacha oiriúnacha. Múnlaítear do na mic léinn modhanna múinte agus straitéisí spreagúla cumarsáideacha chun Gaeilge a mhúineadh. Dírítear ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir Béarla agus Gaeilge agus ar an délitearthacht, ar litríocht chomhaimseartha na Gaeilge agus ar an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire, ar chúrsaí fónaice agus ar an litriú. Maidir le cúrsaí pleanála de, dírítear ar phleanáil ghearrthréimhseach .i. ceachtanna agus ar phleanáil fhadtréimhseach .i. scéimeanna. Dírítear freisin ar bhealaí chun meastóireacht a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim.

In the English Methods component of the module, the students develop their learning how to develop literacy skills in the three language strands – Oral Language, Reading and Writing. The students are be given further guidance and instruction on how these skills are developed and on learning methodologies in these areas. The students learn about the Curriculum for English (1999), the Language Curriculum (2019), and about biliteracy

| | |
|---|---|
| and the links between the learning of English and the learning of Irish. They are encouraged to be positive, creative and imaginative, they learn about resources and how to use them, they learn comprehension strategies, they learn about the importance of vocabulary development and how to analyse and respond to texts. Before School Placement, the students learn how to undertake short-term and long-term planning for English for the senior classes in particular. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Múineadh na Gaeilge: Course: B.Oideachais 2 Múineadh na Gaeilge (learnonline.ie)<br>English Methods: Course: B.Oideachais 2 Múineadh an Bhéarla (learnonline.ie) |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha agus Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8219 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Cabhraítear leis na mic léinn úsáid a bhaint as an teicneolaíocht ar bhealaí cruthaitheacha i suíomhanna oideachasúla. Cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann leis na scileanna riachtanacha a thabhairt do mhic léinn chun TFC a chomhtháthú go héifeachtach agus go cruthaitheach sna suíomhanna seomra ranga chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Is í aidhm an chúrsa seo ná úsáid scileanna agus inniúlachtaí digiteacha a theastaíonn do sheomra ranga an 21ú haois a aithint, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn, agus béim faoi leith ar Fhoghlaim ar Bhonn Fiosraithe. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: B. Oideachas 2 Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha (learnonline.ie) | | | |

## B.Oid. – Bliain 3

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile 3)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8301 | **ECTS:** 10 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Díríonn an modúl Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile) ar inniúlacht ghinearálta na mac léinn múineadh go héifeachtach sa seomra ranga a fhorbairt níos mó, go háirithe sna ranganna sóisearacha. Mínítear agus múnlaítear dóibh scileanna teagaisc, mar shampla, bainisteoireacht ranga, Aistear, úsáid áiseanna, spreagadh agus araile. Cuirtear béim ar an tumoideachas / an luath-thumoideachas, ar an teoiric a bhaineann leis agus ar chur i bhfeidhm na teoirice sa seomra ranga. Dírítear freisin ar an suíomh ilghrád i gcomhthéacs scoileanna beaga Gaeltachta. Mínítear an tábhacht a bhaineann le hacmhainní spreagúla, le taispeántais d'obair na bpáistí, le difreálú, le measúnú agus le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Gné thábhachtach den mhodúl is ea an bhreathnóireacht a dhéanann na mic léinn i seomraí ranga múinteoirí le taithí. Léirítear do na mic léinn conas tabhairt faoi phleanáil ghearrthréimhseach .i. conas ceachtanna a scríobh agus conas leaganacha giorraithe de cheachtanna a scríobh. Dírítear freisin ar phleanáil fhadtréimhseach .i. conas scéimeanna a scríobh do gach ábhar curaclaim do na ranganna sóisearacha. Leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le dlúthcheangal a bheith idir scéimeanna agus le ceachtanna. Dírítear a thuilleadh ar an bhféinmheastóireacht. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: B. Oideachas 3 Staidéir Ghairmiúla (learnonline.ie)] | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Ceol agus na hEalaíona (Na hAmharcealaíona & Drámaíocht)** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8302 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |

| Sonraíocht an Mhodúil | |
|---|---|
| Sa mhodúl seo scrúdaítear na curaclaim shóisearacha ealaíon don Cheol, do na hAmharcealaíona agus don Drámaíocht i bhfianaise fhorbairt aeistéitiúil agus chruthaitheach an dalta. Síneann sé a gcuid eolais ábhair agus oideolaíochta trí rannpháirtíocht, réimse agus staidéir chriticiúla, chomthéacsúla agus churaclaim. Cuirtear béim ar a thábhachtaí is atá sé cruthaitheacht gach páiste a cheiliúradh. Sa mhodúl scrúdaítear measúnú na n-ealaíon (ceol, na hamharcealaíona agus drámaíocht) agus cuirtear chun cinn a gcuid scileanna pleanála chun téamaí samhlaíocha agus téamacha a cheapadh chomh maith le haonaid oibre comhtháite (drámaíocht, ceol agus na hamharcealaíona). | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Ceol: Course: B. Oideachas 3 Ceol (learnonline.ie)<br>Drámaíocht: Course: B. Oideachas 3 Drámaíocht (learnonline.ie)<br>Na hAmharcealaíona: Course: B. Oideachas 3 Na hAmharcealaíona (learnonline.ie) |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Oideachas Luath-Óige** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8306 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Tugann mic léinn faoi staidéar ar an Oideachas Luathóige chun a dtuiscint a fhorbairt ar an gcaoi is fearr a bhfoghlaimíonn páistí. Nuair a bhíonn an modúl sin déanta acu bíonn scileanna forbartha ag na mic léinn atá riachtanach chun foghlaim páistí óga a eagrú agus a bhainistiú. Cuirtear béim ar mhodheolaíochtaí teagaisc mar chaint agus phlé, foghlaim ghníomhach, foghlaim chomhoibritheach, fadhbréiteach agus úsáid na timpeallachta. Foghlaimíonn na mic léinn faoin tábhacht a bhaineann le tacú le foghlaim paistí trí spraoi. Maidir le litearthacht páistí óga, déantar scileanna teagaisc na mac léinn a fhorbairt, | | | | |

| | |
|---|---|
| foghlaimíonn siad faoi na prionsabail atá mar bhonn ag Aistear agus faigheann siad deiseanna chun taithí phearsanta a fháil air. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: B. Oideachas 3 Oideachas Luath-Óige (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus don Phobal** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8307 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo, tógtar na mic léinn ó leibhéal atá idir Leibhéal B2 agus Leibhéal C1 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha go Leibhéal C1. Spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin chun Leibhéal C1 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana sa Chluastuiscint, sa Léitheoireacht & sa Litríocht, sa Scríbhneoireacht agus sa Labhairt. Cothaítear a n-inniúlacht sna scileanna sin go córasach sna léachtaí agus sna Ranganna Teagaisc sa Ghaeilge (RTG). Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go mbíonn siad ag obair ar bhonn leanúnach. Sa Labhairt dírítear ar ardlíofacht, ar ardchruinneas, ar stór leathan focal, ar shaibhreas teanga agus ar dhea-fhoghraíocht a bhaint amach. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.<br><br>Sa chuid den mhodúl a bhaineann le 'Cumas Cumarsáide sa Bhéarla' cuirtear béim ar an Teicneolaíocht Faisnéise agus ar ábhar digiteach. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Cumas Cumarsáide sa Bhéarla: Course: B Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Bhéarla (learnonline.ie)<br><br>Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Léamh & Litríocht: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Léamh & Litríocht (learnonline.ie) | | | |

| | |
|---|---|
| | Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Scríobh & Úsáid: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Scríobh & Úsáid (learnonline.ie) |

| **Teideal an Mhodúil:** | **Bainisteoireacht Iompair agus Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas) 2** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8308 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa chuid den mhodúl a bhaineann le Bainisteoireacht Iompair, dírítear ar chúrsaí eagrúcháin laethúla ina gcleachtas. Féachtar ar an sainmhíniú a d'fhéadfaí a thabhairt ar iompraíocht dhúshlánach, ar nithe a bhaineann le cumhacht agus smacht sa seomra ranga agus sa tsochaí, ar an gceangal a bhíonn ann uaireanta ach ní i gcónaí idir Riachtanais Speisialta Oideachais agus iompraíocht, agus ar chuimsiú páistí faoi mhíchumas. Déantar bulaíocht a fhiosrú agus ar straitéisí chun déileáil léi.<br><br>Maidir leis an gcuid den mhodúl a bhaineann le Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas), cuireann sé leis an méid a d'fhoghlaim na mic léinn agus iad ag déanamh a gcuid garchleachtas sa chéad bhliain agus nuair a cuireadh béim ar scileanna bunúsacha teagaisc a bhíonn ag teastáil sa seomra ranga. Sa mhodúl seo, dírítear ar chumas na mac léinn aiseolas a thabhairt do pháistí faoina gcuid oibre, ar théacsleabhair a mheas agus ar chumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi fhorbairt acadúil, iompraíochta agus shóisialta. Dírítear freisin ar chumarsáid a dhéanamh le gairmithe eile. Bíonn ról lárnach ag rólimirt sna ceardlanna leis na mic léinn agus sa mheasúnú. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Bainisteoireacht Iompair: Course: B. Oideachas 3 Bainisteoireacht Iompair (learnonline.ie)<br><br>Teagasc & Foghlaim (Garchleachtas) 2: Course: B. Oideachas 3 Garchleachtas (learnonline.ie) | | | |

<table>
<tr><td>Teideal an Mhodúil:</td><td colspan="4">Literacy Education (English) – Teacher Knowledge and Competence</td></tr>
<tr><td>Cód an Mhodúil:</td><td>BO8318</td><td>ECTS: 5</td><td>Cineál Modúil</td><td>Lárnach</td></tr>
<tr><td colspan="5">Sonraíocht an Mhodúil</td></tr>
<tr><td colspan="5">The aim of this module is to enhance the students' knowledge of the science of reading, to develop students' own knowledge of the structure of language (phonology, morphology, and syntax) and to enable the students to understand what literacy learners need in order to learn the code of written language. There is a focus on phonological awareness and on knowledge of the alphabetic principle, on familiarising the students with orthography and the language structures that are processed during reading and writing.</td></tr>
<tr><td>Nasc chuig an modúl iomlán:</td><td colspan="4">Course: B. Oideachas 3 Literacy Education (learnonline.ie)</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Teideal an Mhodúil:</td><td colspan="4">Matamaitic</td></tr>
<tr><td>Cód an Mhodúil:</td><td>BO8304</td><td>ECTS: 5</td><td>Cineál Modúil</td><td>Lárnach</td></tr>
<tr><td colspan="5">Sonraíocht an Mhodúil</td></tr>
<tr><td colspan="5">Sa mhodúl seo, déantar tuiscint na mac léinn ar an Matamaitic a dhoimhniú chun go mbeidh siad in ann obair an teagaisc a dhéanamh go héifeachtach. Tugann na mic léinn faoi choincheapa agus faoi phrionsabail choitianta a bhriseadh síos chun inniúlacht a fhorbairt sna cleachtais is gá chun Matamaitic a mhúineadh. I gcomhthéacs na Matamaitice, dírítear ar FCÁT (Foghlaim Chomhthaite Ábhar agus Teangacha), ar theangú an pháiste, ar an tábhacht a bhaineann le téarmaíocht cheart chruinn, ar shainmhínithe beachta agus ar mhíniú soiléir ar smaointe teibí. Déantar anailís ar raon d'fhadhbanna agus ar chuir chuige a bhaineann le fadhbréiteach.</td></tr>
</table>

| Nasc chuig an modúl iomlán: | Course: B. Oideachas 3 Matamaitic (learnonline.ie) |
|---|---|

## Seimeastar 2

| Teideal an Mhodúil: | **Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8307 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo, tógtar na mic léinn ó leibhéal atá idir Leibhéal B2 agus Leibhéal C1 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha go Leibhéal C1. Spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin chun Leibhéal C1 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana sa Chluastuiscint, sa Léitheoireacht & sa Litríocht, sa Scríbhneoireacht agus sa Labhairt. Cothaítear a n-inniúlacht sna scileanna sin go córasach sna léachtaí agus sna Ranganna Teagaisc sa Ghaeilge (RTG). Bítear ag súil leis go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go mbionn siad ag obair ar bhonn leanúnach. Sa Labhairt dírítear ar ardlíofacht, ar ardchruinneas, ar stór leathan focal, ar shaibhreas teanga agus ar dhea-fhoghraíocht a bhaint amach. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Léamh & Litríocht: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Léamh & Litríocht (learnonline.ie)<br><br>Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Scríobh & Úsáid: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Scríobh & Úsáid (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) & Múineadh na Matamaitice** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8305 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa ghné 'Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE)' den mhodúl déantar iniúchadh ar mhodheolaíochtaí mhúineadh na Staire, na Tíreolaíochta agus na hEolaíochta. Dírítear ar thaithí phraiticiúil a sholáthróidh na scileanna a chuirfidh ar chumas na mac léinn na hábhair sin a mhúineadh mar mhúinteoirí i suíomhanna éagsúla seomra ranga. Dírítear ar fhoghlaim ghníomhach, ar phlé, ar chomhtháthú agus ar phleanáil, go háirithe do na ranganna sóisearacha. Cuirfear níos mó béime ar imscrúduithe praiticiúla agus obair allamuigh. Cuirfear úsáid na teicneolaíochta chun cinn.<br><br>I Múineadh na Matamaitice, cuirtear béim ar thuiscint choincheapúil, ar ábhair choincréiteacha, ar na páistí a bheith gníomhach ina bhfoghlaim féin agus ar réiteach fadhbanna. Bíonn seisiúin cheardlainne ann agus dírítear ar dhifreálú, ar phleanáil ghearrthréimhseach agus fhadtréimhseach, agus ar mheasúnú, go háirithe do na ranganna sóisearacha.<br><br>I gcomhthéacs an dá ábhar thuas míneofar agus léireofar Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | OSIE: Course: B. Oideachas 3 Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (learnonline.ie)<br><br>Muineadh na Matamitice: Course: B. Oideachas 3 Múineadh na Matamaitice (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Socheolaíocht (agus Sochtheangeolaíocht)** |
|---|---|

| Cód an Mhodúil: | BO8310 | ECTS: 5 | Cineál Modúil | Lárnach |
|---|---|---|---|---|
| Sonraíocht an Mhodúil | | | | |
| Sa mhodúl seo cuirtear béim ar anailís a dhéanamh ar thábhacht an chomhthéacs shochtheangeolaíoch maidir le cúlra teanga an pháiste sa bhaile. I gcomhthéacs scoileanna Gaeltachta agus scoileanna Lán-Ghaeilge tá cúlra teanga an pháiste sa bhaile an-tábhachtach. Cuirtear feasacht chun cinn maidir le nádúr sochpholaitiúil an churaclaim agus nádúr an churaclaim cheilte. Cuirtear béim freisin ar chur ar chumas mac léinn a dtuiscint a dhoimhniú ar chastacht na dtosca sochtheangeolaíocha a mbíonn tionchar acu ar rannpháirtíocht páistí sa scoil agus a gcuid torthaí scoile. Is í an aidhm i ndeireadh na dála ná go mbeidh mic léinn in ann leas a bhaint as tuairimí a bhfuil bunús láidir leo agus atá an-chuí ina n-anailís agus ina n-idirghníomhú sa seomra ranga agus sna scoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. | | | | |
| Nasc chuig an modúl iomlán: | Course: B. Oideachas 3 Socheolaíocht & Sochtheangeolaíocht (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Múineadh na Gaeilge agus English Methods** | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cód an Mhodúil: | BO8303 | ECTS: 5 | Cineál Modúil | Lárnach |
| Sonraíocht an Mhodúil | | | | |
| Sa ghné den mhodúl, 'Múineadh na Gaeilge', forbraítear a thuilleadh tuiscint agus scileanna na mac léinn maidir leis an nGaeilge a mhúineadh mar ábhar i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna Lán-Ghaeilge. Dírítear go háirithe ar mhúineadh na Gaeilge sna ranganna sóisearacha do chainteoirí dúchais agus nua-chainteoirí. Dírítear ar na Torthaí Foghlama ón gCuraclam Teanga (2019) a bhaineann leis na ranganna sin agus ar bhealaí inar féidir na snáitheanna, Ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht a chomhtháthú in aonaid oibre fiúntacha oiriúnacha. Múnlaítear do na mic léinn modhanna múinte agus straitéisí éagsúla chun Gaeilge a mhúineadh i suiomhanna Lán-Ghaeilge agus | | | | |

| |
|---|
| Gaeltachta ina bhfuil an tumoideachas / an luath-thumoideachas á chur i bhfeidhm. Dírítear ar an déliteartheacht, ar litríocht chomhaimseartha, ar an bhfeasacht fhóineolaíoch agus ar mhúineadh na fónaice. Maidir le cúrsaí pleanála de, dírítear ar phleanáil ghearrthréimhseach .i. ceachtanna agus ar phleanáil fhadtréimhseach .i. scéimeanna. Dírítear freisin ar bhealaí chun meastóireacht a dhéanamh ar mhúineadh agus ar fhoghlaim.<br><br>In the English Methods component of the module, the students develop their learning how to develop literacy skills in the three language strands – Oral Language, Reading and Writing. The students are be given further guidance and instruction on how these skills are developed and on learning methodologies in these areas. The students learn further about the Curriculum for English (1999), the Language Curriculum (2019), and about biliteracy and the links between the learning of English and the learning of Irish. They are encouraged to be positive, creative and imaginative, they learn about resources and how to use them, they learn comprehension strategies, they learn about the importance of vocabulary development and how to analyse and respond to texts. An important aspect of this component of the module is an examination of the implications of immersion / early immersion in Gaeilge with regard to the teaching and learning of English. Before School Placement, the students learn how to undertake short-term and long-term planning for English for the junior classes in particular. |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Múineadh na Gaeilge:Course: B. Oideachas 3 Múineadh na Gaeilge (learnonline.ie)<br><br>English Methods: BOid3MnB (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Modhanna Taighde** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8320 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |

| | |
|---|---|
| Tá an modúl seo deartha chun buneolas cuimsitheach a thabhairt ar na modheolaíochtaí taighde is coitianta a úsáidtear ag taighdeoirí atá ag tosú amach i réimse an oideachais, chun mic léinn a ullmhú le tráchtas taighde a dhéanamh – rud a dhéanfaidh siad sa bhliain dheireanach den chéim, i mBliain 4. Tabharfar buneolas do mhic léinn faoi ghnéithe lárnacha eile a theastaíonn chun an tráchtas a ullmhú go cumasach lena n-áirítear eitic sa taighde, litríocht a athbhreithniú agus scríbhneoireacht acadúil. Roghnófar Tograí Taighde ón méid seo a leanas: Oideachas trí mheán na Gaeilge, Tumoideachas, Dátheangachas, Oideachas Gaeltachta, Oideachas Luathóige trí mheán na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge.<br><br>Cuirtear ar chumas na mac léinn cuspóirí agus ceisteanna taighde a cheapadh, togra taighde inghlactha a scríobh a bheadh oiriúnach d'ábhar tráchtais ar leibhéal fochéime agus modheolaíochtaí cuí a aithint agus a roghnú dá gcuid tionscadal taighde. Cabhraítear leis na mic léinn litríocht taighde ina réimse taighde roghnaithe a thuiscint agus léirmheastóireacht a dhéanamh uirthi. Cothaítear an scil argóintí bailí a cheapadh agus a chur i láthair i bhfianaise na sonraí a ndéanfar anailís orthu. Dírítear freisin ar bhealaí chun an taighde a nascadh le hidirghabhálacha fianaise-bhunaithe a fhorbairt sa rang. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: B. Oideachas 3 Modhanna Taighde (learnonline.ie)] |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus don Phobal** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8307 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo, tógtar na mic léinn ó leibhéal atá idir Leibhéal B2 agus Leibhéal C1 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha go Leibhéal C1. Spreagtar iad chun an phríomhfhreagracht a ghlacadh as a bhfoghlaim féin chun Leibhéal C1 a bhaint amach sa mheasúnú a dhéantar ag deireadh na bliana sa Chluastuiscint, sa Léitheoireacht & sa Litríocht, sa Scríbhneoireacht agus sa Labhairt. Cothaítear a n-inniúlacht sna scileanna sin go córasach sna léachtaí agus sna Ranganna Teagaisc sa Ghaeilge (RTG). Bítear ag súil leis | | | | |

| |
|---|
| go mbaineann na mic léinn taitneamh as an modúl agus go mbionn siad ag obair ar bhonn leanúnach. Sa Labhairt dírítear ar ardlíofacht, ar ardchruinneas, ar stór leathan focal, ar shaibhreas teanga agus ar dhea-fhoghraíocht a bhaint amach. Cothaítear dearcadh dearfach i leith na teanga agus fonn í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Cumas Cmuarsáide sa Bhéarla: Course: B Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Bhéarla (learnonline.ie)<br><br>Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Léamh & Litríocht: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Léamh & Litríocht (learnonline.ie)<br><br>Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge - Scríobh & Úsáid: Course: B. Oideachas 3 Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge – Scríobh & Úsáid (learnonline.ie) |

### B.Oid. – Bliain 4

### Seimeastar 1

| **Teideal an Mhodúil:** | **Staidéir Ghairmiúla (Ardsocrúchán Scoile)** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8401 | **ECTS:** 25 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| I mBliain 4 díríonn an modúl Staidéir Ghairmiúla (Socrúchán Scoile) ar inniúlacht ghinearálta na mac léinn múineadh go héifeachtach sa seomra ranga / sna seomraí ranga / sna scoileanna Gaeltachta ina mbeidh siad ar Ardsocrúchán Scoile ar feadh deich seachtaine sa Dara Seimeastar agus ar ghnéithe eile den mhúinteoireacht a bheidh rompu mar mhúinteoirí. Cuirtear béim in athuair ar an tumoideachas / an luath-thumoideachas, ar an suíomh ilghráid, ar Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT), ar an éagsúlacht a bheidh rompu maidir le cúlraí teanga na bpáistí agus ar dhifreáil. Ar an Ardsocrúchán Scoile beidh na mic léinn ag múineadh ar feadh sé seachtaine i seomraí ranga ina mbeidh | | | | |

| | |
|---|---|
| ranganna príomhshrutha, beidh siad ag plé Tacaíocht Teagaisc don Oideachas Speisialta ar feadh seachtaine agus beidh siad ag glacadh páirte i nGníomhaíochtaí Scoilbhunaithe ar feadh coicíse. Taispeánfar dóibh conas ríomhphunann a dhéanamh, rud a bheidh orthu a sholáthar tar éis an Ardsocrúcháin Scoile agus a phlé ag agallamh. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8401 Socrúchán Scoile 4 (Staidéir Ghairmiúla) (learnonline.ie)] |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Speisialtóireacht Taighde - Tráchtas** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8402 | **ECTS:** 15 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Ag tógáil ar an méid a fhoghlaimíonn siad i mBliain 3 faoi mhodhanna taighde, déanann na mic léinn forbairt ar a dtograí taighde a mbíonn sé mar thoradh air go gcuireann na mic léinn tráchtas ar fáil. Cuirtear béim ar athbhreithniú litríochta, ar scileanna agus ar mhodhanna taighde, ar chúrsaí eitice agus ar scríbhneoireacht cheart acadúil. Bíonn ar na mic léinn mar bhaill de chnuasghrúpaí bualadh lena stiúrthóiri go rialta, dréachtaí dá gcuid oibre a chur ar fáil dóibh agus a phlé leo, glacadh le comhairle agus le treoir, agus leasuithe a dhéanamh, de réir mar a oireann. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8402 Modhanna Taighde/Tráchtas (learnonline.ie)] | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **An Múinteoir mar Ghairmí Eolach - Matamaitic** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8404 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |

| | |
|---|---|
| Sa mhodúl seo bainfear leas as taighde nua ar eolas matamaitice don teagasc chun mic léinn a ullmhú i gcomhair obair an teagaisc. Áirítear le heolas matamaitice don teagasc go léir réimsí d'eolas ábhair (eolas coitianta ábhair, saineolas ábhair agus eolas ar chomhthéacs leathan ábhair) agus eolas ábhair oideolaíoch (eolas ar ábhar agus dhaltaí, eolas ar ábhar agus theagasc agus eolas ar ábhar agus churaclam). Pléifear le gach ceann díobh siúd i gcomhthéacs Matamaitic a mhúineadh i gcomhthéacs tumoideachais. Beidh feasacht an mhic léinn faoi thábhacht na teanga san fhadhbréiteach méadaithe. Beidh an modúl dírithe ar eolas matamaitice na mac léinn a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí atá liostaithe thuas. | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8404 An Múinteoir mar Ghairmí Eolach – Matamaitic (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **OSIE – Fiosrú san Eolaíocht** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8415 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Díríonn an cúrsa seo ag leibhéal Bhliain 4 ar thógáil ar an obair a rinneadh in Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) sna trí bliana roimhe seo le béim ar leith ar fhiosrú agus ar oideachas le haghaidh inbhuanaitheachta i ngach rang sa bhunscoil.<br><br>Cuireann Oideachas Eolaíochta ar ár gcumas ár spéis sa domhan beo agus sa domhan fisiciúil, agus ár dtuiscint ar an domhan sin a fhorbairt. Chomh maith leis sin déanann Oideachas Eolaíochta scileanna comhoibrithe, scileanna taighde agus scileanna a bhaineann le fiosrúchán criticiúil agus turgnaimh a fhorbairt. Is féidir oideachas tríd an timpeallacht agus faoin timpeallacht a leanúint trí réimse d'eispéiris fhoghlama i ngach rang. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8415 OSIE – Eolaíocht - SESE (learnonline.ie) | | | |

| Teideal an Mhodúil: | **Tuiscintí Fealsúnacha agus Stairiúla** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8405 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Lárnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Tugann an cúrsa seo deis do mhic léinn dul i ngleic leis na cuir chuige mhóra fhealsúnacha i leith an oideachais ón tSean-Ghréig go dtí an lá atá inniu ann. Cuirfidh na mic léinn eolas ar réimse de smaointe, de pholasaithe agus de chleachtais i réimse d'ábhair: an t-údarás le haghaidh oideachais; nádúr agus aidhmeanna an oideachais; soláthar cothrom an oideachais agus na freagrachtaí a bhaineann leis sin; cúrsaí eitice san oideachas. Trí na cuir chuige sin a fhiosrú, cuirfear ar chumas na mac léinn a seasaimh phearsanta fhealsúnacha féin a fhiosrú maidir le cleachtas oideachais. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO84XX Tuiscintí Fealsúnacha & Stairiúla 2 (learnonline.ie) | | | |

**B.Oid Bliain 4: Cúrsaí Roghnacha**

| Teideal an Mhodúil: | **Cúrsa Roghnach: Spás chun Fás – Gairdíní Scoile, Foghlaim Lasmuigh agus Oideachas le hAghaidh Inbhuanaitheachta** | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cód an Mhodúil:** | BO8410 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Roghnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Sa mhodúl seo tugtar taithí agus eolas do mhic léinn ar ról an ghairdín scoile sa bhunoideachas agus san oideachas um inbhuanaitheacht. Cuireann an gairdín scoile le gnéithe uile an oideachais bhunúsaigh, lena n-áirítear scileanna acadúla agus scileanna don saol, forbairt phearsanta, shóisialta agus mhorálta. Is bonn é an gairdín don fhoghlaim chomhtháite i ndisciplíní agus ar fud disciplíní - lena n-áirítear eolaíocht, matamaitic, ealaín, tíreolaíocht agus stair, mar aon le litearthacht agus uimhearthacht. Trí phlandaí a fhás agus trí chúram a thabhairt dóibh cuirtear eispéiris ghníomhacha, | | | | |

| |
|---|
| mhealltacha an tsaoil réadúil ar fáil lena mbaineann brí phearsanta do na foghlaimeoirí. Baineann buntáistí sonracha le cláir fáis scoileanna i limistéir uirbeacha agus i limistéir faoi mhíbhuntáiste, áiteanna ina bhféadfadh rochtain ar spás glas a bheith teoranta. Sa mhodúl seo tabharfar taithí phraiticiúil ar fhás do mhic léinn, agus a muinín á forbairt chun gairdín a chruthú agus a úsáid mar sheomra ranga lasmuigh agus chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fáis le páistí. Cuimseofar raon de scileanna fáis sna ceardlanna, lena n-áirítear síolta a chur, pórú ó ghearrthóga, dearadh agus tógáil gairdíní, cúram do bharra, múiríniú agus athchúrsáil. Déanfar iniúchadh freisin ar ról gairdíní agus na foghlama lasmuigh i bhfeasacht comhshaoil mhéadaithe agus in iompar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn. |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | Course: BO8410 Cúrsa Roghnach: Spás chun Fás – Gairdíní Scoile, Foghlaim Lasmuigh agus Oideachas le hAghaidh Inbhuanaitheachta (learnonline.ie) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Cúrsa Roghnach – Ag tacú le foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i ngach suíomh scoile** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8413 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Roghnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Tríd an gcúrsa roghnach seo leathnaítear an t-eolas agus an tuiscint ar oideachas speisialta. Cuirtear deis ar fáil do mhic léinn leis an modúl roghnach seo chun iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar an taighde lena gcuirtear taca faoin tacaíocht d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil raon de riachtanais chasta i suíomh an tseomra ranga. Cuirtear deis ar fáil leis an modúl seo le haghaidh staidéar domhain ar dhearadh uilíoch don fhoghlaim, agus déantar tuiscint mac léinn a neartú leis ar obair le páistí ag a bhfuil uathachas, disléicse, deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha (SEBD), míchumas ginearálta foghlama (GLD) agus siondróm Down. Agus iad faoi threoir ag taighde agus cleachtas idirnáisiúnta ardchaighdeáin, cuirtear dúshlán roimh mhic léinn chun machnamh a dhéanamh ar dhearcthaí teoiriciúla i suíomhanna praiticiúla mar ullmhúchán dá ngairmréimeanna múinteoireachta gairmiúla. | | | | |

| | |
|---|---|
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8413 Cúrsa Roghnach: Ag Tacú le Foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i ngach suíomh scoile (learnonline.ie)] |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Cúrsa Roghnach – Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8416 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Roghnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Is cuid bheo, infheicthe agus bríomhar ó thaobh an chultúir de na healaíona traidisiúnta, lena gcuimsítear ceol, amhránaíocht, damhsa, agus foirmeacha ealaíon ó bhéal eile, de chultúr na hÉireann agus de dhéanamh ceoil sa phobal. Sa mhodúl seo déantar iniúchadh ar na healaíona traidisiúnta trí mhachnamh criticiúil agus trí rannpháirteachas ar bhonn praiticiúil i modhanna agus i gcleachtais éagsúla na n-ealaíon traidisiúnta lena n-áirítear ceol traidisiúnta, amhránaíocht, damhsa, scéalaíocht agus foirmeacha Gaelacha eile amhail agallaimh bheirte agus lúibíní. Sa mhodúl, samhlaítear litearthacht chultúrtha mar "chleachtas sóisialta", tá sí dialógach ó dhúchas agus tá sí bunaithe ar eolas a ghnóthú trí idirghníomhaíochtaí báúla, fulangacha agus ionchuimsitheacha le daoine eile. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | [Course: BO8416 Cúrsa Roghnach: Na hEalaíona Traidisiúnta agus Litearthacht Chultúrtha (learnonline.ie)] | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal an Mhodúil:** | **Cúrsa Roghnach – Corpoideachas – Ionchuimsitheacht, Comhtháthú agus Nuálaíocht** | | | |
| **Cód an Mhodúil:** | BO8418 | **ECTS:** 5 | **Cineál Modúil** | Roghnach |
| **Sonraíocht an Mhodúil** | | | | |
| Tugann an modúl seo tús eolais do mhic léinn ar choinceapa na hionchuimsitheachta, an chomhtháthaithe agus na nuálaíochta. Leathnóidh an clár rannpháirtíocht-bhunaithe seo tuiscint an mhic léinn ar chroíchomhpháirteanna an Churaclaim Corpoideachais Bunscoile. Tabharfaidh mic léinn faoi réimse de ghníomhaíochtaí a chothóidh athmhachnamh pearsanta agus proifisiúnta ar na téamaí agus na ceisteanna a bhaineann le seachadadh clár corpoideachais cuimsitheach páiste-lárnach. Cuirfear béim ar leith ar straitéisí éifeachtacha le haghaidh ionchuimsiú gach páiste, iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu ag go leor leibhéal (RSO, ardfhoghlaimeoirí, iompar dúshlánach), comhtháthú traschuraclaim éifeachtach agus bealaí nuálacha chun gach sraith den churaclaim a mhúineadh chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú. Spreagfar do mhic léinn athmhachnamh criticiúil a dhéanamh ar an ábhar, na scileanna agus na gníomhaíochta a dhéantar i ngach rang. | | | | |
| **Nasc chuig an modúl iomlán:** | TBC | | | |

## B.Oid. (Bunmhúinteoireacht): Rialacháin an Chláir

### Clárú

Ní mór do gach mac léinn nua agus leantach clárú gach bliain acadúil agus é sin a dhéanamh faoin dáta ainmnithe. Gearrtar muirear i leith clárú déanach (tar éis an 15 Deireadh Fómhair). Maidir le haon mhic léinn nach gcláraíonn faoin Aoine de Sheachtain Teagaisc 8, meastar iad a bheith tarraingthe siar agus is féidir go gcuirtear seirbhísí amhail rochtain ar an leabharlann agus cuntais ríomhphoist ar fionraí. In imthosca den sórt sin, ní mór do mhic léinn fochéime iarratas ar a n-athiontráil a dhéanamh, tríd an Oifig Iontrála, chuig an gCláraitheoir.

### Scrúduithe

Tionólfar scrúduithe bliantúla i mí na Nollag (scrúduithe Sheimeastar 1) agus i mí Aibreáin nó mí na Bealtaine (scrúduithe Sheimeastar 2). Tionólfar scrúduithe athmheasúnaithe (athscrúduithe) don dá sheimeastar ag deireadh mí Lúnasa/ag tús mí Mheán Fómhair a thiteann ina ndiaidh.

Buaileann Cúirt na Scrúdaitheoirí ag deireadh na bliana acadúla le torthaí na mac léinn a mhodhnú.

Foilsíonn an tOifigeach Scrúdaithe amchláir scrúdaithe ar Moodle i bhfad roimh dhátaí na scrúduithe. Is faoin mac léinn a bheidh sé dátaí na scrúduithe a fháil amach trí bhreathnú orthu ar Moodle.

Más rud é nach mbeidh mac léinn in ann scrúdú a dhéanamh de bharr imthosca nach raibh coinne leo, ní mór fógra a thabhairt do theagascóir an mhic léinn faoi sin a luaithe agus is féidir ionas gur féidir leis/léi cead a lorg ón gcláraitheoir don ghníomh atá beartaithe (m.sh. scrúdú a iarchur go dtí an chéad deis eile a bheidh ar fáil). Ní mór cáipéisí tacaíochta cuí a thabhairt d’Oifig an Chláraitheora agus an teagascóir araon a luaithe is féidir, mar shampla, teastas leighis.

Taifeadtar asláithreacht gan chúis ó scrúdú mar NS (theip ar an mac léinn obair a chur isteach).

Foilseofar torthaí na scrúduithe ar MAESTRO, córas taifid na mac léinn. Is faoin mac léinn a bheidh sé é/í féin a chur ar an eolas faoi na torthaí trí bhreathnú orthu ar MAESTRO. Maidir

le haon mhac léinn a fhaigheann teip sna scrúduithe bliantúla nó athmheasúnaithe , ba cheart dó/di socruithe a dhéanamh an lá i ndiaidh foilsiú na dtorthaí bualadh leis an léachtóir cuí agus/nó teagmháil a dhéanamh lena t(h)eagascóir.  Más rud é nach mbeidh an teagascóir ar fáil, ba cheart don mhac léinn teagmháil a dhéanamh le hOifig an Chláraitheora.

Coinneofar torthaí scrúdaithe siar i gcás go mbeidh airgead ag mic léinn ar an institiúid, mar shampla, táillí gan íoc nó fíneálacha leabharlainne go dtí go n-íocfar na táillí sin.

In imthosca eisceachtúla i ndiaidh na - scrúduithe athmheasúnaithe féadfaidh teagascóir an mhic léinn iarratas a dhéanamh chuig Cúirt an Chéad Achomhairc ar chead le haghaidh scrúdú speisialta a dhéanamh. Is in imthosca eisceachtúla amháin a fhéadfar scrúduithe speisialta a mholadh, mar shampla i gcás nach raibh mac léinn in ann a scrúduithe a chríochnú ag an seisiún - athmheasúnaithe de bharr tinnis nó ar chúis thromchúiseach eile.

## Rialacha maidir le Pas a Fháil agus maidir le Dul Chun Cinn – An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge.

1. Is é a bheidh i marc foriomlán an mhic léinn i ngach bliain ná meascán de mharcanna an mhic léinn i ngach modúl, arna ríomh de réir an ualaithe atá leithdháilte ar gach modúl.
2. Ní mór do mhac léinn pas a fháil i ngach modúl agus íosghrád 40% a bhaint amach i ngach modúl chun riachtanais na bliana a shásamh. Níl cead cúitimh ar leibhéal an mhodúil.
3. I gcás go mbeidh marc modúil comhdhéanta den mheánmharc ó dhá chomhpháirt measúnaithe nó níos mó, ceadófar comhpháirt theipthe amháin laistigh den mhodúl a chúiteamh ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt i sonraíocht an mhodúil. Beidh feidhm ag cúiteamh laistigh den mhodúl i gcás go bhfaighidh mac léinn pas foriomlán (40% nó níos airde) don mhodúl agus go bhfaighidh sé/sí 30% ar a laghad sa chomhpháirt measúnaithe laistigh den mhodúl.
4. I gcás go mbeidh níos mó ná pointe measúnaithe amháin i gceist le modúl, ní mór gach obair chúrsa a chur isteach agus gach scrúdú a dhéanamh chun go bhféadfaidh an mac léinn pas a fháil sa mhodúl. Is é sin le rá, teipfidh ar an mac léinn má tá aon

obair neamhchríochnaithe ann, fiú amháin i gcás gur mó meánghrád foriomlán an mhic léinn don obair a chríochnaigh sé/sí ná 40%. I gcásanna den sórt sin, taifeadfar NS (theip ar an mac léinn obair a chur isteach) in aghaidh an phasghráid.

5. I gcás na comhpháirteanna a leanas:
    - Na hAmharcealaíona agus na hEalaíona sa chéad bhliain (Bliain 1)
    - Drámaíocht agus na hEalaíona sa dara bliain (Bliain 2)
    - Ceol agus na hEalaíona sa tríú bliain (Bliain 3)

    ní mór do mhic léinn 40% ar a laghad a fháil sa chroí-chomhpháirt den mhodúl (.i. Na hAmharcealaíona sa chéad bhliain, Drámaíocht sa dara bliain agus Ceol sa tríú bliain).

6. I gcás na modúil seo a leanas:
    a. Modhanna Teanga (Múineadh an Bhéarla agus Múineadh na Gaeilge)
    b. Cumas Teanga (Teanga, Litearthacht & Litríocht and Cumas Cumarsáide sa Bhéarla agus sa Ghaeilge)
    c. Múineadh na Matamaitice/Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta
    d. Teagasc agus Foghlaim 2: Garchleachtas/Bainsteoireacht Iompair
    e. Corpoideachas/Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte

    ní bheidh feidhm ag cúiteamh inmheánach maidir leo. Chun críocha scrúdaithe, féadfar a mheas go mbeidh i ngach modúl atá ainmnithe sa mhír seo dhá chomhpháirt modúil lena ngabhann 2.5 creidiúint ECTS an ceann. Maidir le haon mhic léinn a dteipfidh orthu aon cheann de na comhpháirteanna "2.5 creidiúint" de na modúil luaite thíos, ní mór dóibh an chomhpháirt theipthe/na comhpháirteanna teipthe den mhodúl, agus í/iad sin amháin, a athdhéanamh.

7. Ní mór pas a fháil sa chomhpháirt scrúdú cainte de na modúil a leanas:
    a. Teanga, Litearthacht agus Litríocht (Gaeilge / Béarla) 1
    b. Teanga, Litearthacht agus Litríocht (Gaeilge / Béarla) 2
    c. Cumas Cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla don Scoil agus don Phobal

    neamhspleách ar na comhpháirteanna eile. (.i. ní fhéadfar teip sa chomhpháirt scrúdú cainte Gaeilge a chúiteamh)

- I gcás go bhfaighidh an mac léinn pasmharc comhiomlán sa chomhpháirt ábhartha den mhodúl ach go dteipfidh ar an mac léinn sa chomhpháirt Scrúdú Cainte Gaeilge, ní bheidh air/uirthi ach an scrúdú ó bhéal a athdhéanamh.
- I gcás go bhfaighidh an mac léinn teipmharc comhiomlán sa chomhpháirt den mhodúl agus go bhfaighidh sé/sí pasmharc sa scrúdú cainte Gaeilge, ní mór gach cuid den chomhpháirt den mhodúl, lena n-áirítear an scrúdú cainte Gaeilge, a athdhéanamh.
- I gcás go bhfaighidh an mac léinn pasmharc san atriail den scrúdú béil Gaeilge, méadófar an marc comhiomlán sa mhodúl dá réir sin, ach ní fhéadfar grád an mhic léinn sa mhodúl a ardú, .i. cuirfear uasteorainn leis an ngrád ag an ngrád comhiomlán buanaidh a fuair an mac léinn.

8. Ní fhéadfaidh mic léinn dul ar aghaidh lena mbliain go dtí go gcomhlíonfaidh siad riachtanais uile na bliana, lena n-áirítear an riachtanas socrúcháin scoile.

## Socrúchán Scoile

9. Maidir le haon mhac léinn a dteipfidh air/uirthi an chomhpháirt socrúcháin scoile in aon bhliain den chlár, ní thabharfar dó/di ach deis amháin chun an chomhpháirt sin a athdhéanamh.
10. Ní bheidh torthaí forlíontacha socrúcháin scoile faoi réir uasteorann in aon bhliain
11. Maidir le haon mhac léinn a dteipfidh air/uirthi sa socrúchán scoile sa tríú bliain nó sa cheathrú bliain, ceanglófar air/uirthi an modúl a athdhéanamh sa bhliain acadúil ina dhiaidh sin, laistigh den ghnáthchúrsa nó lasmuigh de, de réir mar a chinnfidh Cúirt na Scrúdaitheoirí.
12. Is í Cúirt Scrúdaitheoirí Speisialta an tsocrúcháin scoile a dhéanfaidh plé ar thorthaí socrúcháin a cuireadh siar i gcás mic léinn na ceathrú bliana (.i. B.Oid. 4) a fuair pasmharc sa socrúchán scoile agus i ngach modúl eile. Ní bhaineann sé seo le haon mhac léinn a fhaigheann teipmharc sa socrúchán scoile. Buaileann an chúirt in am (i dtreo thús Mhí Iúil) chun torthaí mhic léinn na ceathrú bliana a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta agus Coláiste na Tríonóide.

## Gráid

13. Úsáidfear na bandaí gráid seo a leanas le linn measúnú a dhéanamh ar an obair a rinneadh i modúil agus le haghaidh na dtorthaí foriomlána don chlár a chinneadh.

| Grád | Marc |
|---|---|
| **70% +** | Céim chéad onóracha - 1 |
| **60% - 69%** | Céim dara honóracha, an roinn uachtarach – 2.I |
| **50% - 59%** | Céim dara honóracha, an roinn íochtarach – 2.II |
| **40% - 49%** | Céim tríú honóracha – III |
| **30 – 39%** | Teip – F1 |
| **29 – 0%** | Teip – F2 |

14. Is ag Cúirt na Scrúdaitheoirí a dhéanfar cinntí maidir le marcanna ar an teorainn (49%, 59% 69%) a ardú.
15. Más rud é go mbeidh marc foriomlán an mhic léinn céad nó dara bliana ar an teorainn (.i. 49%, 59% agus 69%), féadfaidh an chúirt a mholadh go ndéanfaí grád an mhic léinn a shlánú suas go dtí an chéad ghrád eile i gcás:
    - Go bhfuair an mac léinn pas i ngach modúl sna scrúduithe bliantúla
    - Gur ghnóthaigh an mac léinn formhór a g(h)rád modúil (níos mó ná 50%) sa chéad leibhéal gráid níos airde eile
    - Gur ghnóthaigh an mac léinn an chéad leibhéal gráid níos airde eile sa dá ghrád socrúcháin scoile (.i. Ullmhú agus Pleanáil agus Teagasc agus Foghlaim).
16. Agus toradh céime deiridh an mhic léinn á ríomh, úsáidfear na marcanna ón tríú bliain agus ón gceathrú bliain de réir ualú 35/65. I dteannta a rangaithe céime, gheobhaidh mic léinn toradh deireadh bliana don tríú bliain agus don cheathrú bliain.
17. Ní bheidh grád céime deiridh foriomlán an mhic léinn níos mó ná leibhéal gráid an mhic léinn sa mhodúl socrúcháin scoile don cheathrú bliain, is cuma cé na marcanna a fuair sé/sí i modúil eile.

18. Ní bhreithneofar marcanna atá ar an teorainn lena slánú suas sa tríú bliain. I gcás mic léinn sa cheathrú bliain a bhfuil a m(h)arc céime foriomlán ar an teorainn, breithneofar gach marc modúil a fuarthas sna tríu agus sna ceathrú blianta.
19. I gcás marc ar an teorainn, ar mhiste a ardú sa cheathrú bliain, ní mór don mhac léinn na riachtanais a leanas a shásaimh:
    - Ghnóthaigh an mac léinn an chéad leibhéal gráid níos airde eile sa tráchtas.
    - Ghnóthaigh an mac léinn formhór a g(h)rád modúil (níos mó ná 50%) sa chéad leibhéal gráid níos airde eile sa cheathrú bliain.
    - Fuair an mac léinn pas i ngach modúl sa cheathrú bliain agus theip air/uirthi i modúl amháin ar a mhéad sa tríú bliain.
    - Ghnóthaigh an mac léinn an chéad leibhéal gráid níos airde sna dá ghráid socrúcháin scoile sa cheathrú bliain (ní mór do cheann díobh a bheith Teagasc agus Foghlaim) agus ghnóthaigh sé/sí an chéad leibhéal gráid níos airde sa mharc foriomlán don socrúchán scoile.

## Atrialacha/Scrúduithe Athmheasúnaithe

20. I gcás go dteipfidh ar mhac léinn i modúl (.i. tar éis dó/di marc 39% nó níos ísle a fháil) sna scrúduithe bliantúla, ní mór scrúdú nó tionscnamh athmheasúnaithe a dhéanamh ag an gcéad deis eile a bheidh ar fáil.
21. Ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt, ní cheanglófar ar mhic léinn, agus ní cheadófar dóibh, ach tabhairt faoi scrúdú athmheasúnaithe/scrúduithe athmheasúnaithe nó tionscna(i)mh athmheasúnaithe i gcomhpháirt measúnaithe/comhpháirteanna measúnaithe ar theip orthu inti/iontu nó nár chuir siad obair isteach di/dóibh.
22. I gcás aon mhac léinn a chuireann obair isteach le haghaidh scrúdú athmheasúnaithe /scrúduithe athmheasúnaithe nó tionscna(i)mh athmheasúnaithe agus ar taifeadadh NS d’obair neamhchríochnaithe gan leithscéal ag na scrúduithe bliantiúla, bronntar an marc ar an obair mar an dara hiarracht agus cuirfear uasteorainn 40% leis an marc as aon obair nár cuireadh isteach roimhe sin, fiú amháin i gcás go mbeidh údar le marc níos airde.
23. I gcás aon mhac léinn sa chéad bhliain nó sa dara bliain a dhéanann scrúdú/tionscnaimh athmheasúnaithe de bharr teip ag na scrúduithe bliantúla, ní

chuirfear aon uasteorainn leis na marcanna modúil a fhéadfar a bhronnadh ag na scrúduithe athmheasúnaithe . Maidir leis an toradh foriomlán deireadh bliana do mhic léinn a dhéanfaidh dul chun cinn ar bhonn na marcanna a fuarthas ag scrúdú athmheasúnaithe , ba cheart é a thaifeadadh mar “pas ag athmheasúnú” , e.g. 52% ‘Pas ag Athmheasúnaú’.

24. I gcás aon mhac léinn sa tríú bliain nó sa cheathrú bliain a dhéanann scrúdú/tionscnamh athmheasúnaithe de bharr teip ag na scrúduithe bliantúla, ní chuirfear aon uasteorainn leis na marcanna modúil a fhéadfar a bhronnadh ag scrúduithe athmheasúnaithe. Ina ionad sin bainfear 20% de na marcanna tugtha ó na marcanna a bronnadh ar an bpíosa oibre. I gcás go gcuireann an asbhaint seo an marc faoi bhun 40%, fágfar an marc coigeartaithe ag 40%.
25. Más rud é go dteipfidh ar mhac léinn comhpháirt measúnaithe de mhodúl sna scrúduithe athmheasúnaithe toisc go bhfuair sé/sí níos lú ná 30% sa chomhpháirt sin den mhodúl, beag beann ar cé acu a fuair nó nach bhfuair sé/sí pas sa mhodúl foriomlán, ní mór gach comhpháirt measúnaithe den mhodúl a dhéanamh ag an gcéad deis eile a bheidh ar fáil, ach amháin i gcás go sonrófar a mhalairt.
26. Más rud é go dteipfidh ar mhac léinn i modúl sna scrúduithe athmheasúnaithe, ach amháin i gcás an mhodúil socrúchán scoile, féadfaidh Cúirt na Scrúdaitheoirí cead a thabhairt don mac léinn an bhliain a athdhéanamh agus an modúl a thógáil ag an gcéad deis eile a bheidh ar fáil (.i. na céad scrúduithe bliantúla eile). Más rud é nach n-éireoidh leis an mac léinn sna dara scrúduithe bliantúla (.i. an tríú hiarracht san iomlán), féadfaidh sé/sí an scrúdú a dhéanamh uair amháin eile an fómhar dár gcionn. Más rud é nach n-éireoidh leis an mac léinn an babhta sin, ní fhéadfaidh sé/sí an scrúdú a dhéanamh arís agus ní mór don mhac léinn éirigh as an gcúrsa.
27. Is í Cúirt na Scrúdaitheoirí a chinnfidh cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar cead a thabhairt do mhac léinn an bhliain a athdhéanamh laistigh den ghnáthchúrsa nó an bhliain a iarchur .i. stádas “as na leabhair” (“off books”). Maidir le haon mhic léinn a dteipfidh orthu i modúl amháin nó dhá mhodúl, ach a gheobhaidh pas sa mhodúl socrúcháin scoile (gach comhpháirt), féadfaidh an chúirt a mholadh go n-athdhéanfaidh siad na modúil theipthe lasmuigh den ghnáthchúrsa, .i. as na leabhair. Maidir le haon mhic léinn a dteipfidh orthu i modúl amháin nó dhá mhodúl agus a dteipfidh an socrúchán scoile orthu agus aon mhic léinn a dteipfidh orthu i dtrí

mhodúl nó níos mó, athdhéanfaidh siad na modúil uile laistigh den ghnáthchúrsa, .i. ar na leabhair.

28. Maidir le haon mhic léinn a dtabharfar cead dóibh an bhliain a athdhéanamh lasmuigh den ghnáthchúrsa agus gan ach na scrúduithe amháin a dhéanamh, cuirfear a marcanna nua agus a ngrád foriomlán nua faoi bhráid Chúirt Bhliantúil na Scrúdaitheoirí, rud lena n-áireofar na marcanna a fuarthas sna hathscrúduithe a rinneadh agus na marcanna a tugadh ar aghaidh ón mbliain acadúil roimhe sin. I gcás go n-athdhéanfar modúl amháin nó níos mó d'aon bhliain laistigh den ghnáthchúrsa nó lasmuigh de, ní chuirfear uasteorainn le meánghrád foriomlán an mhic léinn ag an ngrád bliantúil foriomlán ón mbliain roimhe sin.

## Miontráchtas na Ceathrú Bliana

29. Maidir le haon mhac léinn a dteipfidh air/uirthi sa mhodúl tráchtais, féadfaidh Cúirt na Scrúdaitheoirí cead a thabhairt dó/di an modúl sin a dhéanamh dhá uair eile ar a mhéad.
    - Féadfar cead a thabhairt do mhic léinn an modúl a athdhéanamh den chéad uair ag an scrúdú athmheasúnaithe san fhómhar. Más rud é go dtabharfar an cead sin, ceanglófar ar mhic léinn leagan athbhreithnithe a chur isteach den tráchtas bunaidh a cuireadh isteach do na scrúduithe bliantúla. Ní bheidh maoirseacht bhreise ar fáil thar mhíonna an tsamhraidh. Beidh an cúnamh a bheidh ar fáil do mhic léinn teoranta don aiseolas a thabharfar ar an lá amhairc ar scripteanna agus do na hacmhainní a bheidh ar fáil ar líne trí Moodle. Cuirfear uasteorainn 40% leis an marc a fhéadfar a bhronnadh as an tráchtas athmheasúnaithe.
    - Maidir le haon mhic léinn nach n-éireoidh leo sa mhodúl tráchtais ag an scrúdú athmheasúnaithe, féadfaidh Cúirt na Scrúdaitheoirí cead a thabhairt dóibh an modúl a athdhéanamh, mar iarracht deiridh, laistigh den ghnáthchúrsa an bhliain acadúil dár gcionn. Ceanglófar orthu ceist taighde nua a roghnú agus a iniúchadh. Ní chuirfear aon uasteorainn leis an marc a fhéadfar a bhronnadh. Más rud é nach n-éireoidh leis an mac léinn an babhta sin, ní fhéadfaidh sé/sí an modúl a dhéanamh arís.

30. Más rud é go dteipfidh ar mhac léinn an tráchtas a chríochnú nó a chur isteach (do na scrúduithe bliantúla nó do na scrúduithe athmheasúnaithe,  nó don dá cheann díobh) gan fógra ná fianaise a thabhairt faoi imthosca ad misericordiam nó leighis, taifeadfar an toradh don mhodúl mar NC (neamhchríochnaithe) agus taifeadfar an grád foriomlán don bhliain mar TEIP. Ceanglófar ar an mac léinn an tráchtas a athdhéanamh laistigh den ghnáthchúrsa an chéad bhliain acadúil eile mar iarracht deiridh. Ní chuirfear aon uasteorainn leis an marc a fhéadfar a bhronnadh.

## An Rogha Scoir den Chúrsa Céime ag Leibhéal 7

In imthosca eisceachtúla (a bhaineann le himthosca leighis/sláinte, airgeadais nó gairmiúla de ghnáth), is amhlaidh, i gcás gur chomhlíon mac léinn na riachtanais uile i mblianta 1, 2 agus 3 den chúrsa, go bhféadfaidh sé/sí scor den chúrsa Baitsiléir san Oideachas nó Baitsiléir Eolaíochta agus dámhachtain leibhéal 7 (céim pas) ina s(h)eilbh. Maidir le haon mhac léinn ar mian leis/léi iarratas a dhéanamh ar scor den chúrsa agus céim leibhéal 7 a fháil, ba cheart dó/di iarratas a dhéanamh chuig Oifig an Chláraitheora a luaithe is féidir agus doiciméid ábhartha a sholáthar chun tacú leis an iarratas.

Féadfaidh mac léinn a dteipfidh air/uirthi sa cheathrú bliain iarratas a dhéanamh ar scor den chúrsa ag leibhéal 7.

Is é an Cláraitheoir a bhreithneoidh na hiarratais uile ar scor de chúrsa ag leibhéal 7 agus cinnfear iad ar bhonn cáis.

Maidir le haon mhic léinn a scoirfidh den chúrsa agus céim leibhéal 7 ina seilbh, ní fhéadfaidh siad dul isteach sa chúrsa an athuair.

## Céim Bhaitsiléara (Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí)

Tá aon mhac léinn a shealbhaíonn Gnáthchéim Bhaitsiléara, in ann na tréithe seo a leanas a thaispeáint, rud a léiríonn gur bhain siad na cáilíochtaí cuí amach:

a. Go bhfuil tuiscint acu (a thógann air agus a sháraíonn meánoideachas dara leibhéal ginearálta) den teoiric, de na coincheapa agus de na próisis a bhaineann le réimse nó réimsí foghlama (i gcás comhchéimeanna).
b. Go bhfuil eolas acu i sainréimse amháin nó níos mó, tacaithe ag ardtéacsleabhair.

c. Gur féidir leo an t-eolas agus an tuiscint seo a úsáid i mbealach a léiríonn cur chuige cuimsitheach feasach maidir lena n-obair nó a ngairm. Ba cheart freisin go mbeadh cumais acu a léirítear go hiondúil trí argóintí a chumadh agus a chothú agus trí fhadhbanna a cheapadh agus a réitiú laistigh dá réimse staidéir.

d. Go bhfuil máistreacht acu ar réimse sainscileanna agus sainuirlisí, ar féidir leo a úsáid mar is cuí chun díriú ar fhadhbanna casta, fadhbanna deartha san áireamh.

e. Gur féidir leo turgnaimh a chumad a bhaineann le bailiú sonraí, chun sonraí ábhartha a bhailiú agus ciall a bhaint astu a chabhróidh leo breithiúnas neamhspleách a dhéanamh, athmhachnamh ar cheisteanna ábhartha shóisalta, eolaíochta nó eiticiúla san áireamh.

d. Gur ndearna siad forbairt ar na scileanna foghlama sin atá riachtanach dóibh chun leanúint ar aghaidh le breis staidéir ag leibhéal Baistiléir Onóracha nó Ard-Dioplóma.

Tabhair faoi deara nach gcomhlíonfaidh dámhachtain leibhéal 7 na ceanglais le haghaidh clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta, 2016, ná na ceanglais le haghaidh dul ar aghaidh chuig cúrsaí áirithe ag leibhéal 9.

## Obair Chúrsa a Chur Isteach

Ní mór gach obair chúrsa, a chuimsíonn tionscadail, tionscnaimh, fóiliónna, irisí agus cleachtaí, a chur isteach faoin dáta dlite chun pionóis a sheachaint. Is iad seo a leanas na pionóis a mbeidh feidhm acu i gcás nach gcuirfear obair isteach faoin dáta dlite:

- Déanfar deich faoin gcéad de na marcanna a bhronnfar a asbhaint ó aon obair a chuirfear isteach suas le seachtain amháin tar éis dháta dlite na hoibre.
- Déanfar fiche faoin gcéad de na marcanna a bhronnfar a asbhaint ó aon obair a chuirfear isteach idir seachtain amháin agus dhá sheachtain tar éis dháta dlite na hoibre.
- Ní ghlacfar le tionscnaimh níos mó ná dhá sheachtain tar éis an dáta dhlite agus taifeadfar nár chuir an mac léinn an tionscnamh isteach (NS) -.

I gcás go dtabharfar fógra roimh ré agus dea-chúis, féadfaidh an léachtóir lena mbaineann na dátaí dlite, i gcomhairle le teagascóir pearsanta an mhic léinn agus leis an gCláraitheoir, dátaí dlite a fhadú, de réir mar is cuí.

Ní mór iarratais maidir le síneadh ama a dhéanamh i scríbhinn chuig an léachtóir agus féadfar iad a dheonú ar  chúiseanna leighis (fad a sholáthrófar deimhniú ó dhochtúir leighis) nó i leith cásanna *ad misericordiam* (le ceadú ó theagascóir pearsanta an mhic léinn). I gcásanna inar tugadh síneadh ama, is gá an dáta dlite nua agus síniú an léachtóra a chur ar bhileog chumhdaigh an tionscnaimh. Maidir le pionóis a chur i bhfeidhm, déanfar dáta dlite an tionscnaimh den dáta dlite athbhreithnithe.

Ceanglófar ar mhic léinn cóip a choinneáil de gach tionscnamh a chuirfear isteach.

Más rud é nach bhfaighfear pas i nó nach gcuirfear an tionscnamh isteach sna scrúduithe bliantúla, féadfaidh Cúirt na Scrúdaitheoirí cead a thabhairt do mhic léinn tionscnamh athmheasúnaithe  a chur isteach. Is é 1:00 i.n. ar an gcéad lá de na scrúduithe scríofa an dáta deiridh a ghlacfar le tionscnaimh athmheasúnaithe.  Déantar an tionscnamh a uaslódáil ar an leathanach tiomnaithe athmheasúnaithe ar Moodle ar nó roimh an spriocdháta ainmnithe.

Ní ghlacfar le tionscnaimh athmheasúnaithe  a gheofar tar éis an spriocdháta ach amháin i gcás go mbeidh fianaise scríofa (e.g. deimhniú dochtúra) ar imthosca maolaitheacha ag gabháil leo. Ní fhéadfar glacadh in aon chás le tionscnaimh athmheasúnaithe  a gheofar tar éis 5:00 i.n. ar an Aoine de sheachtain na scrúduithe forlíontacha.

## Líon na bhFocal

Má chuirtear isteach tionscnamh ina bhfuil líon na bhfocal os cionn 10% i gcomparáid le líon molta na bhfocal, bainfear marcanna. Sa chás go léirítear líon molta focal mar raon (m.sh. 2000-2500), cuirfear an pionós i bhfeidhm má sáraíodh an uasteorainn 10% nó níos mó. Bainfear marcanna freisin má tá líon na bhfocal 10% faoi líon molta na bhfocal.

## Scrúdaitheoir Seachtrach

An Dr Máire Nic an Bhaird, Ollscoil Mhá Nuad.

## Bradaíl

Léigh na sainmhínithe agus na prionsabail seo a leanas a forbraíodh maidir le saincheist na bradaíola. Ba cheart iad a léamh i gcomhar leis an mbeartas maidir le bradaíl atá i bhfeidhm ag Institiúid Oideachais Marino, rud atá ar fáil ar shuíomh IOM.

### Ginearálta

Baineann gach duine den phobal acadúil úsáid as an obair agus na smaointe de chuid daoine eile agus cuireann siad leis an obair agus na smaointe sin. Glactar leis i gcoitinne, áfach, go gcuirfimid leis an obair agus na smaointe de chuid daoine eile ar bhealach follasach oscailte agus go dtabharfaimid aitheantas cuí dóibh.

Is é is bradaíl ann ná an obair nó na smaointe de chuid daoine eile a chur i láthair mar obair nó smaointe de do chuid féin, gan aitheantas cuí a thabhairt dóibh.

Is féidir le bradaíl teacht as gníomhartha a rinneadh d'aon ghnó agus as smaointeoireacht agus/nó modheolaíocht mhíchúramach. Is leis an ngníomh agus iarmhairtí an ghnímh, seachas le meon nó rún an déantóra, a bhaineann an cion.

Is faoi údar aon phíosa oibre a bheidh sé a chinntiú nach ndéanfaidh sé/sí bradaíl.

Féachtar ar bhradaíl mar ghníomh atá calaoiseach ón taobh acadúil de agus mar chion in aghaidh ionracas acadúil agus tá sí faoi réir phróiseas smachta na hInstitiúide.

### Samplaí de Bhradaíl

a) An obair de chuid mic léinn eile a chóipeáil.
b) Duine nó daoine eile a liostáil chun tionscnamh a chríochnú thar ceann an mhic léinn.
c) An obair nó na smaointe de chuid duine eile a cheannach, le híocaíocht nó ar shlí eile;
d) Sliocht a lua go díreach, agus gan aitheantas, as leabhair, ailt, nó foinsí eile, cibé acu i bhformáid chlóite, thaifeadta nó leictreoineach, lena n-áirítear suíomh gréasáin agus na meáin shóisialta.

Is féidir le samplaí (c) agus (d) go háirithe teacht as smaointeoireacht agus/nó modheolaíocht míchúramach i gcás mic léinn:

i. go dteipfidh orthu idirdhealú a dhéanamh idir a gcuid smaointe féin agus na smaointe de chuid daoine eile
ii. go dteipfidh orthu nótaí cuí a thógáil le linn réamhthaighde agus, dá bharr sin, go gcaillfidh siad cuntas ar na foinsí as ar tarraingíodh na nótaí.
iii. go dteipfidh orthu idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis nach gá aon aitheantas a thabhairt di toisc go bhfuil sí le fáil go réidh san fhearann poiblí agus faisnéis a bhféadfadh eolas forleathan a bheith uirthi ach, beag beann air sin, ar gá aitheantas de chineál éigin a thabhairt di.
iv. go dtiocfaidh siad ar mhodheolaíocht shainiúil nó smaoineamh sainiúil agus go dteipfidh orthu foinse na modheolaíochta nó an smaoinimh sin a thaifeadadh.

Níl an liosta thuas uileghabhálach agus níl ann ach samplaí de bhradaíl.

### Bradaíl i gComhthéacs Obair Ghrúpa

Tríd is tríd, níor cheart do mhic linn obair a rinneadh i gcomhar le mic léinn eile a chur isteach ach amháin i gcás go bhfuil an léachtóir lena mbaineann ar an eolas go hiomlán faoi sin agus gur thug sé/sí cead dóibh é sin a dhéanamh. Gan an méid sin, is féidir go measfar gur bradaíl é obair a tháinig as claonpháirteachas le mic léinn eile a chur isteach.

I gcás go gcuirfear obair isteach mar thoradh ar thionscadal grúpa, is faoi na mic léinn uile sa ghrúpa a bheidh sé a chinntiú, a mhéid is féidir é, nach ndearna an grúpa bradaíl ar obair eile ina phíosa oibre féin.

### Féinbhradaíl

Tríd is tríd, ní fhéadfar aon phíosa oibre amháin a chur isteach do níos mó ná measúnú amháin le haghaidh creidiúna. I bhformhór na gcásanna, measfar gur bradaíl é an t-aon phíosa oibre amháin a athchur isteach do níos mó ná measúnú amháin le haghaidh creidiúna.

### Bradaíl a Sheachaint

Ba cheart do mhic léinn ionracas a gcuid oibre a chinntiú trí chomhairle a lorg óna léachtóirí, óna dteagascóir nó óna stiúrthóir maidir le conas is féidir leo bradaíl a sheachaint.

Agus tionscnaimh á gcur isteach acu, ní mór do mhic léinn bileog chumhdaigh ina bhfuil an dearbhú seo a leanas a chomhlánú:

"Léigh mé an beartas maidir le bradaíl atá i bhfeidhm ag Institiúid Oideachais Marino agus tuigim é. Chríochnaigh mé an Rang Teagaisc ar Líne maidir le bradaíl a sheachaint freisin. Tugtar "Ready, Steady, Write" ar an Rang Teagaisc sin agus tá sé ar fáil ag http://tcd-ie.libguides.com/plagiarism/ready-steady-write."

Réiteofar gach cás atá faoi amhras bradaíola san Institiúd de réir Beartas Bradaíola Oideachais IOM.

## Treoirlínte maidir le hIonrachas Acadúil

Forbraíodh beartas agus gnás maidir le hIonrachas Acadúil in Institiúid Oideachais Marino. Tá na doiciméid seo ar fáil ar shuíomh IOM:
https://www.mie.ie/en/about_us/policies_and_procedures/academic/" \t "_blank

## Duaiseanna agus Gradaim

Ag deireadh na céime bronntar na gradaim a leanas:

- Ag deireadh ana cheathrú bliain, bronnann Cumann Múinteoirí Éireann gradam Vere Foster ar an mac léinn a fhaigheann an grád is airde ón socrúchán scoile sa cheathrú bliain.
- Bronnann an Roinn Oideachais agus Scileanna gradam Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh (Louise Gavan Duffy) ar an mac léinn a fhaigheann an marc is airde san oideachas agus sa socrúchán scoile i dteannta a chéile ag deireadh na ceathrú bliana.
- Bronntar duais ar an duine a thagann sa chéad áit sa Ghaeilge i scrúduithe na céime agus bronntar Gradam na Gaeilge ar an duine a dhéanann an méid is mó chun an Ghaeilge a chur chun cinn san Institiúid.
- Bronnann Institiúid Oideachais Marino bonn óir ar aon mhic léinn sa cheathrú bliain a bhfuil marc céime foriomlán cothrom le 73% nó níos airde, bunaithe ar thorthaí na tríú agus na ceathrú bliana, arna ríomh de réir ualú 35:65, i gcás go ngabhann marc 70% nó níos airde le gach modúl sa cheathrú bliain. Má bhíonn níos mó ná mac léinn amháin sa chatagóir seo, cuirfear marc an tráchtais san áireamh.
- Tugann an Bonn Ealaíon aitheantas do cheannaireacht ionchasach sna healaíona san oideachas trí rannpháirtíocht leanúnach leis na healaíona in IOM, trí fhorbairt chomhreathach de chleachtas pearsanta ealaíona nó trí sháreiseamláir a thabhairt de léinn nó taighde bainteach leis na healaíona san oideachas in IOM.

## Acmhainní Acadúla

### Seirbhísí Leabharlainne

Tá Learbhalann IOM suite i bhfoirgneamh Naomh Pádraig agus soláthraíonn sí réimse seirbhísí agus áiseanna chun tacú le teagasc, foghlaim agus taighde in IOM. Áirítear leis seo iasachtaí idirleabharlainne, seirbhísí sleachta digiteacha agus liostaí léitheoireachta, chomh maith le "leabharlann earraí" d'fhearas agus acmhainní múinteoireachta ar féidir tabhairt ar iasacht. Tá díreach faoi bhun 30,000 earra ar sheilfeanna na leabharlainne agus íoctar síntiús le líon méadaitheach áiseanna leictreonacha, ina n-áirítear rochtain ar bhreis agus 7,000 ríomhleabhar agus breis agus 14,000 teideal ríomh-irisleabhar ar 8 mbunachar sonraí acadúla. Is féidir rochtain a fháil orthu seo trí shuíomh na leabharlainne. Tá cnuasach tagartha, cnuasach gearr- agus fadiasachta téacsanna acadúla mar aon le ficsean do dhaoine fásta agus acmhainní múinteoireachta sa leabharlann. Críochnaítear láthair na leabharlainne le seomra staidéir ghrúpa, seomra léitheoireachta, láthair ríomhairí agus cúinne léitheoireachta ciúin. Chomh maith leis sin tugann foireann na leabharlainne saintacaíocht maidir le scileanna taighde a fhorbairt, rochtain a fháil ar agus úsáid a bhaint as cnuasach foinsí scolártha na leabharlainne. Téigh ar shuíomh na leabharlainne do thuilleadh eolais agus uaireannta oscailte.

### Uirlisí Foghlama

Úsáidtear raon d'uirlisí ar líne chun ábhar foghlama aisioncronach/sioncronach a chur ar fáil do mhic léinn in Institiúid Oideachais Marino. Úsáidtear na huirlisí foghlama a leanas agus tá siad bunaithe ar thaighde reatha sna prionsabail de ríomhfhoghlaim agus de dhearadh teagaisc, áit a stiúrann an oideolaíocht (in ionad na n-uirlisí) an léacht.

Is é atá in Moodle ná - timpeallacht fhíorúil foghlama Institiúid Oideachais Marino. Foilseofar gach píosa ábhar foghlama an chláir do mhic léinn ar Moodle. Úsáidtear an t-ardán seo le haghaidh ábhair an mhodúil, ranganna ar líne a óstáil, chun bainistíocht a dhéanamh ar thascanna, agus chun tacaíochtaí agus aiseolas a sholáthair.

Úsáidtear na hardáin físchomhdhála atá comhtháite - le Moodle chun tacú le ranganna ar líne. Is é atá in Panopto ná bogearra bainistíochta ábhair físe IOM. Foilseofar taifeadadh na

léachtaí trí Panopto agus Moodle. Cuirfear feidhmiúlacht taifeadta Panopto ar fáil do na mic léinn chun cur i láthair físe a chur isteach mar thascanna.

Úsáidtear an - bogearra seiceála agus coisc in aghaidh bradaíola, Turn-it-in, ar do thascanna théacsbhunaithe in Institiúid Oideachais Marino.

Tugtar ceadúnas/cuntas Microsoft 365 in aisce do gach mac léinn in IOM d'fhád a staidéir. Ligeann Microsoft 365 do mhic léinn rochtain a fháil ar na haip Microsoft ar líne, mar shampla Word, Excel agus PowerPoint do dhearadh ábhar, Outlook don ríomhphost, OneDrive - chun do dhoiciméid a stóráil agus Teams i gcomhair comhoibriú.

Tá rochtain ag gach mac léinn ar iondochtú fíorúil ar líne roimh dóibh logáil isteach ar aon ceann de chóras TF agus ríomhfhoghlama na hInstitúide.

### An Oifig Oideachais

Tá an Oifig Oideachais lonnaithe i bhfoirgneamh Naomh Muire agus is lárionad seirbhíse do mhic léinn í. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá díolachán leabhair agus taisceadh/bailiúchán tascanna. Oibrímid i ndlúthchomhar le hOifig an Cláraitheora chun monatóireacht a dhéanamh ar asláithreachtaí mac léinn agus le cinntiú go mbíonn na taifid tinrimh suas chun dáta.

Mar bhaill den Oifig Oideachais tá riarthóirí an tsocrúcháin scoile a choinníonn súil ar gach socrú a bhaineann le socrúcháin don B.Ed., B.Oid, B.Eol. Luath-Oid, PDEFE agus B.Eol Léann Oid. Lonnaithe san oifig chomh maith tá an Oifig Idirnáisiúnta, a dhéanann bainistíocht ar na cláir Erasmus, IFP agus cláir Staidéir Thar Lear Meiriceá agus tá na riarthóirí ann chun tacaíocht a thabhairt do na mic léinn idirnáisiúnta.

Cuirtear tacaíocht riaracháin ar fáil don fhoireann i gcoitinne agus mar sin féadfar baill den Oifig Oideachais a fheiceáil ag tabhairt lámh cúnta ag ócáidí nó ag an deasc fáilte nó ag tabhairt cabhair bhreise sna seomraí ranga.

Tá an oifig oscailte ó Luan go hAoine idir 9:00 r.n. - 5.00 i.n.

## Treoirlínte maidir le Cur i Láthair Tascannna Scríofa

### Obair Chúrsa a Chur i Láthair

Ar aon dul le cineál céime tríú leibhéal, caithfidh gach tasc a bheith scríofa i dteanga shoiléir bheacht; tagairtí cuí do na foinsí a úsáidtear a lua nuair is ábhartha; agus leabharliosta iomlán de na foilseacháin a luadh a bheith ann.

### Gnéithe ginearálta an chur i láthair

Ní mór na tascanna ar fad a chur le chéile go cúramach agus a chur isteach faoi mar a shonraítear sna modúil aonair. Ba cheart na hábhair ghaolmhara ar fad (mar shampla, físchomhaid nó comhaid fuaime) a lipéadú go cúramach agus liosta a chur ar fáil leis an tasc.

Ba cheart na leathanaigh a uimhriú agus go leor d'imeall a fhágáil chun tráchtanna a chur isteach. Tá slachtmhaireacht tábhachtach agus ba chóir aird a thabhairt ar chur i láthair maith – litreoireacht, leagan amach na ngrianghraf, léaráidí, cruinneas an léirithe, paragraif, litriú agus poncaíocht. Seiceáil cruinneas an mhéid a scríobhann tú i gcónaí.

Ba cheart leathanach teidil a chur ar fáil ina sonraítear:

- an modúl agus an chomhpháirt lena mbaineann an tasc.
- teideal an taisc.
- ainm an léachtóra a bhfuil an tasc á chur isteach chuige nó chuici.
- ainm na céime.
- dáta cur isteach.
- ainm agus uimhir an mhic léinn.
- dearbhú gurb é an mac léinn údar na hoibre (nó na mic léinn, nuair is obair ghrúpa a bhíonn i gceist).

Ba chóir go mbeadh leabharliosta i ndiaidh an téacs agus aguisíní ar bith.

Ba chóir do na tagairtí cloí le córas American Psychological Association (APA).

### Nótaí maidir le hobair déanta ar an bpróiseálaí focal

Ba chóir páipéar A4 a úsáid agus ba chóir go mbeadh spásáil dhúbailte idir línte. Ba chóir go mbeadh imeall 20mm ar a laghad ar thaobh na láimhe clé den leathanach agus imill 15 mm ar a laghad ag an mbarr, ag an mbun agus ar thaobh na láimhe deise.

### Aguisíní

Is féidir nótaí an-fhada nach féidir a sheachaint a thabhairt in Aguisín. Áirítear leo sin, táblaí, staidrimh figiúirí, graif, léaráidí nó samplaí d'obair pháistí. Ba cheart a dtábhacht, céard as ar tháinig siad agus a ndáta a thaispeáint go soiléir agus ba cheart tagairt a dhéanamh dóibh i dtéacs na haiste.

Ná cuir rud ar bith in Aguisín a bheadh ina chuid d'argóint mhionsonraithe agus leanúnach i gcorp na haiste.

## Eolas faoi Scrúduithe a Dhéanamh

Cuirfear léarscáil de na suíocháin suas taobh amuigh den ionad scrúduithe ar lá an scrúdaithe. Do gach measúnú, dáilfear uimhir shuíocháin uathúil, uimhir 3-dhigit le litir roimpi, agus déanfar iad a phostáil ar leathanach pearsanta MAESTRO na mac léinn. Teastóidh a n-uimhir mic léinn 8 ndigit, atá ar fáil ar an gcuntas mic léinn ar MAESTRO, ó na mic léinn chomh maith. Déanfar na scripteanna a mharcáil gan ainm agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go scríobhfar uimhir shuíocháin agus an uimhir mic léinn ar chlúdach gach leabhráin scrúdaithe a úsáideann gach mac léinn. Is sampla é G625 d'uimhir shuíocháin scrúdaithe samplach do mhic léinn ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge.

Moltar do na mic léinn a bheith ansin 15 nóiméad ar a laghad sula dtosóidh an scrúdú chun gur féidir leo an áit a mbeidh siad ina suí a sheiceáil. Ní mór do na mic léinn a gcárta mic léinn a choinneáil ar dheasc an scrúdaithe le linn na scrúduithe i gcónaí. Ní mór cásanna pinn luaidhe, srl. a chur faoin gcathaoir chun cloí le polasaí "deasc ghlan" Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Caithfear fóin phóca a chasadh as go hiomlán sna ionaid scrúduithe.

## Treoirlínte maidir le Dul Siar ar Scrúduithe

Is scileanna iad teicnící dul siar agus scrúdaithe ar féidir iad a fhoghlaim agus a chleachtadh.

## Am le Dul Siar

### Am le Dul Siar a phleanáil

- Faigh amach faoi sceideal na scrúduithe.
- Cinn *nuair* a thosóidh tú agus oibrigh amach cé chomh fada a bheidh agat ansin.
- Cinn cad é a chlúdóidh tú agus cé chomh domhain agus a chlúdóidh tú é. Mar shampla – cá mhéad is féidir leat a chlúdach i 45 nóiméad, mar shampla?
- Plean amchlár atá indéanta/réadúil.

### Ag Baint Úsáid as an Am le Dul Siar

Caithfidh an t-am le dul siar a bheith gníomhach. Dá mhéad a dhíríonn tú agus a dhéanann tú machnamh air, is ea is fusa cuimhneamh air.

### Nótaí léaráide: straitéis amháin

- Tarraing bosca i lár leathanaigh bháin agus scríobh an topaic sa bhosca.
- Ó do chuimhne, cuir isteach na príomhtéamaí/príomhargóintí, údair thábhachtacha, srl. sna fobhoscaí ag gathú ón lár.
- Téigh siar air ansin de réir mar is ábhartha.
- Ina dhiaidh sin, ó do chuimhne, líon isteach rud ar bith a d'fhág tú ar lár.
- I ndiaidh thart ar 24 uair an chloig, bain triail as scrúdú athchuimhne.

(D'fhéadfadh greillí nó táblaí athchomair a bheith ina rogha úsáideach eile do roinnt topaicí.)

### Iarpháipéir agus Páipéir Shamplacha

Bain triail as:

- Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna agus pleananna creata do fhreagraí a scríobh.
- Réamhrá gairid ar cheist a scríobh.
- Ag tacú leis an argóint: déan plean agus scríobh na príomhphointí agus na príomhargóintí síos sa cholún ar thaobh na láimhe clé agus scríobh an t-ábhar tacaíochta sa cholún ar thaobh na láime deise. Mar shampla – fianaise ábhartha, samplaí, léaráidí, ábhair chás-staidéir, téacsanna, údar a bhaineann le teoiric srl.
- Triail a bhaint as ceist iomlán faoi dhálaí uainithe.

- Glac ceist scrúdaithe agus samhlaigh gur shocraigh tú féin í. Déan liosta de na gnéithe ar leith a dtabharfá marcanna dóibh i bhfreagra.
- Pleanáil freagraí aiste le daoine eile i seisiún tobsmaointeoireachta: caith 5 nóiméad ag scríobh réamhrá don cheist chéanna, ansin déan comparáid agus pléigh, ag féachaint ar a bhfiúntais choibhneasta.

**Teicnící Scrúdaithe**

Cosúil leis an teicníc dul siar, is rud an-phearsanta é an teicníc scrúdaithe. B'fhéidir nach mbeadh an rud a oibríonn do dhuine amháin úsáideach do dhuine eile. Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeofá trí thaithí cad a oibríonn *duitse*, ach d'fhéadfá tosú le roinnt túschomhairle.

Roinnt botún a dhéantar go coitianata i scrúduithe:

- Gan cloí le buntreoracha scrúdaithe.
- Mí-leithdháileadh ama – mar shampla gan ach 3 cheist as 4 cinn a fhreagairt, is é sin 25% de na marcanna a chaitheamh uait (má iompraíonn na ceisteanna ar fad na marcanna céanna).
- Gan an cheist a chuirtear a fhreagairt, an cheist a mhíléamh nó an chiall chontráilte a bhaint aisti: ag scríobh 'an méid atá ar eolas agam faoi...'
- Freagraí a bhunú go mór ar 'ghnáthchiall' seachas ar ábhar an mhodúil.
- Gan argóintí a léiriú agus gan tacú leo, mar shampla, le tagairtí do theoirici, údair, cás-staidéir srl. faoi leith.
- Easpa pleanála agus mar thoradh air sin, freagraí nach bhfuil struchtúrtha go maith agus freagraí atá trí chéile.
- Easpa conclúidí agus freagraí a théann i ndísc.
- Scríobh doléite.

**Straitéisí Scrúdaithe**

Léigh treoracha an scrúdaithe go cúramach.

- Cá mhéad ceist atá le freagairt? Mar shampla, i bpáipéar 3 huaire, má chaithfear 4 cheist a fhreagairt beidh thart ar 45 nóiméad agat chun gach ceist a fhreagairt.
- Léigh tríd an bpáipéar agus roghnaigh ceisteanna go cúramach, glac 5-10 nóiméad leis sin a dhéanamh. Bain triail astu san ord is mó a bhfuil tú sásta leis.

- Ná cuireadh daoine eile atá ag scríobh go tapa isteach ort.
- Léigh an cheist go cúramach; cuir líne faoi eochairfhocail – cuimhnigh gurb í an aidhm, an cheist shonrach a fhreagairt agus ní eolas a chur in iúl go díreach.

**Tobsmaoineamh**

- Scríobh síos smaointe ábhartha de réir mar a smaoineoidh tú orthu sa leabhar freagraí. Scríobh síos na príomhthéamaí agus na príomhargóintí, smaointe faoi choinceapa, léaráidí agus samplaí agus foinsí/údair ábhartha.
- Sórtáil na pointí scríofa  in ord ciallmhar. Cuir uimhir le gach pointe go díreach chun an t-ord a chinnfidh tú a chur in iúl.

**Pleanáil**

- Scríobh pleananna sa leabhar freagraí agus ticeáil iad go néata ina dhiaidh sin chun obair gharbh a léiriú.
- Is maith le roinnt mac léinn na freagraí ar fad a phleanáil ar dtús. Is fearr le mic léinn eile ceann amháin a ghlacadh ag an am - déan an rud is mó a oireann *duitse.*

**Freagraí a scríobh**

- Coinnigh ort ag tagairt siar don cheist i do fhreagra chun tú a choinneáil ar an mbóthar ceart agus taispeáin go bhfuil aghaidh á tabhairt agat ar an gceist.
- Ná déan dearmad ar do réamhráite agus ar do chonclúidí. Bain úsáid as réamhráite leis an dóigh a bhfuil sé beartaithe agat dul i ngleic leis an gceist a léiriú go soiléir. Má tá an cheist débhríoch ar bhealach ar bith, luaigh an dóigh ar thuig tú í. Tarraing d'argóint le chéile go soiléir i gconclúid.
- Má chuimhníonn tú go tobann ar phointe tábhachtach, scríobh i mbosca é agus cuir saighead nó réiltín leis lena thaispeáint cén áit inar chóir dó a bheith – ionas nach millfidh tú an sruth.
- Scríobh go hinléite.

**Cúrsaí Ama**

Cuimhnigh ar choinneáil le cúrsaí ama chomh docht agus is féidir leat: agus tú ag druidim le deireadh an ama leithdháilte do cheiste, déan iarracht í a thabhairt chun críche agus bog ar

aghaidh go dtí an chéad cheann eile. Má bhíonn tú gann ar am don cheist dheireanach, scríobh rud éigin síos, mar shampla, “Dá mbeadh am agam dhéanfainn....”

| **Eochairfhocail a úsáidtear sa tasc agus sna ceisteanna scrúdaithe** | |
|---|---|
| **Tabhair cuntas ar** | Mínigh, soiléirigh, tabhair cúiseanna do |
| **Measúnaigh** | Cinn luach de, meas |
| **Déan comparáid idir** | Cuardaigh cosúlachtaí agus difríochtaí idir |
| **Déan codarsnacht ghéar idir** | Cuir i gcodarsnacht é chun na difríochtaí a fháil |
| **Déan léirmheas ar** | Déan breithiúnas (tacaithe ag plé ar an bhfianaise nó ar an réasúnú lena mbaineann) faoi fhiúntas na dteoiricí nó na dtuairimí, faoi fhírinne fíricí. |
| **Déan cur síos ar** | Tabhair cuntas mionsonraithe ar |
| **Pléigh** | Mínigh, ansin tabhair dhá thaobh de na ceisteanna agus impleachtaí ar bith |
| **Déan meastóireacht** | Déan breithmheas d’fhiúntas / de bhailíocht /d’éifeachtúlacht rud éigin i bhfianaise a fhírinne nó a úsáidteachta. |
| **Scrúdaigh an argóint gur** | Breathnaigh go mion ar an líne argóinte sin. Mínigh. Tabhair sonraí faoi conas agus cén fáth a bhfuil sé |
| **Cá mhéad** | |
| **Cé chomh fada....** | Baineann sé sin de ghnáth le féachaint ar an bhfianaise/argóintí i gcoinne agus in éadan agus measúnú a dhéanamh |
| **Léirigh** | Tabhair príomhghnéithe nó na prionsabail ghinearálta ábhair, ag fágáil mionphointí |

| Eochairfhocail a úsáidtear sa tasc agus sna ceisteanna scrúdaithe | |
|---|---|
| | ar lár agus ag cur béime ar struchtúr agus ar eagrú |
| **Déan achoimre ar** | Tabhair míniú beacht soiléir ar....ag cur na príomhthosca i láthair , agus ag fágáil mionphointí agus samplaí ar lár |

## Gnáthchritéir maidir le Meastóireacht ar Chuir i Láthair

### Ullmhú

- Doimhneacht agus fairsinge na léitheoireachta
- Róil a shoiléiriú
- Cuspóirí a chinneadh
- An clár oibre a cheapadh
- An clár oibre a sholáthar in am
- Tascanna léitheoireachta a leithdháileadh

### Cur i Láthair

- An topaic a chur i láthair
- Aidhmeanna agus cuspóirí a mhíniú
- Ag labhairt go soiléir agus go muiníneach
- Úsáid a bhaint as bileoga eolais
- Úsáid a bhaint as áiseanna closamhairc
- Úsáid a bhaint as TF
- Suim sa topaic a bhainistiú

### An Grúpa a Bhainistiú

- An clár oibre a bhogadh ar aghaidh
- Ábharthacht a choimeád
- Achoimre a dhéanamh nuair is gá

- Páirt a thabhairt do gach duine
- Gan ligean do dhuine ar bith bheith i réim
- Atmaisféar suaimhneach a spreagadh
- Am an phlé a thomhas

**Plé/Anailís**

- Feasacht ar na ceisteanna ábhartha
- Plé eolasach a spreagadh
- Úrmhaireacht an smaoinimh agus an bhreithiúnais
- Dearcthaí daoine eile a chur san áireamh
- Freagairt ar cheisteanna
- Eolas a chur ar fáil
- Cad atá ábhartha a chinneadh
- Plé a shoiléiriú
- Teacht ar chonclúid dhearfach ón ngrúpa

## Critéir Ghrádaithe

Is éard atá i gceist leis an gcur síos seo ar ghráid ná treoirlínte a chur ar fáil le haghaidh marcála – idir obair chúrsa agus obair scrúdaithe - sa B. Oid., B. Ed., B. Eol. i Léann an Oideachais, B.Eol. sa Luathoideachas agus MGO. Níor chóir a ghlacadh leis gur saintreoracha dochta iad, ach gur tásc ginearálta iad ar na cáilíochtaí a lorgaítear ag gach leibhéal gráid. Ba chóir do mharcálaithe a ndiscréid a úsáid agus na treoirlínte sin á gcur i bhfeidhm agus níor chóir dóibh bheith ag dréim go gcomhlíonfar gach critéar i ngach cás chun grád faoi leith a bhronnadh. Mar shampla, d’fhéadfadh go mbeadh níos mó bainte ag roinnt critéar leis an obair chúrsa ná mar atá le freagraí scrúdaithe.

### I- Grád Céad Onóracha (70-100%)

Léiríonn obair den chéad ghrád feidhmíocht shármhaith go feidhmíocht den scoth ina dtaispeántar tuiscint chríochnúil ar an ábhar. Chomh maith le máistreacht ar réimse iomlán leathan den litríocht chaighdeánach agus/nó modhanna agus teicnící caighdeánacha an ábhair, taispeánann obair ar an leibhéal seo neamhspleáchas breithiúnais agus fianaise na gnóthachtála thar an ngnáth-ábhar. Taispeánfar inti go minic saintréithe amhail tuiscint,

samhlaíocht, úrmhaireacht agus cruthaitheacht. Léireoidh freagra den chéad ghrád freagra cuimsitheach agus beacht ar an gceist lena dtaispeánfar eolas mionsonraithe ar an ábhar ábhartha chomh maith le bonn eolais leathan. Beidh teoiric agus fianaise comhtháite go maith agus beidh breithiúnas maith le feiceáil maidir le rogha na bhfoinsí, smaointe, modhanna nó teicnící agus beidh siad eagraithe go cuí chun aghaidh a thabhairt ar an gceist nó ar an bhfadhb. Léireoidh an mac léinn ardleibhéal cumais eolas agus smaointe a mheas agus a chomhtháthú, déileáil le heolas ar bhealach criticiúil, agus réasúnú agus argóint a dhéanamh ar bhealach loighciúil. Nuair is ábhartha, léireoidh an mac léinn ardleibhéal cumais eolas a anailísiú, ciall a bhaint as ábhar, fadhbanna a réiteach, smaointe agus coincheapa úra a chruthú agus eolas a chur i bhfeidhm ar chásanna nua. Beidh cur i láthair an eolais, na n-argóintí agus na gconclúidí deisbhéalach agus scríofa go soiléir agus d'fhéadfadh go dtaispeánfadh sé soiléire i léiriú atá cuí don ábhar.

Is í an difríocht idir píosa oibre den chéad ghrád agus ceann dá mbronnfar dara grád (uachtarach), ná níos mó soiléire, níos mó neamhspleáchais maidir le breithiúnas agus doimhneacht, níos mó i léargas agus méid éigin úrmhaireachta, níos mó fianaise ar chumas ábhar a chomhtháthú, agus fianaise ar fhairsinge na léitheoireachta agus an taighde sa chéad ghrád nach mbíonn i láthair sa dara grád.

Mar sin taispeánann píosa oibre den Chéad ghrád saintréithe dearfacha amhail:

- Tugtar freagra ar an gceist go soiléir agus go cuimsitheach, ar bhealach fócasaithe.
- Tá struchtúr agus eagrú sármhaith leis.
- Taispeántar saintréithe amhail tuiscint, samhlaíocht, úrmhaireacht agus cruthaitheacht.
- Taispeántar an cumas eolas a chomhtháthú.
- Léirítear smaointeoireacht chriticiúil.
- Léirítear neamhspleáchas breithiúnais.
- Mínítear teoiric ábhartha go soiléir agus luaitear fianaise ábhartha.
- Cuimsítear argóint réasúnaithe agus tagtar ar chonclúid loighciúil.
- Tugtar fianaise ar léitheoireacht ábhartha leathan.
- Cuimsítear líon dóthanach samplaí cuí.

- Taispeántar an cumas foghlaim a chur i bhfeidhm ar chásanna úra agus fadhbanna a réiteach.
- Tá sé gléineach agus scríofa go maith.
- Níl earráidí suntasacha ar bith ann.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh na saintréithe ar fad thuas ag baint le gach píosa oibre den chéad ghrád, ach beidh roinnt bheag, más ann dóibh ar chor ar bith, saintréithe diúltacha ann.

### II.1- Dara Grád Onóracha - Uachtarach (60-69%)

Taispeánann obair ar leibhéal an dara gráid (uachtarach) tuiscint láidir agus shoiléir ar an ábhar agus taispeántar tuiscint mhaith ar réimse leathan litríochta agus/nó ar mhodhanna agus ar theicnící an ábhair. Léiríonn freagra den dara grád uachtair freagra ar an gceist atá eagraithe agus struchtúrtha go maith, atá measartha cuimsitheach, beacht go ginearálta agus a bhfuil bonn eolais maith faoi. Taispeánfar fairsinge agus bíonn níos mó eolais ann de ghnáth na mar a gheofaí go díreach ó na nótaí léachta agus ón mbunléitheoireacht riachtanach. Léireoidh sé cumas éigin eolas agus smaointe a mheas agus a chomhtháthú, déileáil le heolas ar bhealach criticiúil, agus réasúnú agus argóint a dhéanamh ar bhealach loighciúil. Nuair is ábhartha, léireoidh sé cumas éigin eolas a anailísiú, ciall a bhaint as ábhar, fadhbanna a réiteach, smaointe agus coincheapa úra a chruthú agus eolas a chur i bhfeidhm ar chásanna nua. Beidh cur i láthair an eolais, na n-argóintí agus na gconclúidí deisbhéalach agus scríofa go maith.

Is í an difríocht idir píosa oibre den dara grád (uachtarach) agus ceann dá mbronntar dara grád (íochtarach) ná níos mó ratha i bhfreagairt na ceiste, an tuiscint bhreise a thaispeántar, an fhianaise níos mó ar léitheoireacht bhreise, an struchtúr agus eagrú níos fearr, sárcháilíocht na hargóinte, agus leibhéal na smaointeoireachta criticiúla a thaispeántar.

Mar sin taispeánann píose oibre den dara grád uachtair saintréithe dearfacha amhail:

- Tugtar freagra ar an gceist go soiléir agus go hiomlán.
- Tá an struchtúr agus an t-eagrú go maith.
- Taispeántar fianaise ar thuiscint an-mhaith ar an topaic.
- Taispeántar fianaise shoiléir ar léitheoireacht agus ar thaighde ábhartha.

- Mínítear teoiric ábhartha go soiléir agus luaitear fianaise ábhartha.
- Cuimsítear argóint réasúnaithe agus tagtar ar chonclúid loighciúil.
- Tá smaointe an-ábhartha ann.
- Úsáidtear samplaí ábhartha.
- Taispeántar an cumas foghlaim a chur i bhfeidhm ar chásanna úra agus fadhbanna a réiteach.
- Ta sé scríofa go maith.
- Níl earráidí suntasacha ar bith ann.

Ní bhíonn mórán saintréithe diúltacha in obair den dara grád (uachtarach), ach d'fhéadfadh go mbeadh sé teoranta sna cásanna seo a leanas:

- D'fhéadfaí níos mó a léiriú trí léargas, shamhlaíocht, úrmhaireacht agus chruthaitheacht.
- Ní thugtar freagra ar an gceist ar bhealach chomh hiomlán agus cuimsitheach agus a d'fhéadfaí a thabhairt.
- D'fhéadfaí níos mó cumais eolas a chomhtháthú a thaispeáint.
- D'fhéadfaí níos mó smaointeoireacht chriticiúil a thaispeáint.
- D'fhéadfaí níos mó neamhspleáchas smaoinimh a thaispeáint.

### II.2 – Dara Grád Onóracha - Íochtarach (50-59%)

Taispeánann obair ar leibhéal an dara gráid (íochtarach) eolas ar an ábhar caighdeánach agus ar chuir chuige an ábhair agus eolas ar mhórán den litríocht chaighdeánach agus nó/modhanna caighdeánacha. D'fhéadfadh freagra den dara grád íochtair bheith ina fhreagra measartha simplí ar an gceist, agus is cosúil go mbeidh sé bunaithe ar réimse cúng foinsí, amhail nótaí léachta agus an bunléitheoireacht riachtanach, seachas léitheoireacht níos leithne a léiriú. Taispeánann sé bunchumas de ghnáth úsáid a bhaint as foinsí, modhanna nó teicnící ábhartha a chuirtear i bhfeidhm ar an ábhar de ghnáth chun rath éigin a bhaint amach maidir le fadhbanna a réiteach nó argóintí a eagrú chun teacht ar chonclúid. D'fhéadfadh an obair neamhleanúnachas sa chaighdeán a léiriú, d'fhéadfadh lochtanna teicniúla nó fíriciúla a bheith anseo agus ansiúd, agus d'fhéadfadh sé roinnt deacrachtaí a thaispeáint le heagrú an ábhair nó le tuiscint iomlán faidhbe nó ceiste, ach beidh sé curtha i

láthair go sách maith agus d'fhéadfadh roinnt breithiúnas criticiúil a bheith san anailís nó i gcur i bhfeidhm na smaointe nó na modhanna caighdeánacha.

Is í an difríocht idir píosa oibre den dara grád (íochtarach) agus ceann dá mbronntar tríú grád ná rath níos mó an dara ghráid le freagra a thabhairt ar an gceist, mar aon le níos mó eolais, argóint níos soiléire agus struchtúr níos fearr a bheith ann, cé go bhféadfadh sé nach bhféadfaí an freagra ar an gceist nó an struchtúr a fheabhsú.

Bainfidh cuid de na saintréithe dearfacha seo a leanas nó iad ar fad le hobair ar leibhéal an dara gráid (íochtarach):

- Déantar iarracht freagra a thabhairt ar an gceist.
- Taispeántar fianaise ar thuiscint bhunaidh ar an topaic.
- Taispeántar fianaise ar léitheoireacht nó ar thaighde ábhartha.
- Tá roinnt smaointe ábhartha ann.
- Tá roinnt samplaí ábhartha ann.

Bainfidh cuid de na saintréithe diúltacha seo a leanas nó iad ar fad le hobair ag leibhéal an dara gráid (íochtarach):

- D'fhéadfadh nár éiríodh go hiomlán leis an iarracht freagra a thabhairt ar an gceist.
- Níl an argóint ann dea-struchtúrtha go leor.
- Níl go leor fianaise ann chun údar a thabhairt do dhearbhuithe.
- Níl samplaí ábhartha dóthanacha ann.
- D'fhéadfadh stíl na scríbhneoireachta a bheith níos fearr.
- D'fheadfadh roinnt earráidí beaga a bheith ann.

### III – Tríú Grád Onóracha (40-49%)

Bíonn fianaise in obair ar an tríú grád ar staidéar a dhéanamh ar an ábhar cuí agus taispeánann sé leibhéal cur i láthair atá ar íos-chóimhéid ar a laghad le bronnadh céim onóracha, ach is minic a léiríonn sé eolas teoranta faoi litríocht chaighdeánach agus/nó modhanna caighdeánacha an ábhair. Is ionann freagra den tríú grád agus íos-iarracht ar a laghad freagra a thabhairt ar an gceist a cuireadh, ach d'fhéadfadh go mbeadh príomhphointí ar lár sa fhreagra agus/nó d'fhéadfadh ráitis a bheith ann nach bhfuil tacaithe ag fianaise chuí. D'fhéadfadh go léireodh an mac léinn tuiscint agus/nó úsáid

neamhdhomhain maidir leis an ábhar, agus ró-spleáchas ar eolas nach bhfuil forbairt nó argóint, anailís nó plé ag baint leis, agus d'fhéadfadh easpa leanúnachais a bheith ann, nó d'fhéadfadh nach bhfuil sé sách eagraithe. Mar sin féin, taispeántar cumas éigin ag an leibhéal sin tagairt a dhéanamh do roinnt foinsí, smaointe, modhanna nó teicnící ábhartha a chuirtear i bhfeidhm ar an ábhar de ghnáth chun rath éigin a bhaint amach maidir le fadhbanna a réiteach nó argóint a eagrú chun teacht ar chonclúid.

Is í an difríocht idir píosa oibre den tríú grád ó cheann a dteipeann air go bhfuil iarracht ann freagra a thabhairt ar an gceist le roinnt eolas ábhartha agus gan aon mhór-earráid, agus i gcás teipthe níl iarracht dhóthanach ann le freagra a thabhairt ar an gceist, níl go leor eolas ábhartha ann, nó tá earráid shuntasach amháin ar a laghad ann.

D'fhéadfadh cuid de na saintréithe dearfacha seo a leanas nó iad ar fad a bheith in obair ar leibhéal an tríú gráid:

- Déantar iarracht freagra a thabhairt ar an gceist.
- Taispeántar fianaise mheasartha ar thuiscint ar an topaic.
- Taispeántar fianaise mheasartha ar léitheoireacht nó ar thaighde ábhartha.
- Cuimsítear roinnt smaointe ábhartha.
- D'fhéadfadh roinnt samplaí ábhartha a bheith ann.

D'fhéadfadh cuid de na saintréithe diúltacha seo a leanas nó iad ar fad a bheith in obair ar leibhéal an tríú gráid:

- D'fhéadfadh nár éiríodh rómhaith leis an iarracht freagra a thabhairt ar an gceist.
- Níl an argóint ann dea-struchtúrtha go leor.
- Níl samplaí ábhartha dóthanacha ann.
- Tá earráid thábhachtach amháin nó níos mó ann.

## IV – Teip – (0-39%)

Déantar an grád 'teip' a mhiondealú corruair ina dhá bhanda: F1 agus F2. Léiríonn freagra ar leibhéal F1 (30-39%) nár éiríodh leis an bhfreagra an cheist a fhreagairt go dóthanach, ach tá eolas ábhartha éigin ann. Uaireanta faightear teip nuair nach dtugtar freagra cuí mar gheall ar mhíthuiscint ar an gceist, nó ar cheann amháin nó níos mó de na heasnaimh seo a leanas: d'fhéadfadh sé nach bhfuil ann ach méid beag den eolas ábhartha, d'fhéadfadh go

ndearnadh an t-ábhar féin a mhíthuiscint, d'fhéadfadh go bhfuil an freagra curtha i láthair go dona nó go neamhshoiléir, nó d'fhéadfadh nach bhfuil baint ar bith ag an bhfreagra leis an gceist a cuireadh. Maidir le freagra ar leibhéal F2 (0-29%), de ghnáth ní bhíonn eolas ar bith nó an méid is lú eolais maidir leis an gceist ann, nó d'fhéadfadh sé míthuiscint iomlán ar an gceist a léiriú, nó i gcomhthéacs na ceiste go bhfuil an freagra gan chiall. Bíonn roinnt saintréithe dearfacha in obair ar an leibhéal Teipthe de ghnáth, ach amháin b'fhéidir nuair a bronnadh an grád mar gheall ar mhór-earráid a bheith ann, mór-earráid atá suntasach go leor chun gnéithe dearfacha ar bith den cheist a shárú. Cúis eile go mbronntar grád Teipthe ar phíosa oibre a d'fhéadfadh bheith go maith seachas sin ná nach dtugtar freagra ar an gceist a cuireadh. D'fhéadfadh easnamh saintréithe dearfacha a bheith mar thoradh chomh maith ar an bhfreagra a bheith an-ghairid (mar shampla, nuair a ritheann mac léinn amach as am i scrúdú agus nach scríobhann sé nó sí mórán).

Baineann cuid de na saintréithe seo a leanas nó iad ar fad le hobair ar a mbronntar grád 'teip':

- Teip atá ann freagra a thabhairt ar an gceist (cé go bhféadfadh sé a bheith ina fhreagra ar cheist dhifriúil).
- Ní thaispeántar fianaise ar bith nó ní thaispeántar ach beagán fianaise ar thuiscint ar an topaic.
- Ní thaispeántar fianaise ar bith nó ní thaispeántar ach fíorbheagán fianaise ar léitheoireacht nó ar thaighde ábhartha.
- Níl smaointe ábhartha ar bith nó níl ann ach fíorbheagán smaointe ábhartha.
- Níl an argóint struchtúrtha ann.
- Níl fianaise ann chun údar a thabhairt do dhearbhuithe.
- Níl samplaí ábhartha ar bith ann.
- Tá a lán earráidí nó tá mór-earráidí ann.

## Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

### Seirbhís Teagascóra

Nuair a chláraíonn tú le hInstitiúid Oideachais Marino sanntar teagascóir pearsanta duit. Ní tacaíocht acadúil a thugann an duine seo, ach duine a bhíonn ar fáil le bualadh leat faoi rud ar bith a chuireann isteach go diúltach ar do thinreamh, do staidéir agus do rannpháirtíocht i ngné ar bith den chúrsa. Gníomhaíonn do theagascóir mar thacadóir duit chomh maith chun na roghanna atá ar fáil duit a mhíniú le go gcríochnófá do chlár go rathúil. Is féidir le mic léinn na sonraí teagmhála don teagascóir a aimsiú ar MAESTRO (córas taifid na mac léinn ar líne in IOM).

Do sheirbhísí uile na mac léinn, féach
https://www.mie.ie/en/student_life/student_support_services/

### Seribhísí Leighis do Mhic Léinn

Cuireann an institiúid seirbhís sláinte ar fáil do gach mac léinn cláraithe in IOM trí Ionad Leighis Fhionnradhairc. Bíonn foireann dochtúirí agus altraí ar dualgas san ionad leighis. Cuid de na seirbhísí atá ar fáil ná: athbhreithniú tinnis agus folláine freastal ar an gcoláiste, fleibeatóime (tástáil fola), instealltaí, cóiriú cliniciúil, seirbhísí dea-shláinte na mban, seirbhísí asma agus araile. Is víris iad slaghdán agus an fliú araon agus sna cásanna sin ní gá cuairt a thabhairt ar dhochtúir de ghnáth. Is féidir le gach mac léinn leas a bhaint as trí chuairt in aisce, i láthair go pearsanta nó ar líne, le linn gach bliana acadúla de réir an tsocraithe seo. Is féidir cuairt breise a dhéanamh ar lascaine. Tá cógaslann áitiúil trasna an bhóthair ón gColáiste ar Ascall Philib má tá gá le haon leighis thar an gcuntar. Níl an tIonad Leighis ach cúig nóiméad déag de shiúl ón Institiúid agus tá sé oscailte ó 9 r.n. go dtí 5 i.n. ó Luan go hAoine. Tá seirbhís éigeandála ar fáil maidin Sathairn. Tá suíomh an ionaid ar fáil ag https://fairviewmedicalcentre.com/

### An tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn

Tá an tSeirbhís Comhairleoireachta (SCS) ar fáil do mhic léinn atá cláraithe in IOM chun an t-am agus an spás a fháil chun iniúchadh a dhéanamh ar aon saincheisteanna a chuireann imní orthu agus a chuireann isteach ar a gcuid staidéir.

Is féidir do chéad choinne a dhéanamh le Comhairleoir na Mac Léinn tríd an - seirbhís áirithinte ar líne - https://scs.mie.ie/firstappointment nó trí bualadh isteach i rith ceann de na tréimhsí bualadh isteach: é Luan go hAoine idir 12:30 i.n. – 1:30 i.n le linn an tseimeastair. Ní gá coinne a dhéanamh don tseirbhís bualadh isteach, díreach tar isteach ar an lá (ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce).

Cuirtear coinní ar fáil de ghnáth ó Luan go hAoine idir 10 r.n agus- 5.00 i.n. Tá coinne ar fáil ag 5 i.n. ar an Máirt d'aon mhac léinn nach féidir leo teacht chuig an tSeirbhís idir 10.00 r.n. agus 5.00 i.n.

Tá an tSeirbhís Comhairleoireachta do Mhic Léinn lonnaithe i Seomraí 41 & 42 ar an urlár uachtair i Halla Naomh Pádraig, áit a bhfuil an leabharlann chomh maith. Ná déan dearmad ar do chárta mhic léinn chun dul isteach san fhoirgneamh.

Seoladh ríomhphost an SCS ná marinocounselling@mie.ie. Má tá gá práinneach agat labhairt le Comhairleoir na Mac Léinn, le do thoil seol ríomhphost ag lorg coinne tosaíochta.

Le linn na bliana acadúla, eagraíonn an SCS imeachtaí maidir le féinchúram, folláine agus meabhairshláinte dhearfach. Má tá suim agat tuilleadh eolas a fháil ó acmhainní féinchabhracha, le do thoil, féach ar an treoirleabhar leabharlainne ar mheabharshláinte agus folláine ag https://mie-ie.libguides.com/c.php?g=703489 nó sa leabharlann féin.

Tá leabhair agus achmhainní ar líne maidir le:

- hImní
- Muinín/féinmheas
- Féin-atrua
- Amanntaí deacaire
- Bainistíocht ama
- Foghlaim éifeachtach
- Féinchúram
- Go leor ábhair eile.

De rogha air sin, d'fhéadfá dul i dteagmháil le ceann de na **seirbhísí eachtracha** a leanas a thugann tacaíocht i rith an lae agus iar-ama:

- Tá líne téacs géarchéime 24/7 ar fáil do ghach mac léinn. Tosaigh comhrá ina thaobh trí **MIE** a théacsáil chuig 50808.
- Cláraigh le Togetherall, seirbhís phiarthacaíochta mheabharshláinte agus folláine ar líne, a thugann rochtain ar phobal sábháilte, anaithnid atá modhnaithe go gairmithe 24/7/365: https://togetherall.com/en-ie/

## Seirbhísí do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Tá an tSeirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais in IOM á sholáthar i gcomhpháirt leis an Seirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais i gColáiste na Tríonóide ó 2012. Feidhmíonn an tseirbhís seo ar bhonn riachtanas míchumais; soláthraítear léi socruithe réasúnta do mhic léinn a chuireann míchumas in iúl don Oifigeach Rochtana do Mhic Léinn faoi Mhíchumas agus atreorú chuig ceann de na tacaíochtaí eile do dhaoine faoi mhíchumas, mar shampla Teicneolaíocht Cúnta (AT) nó Teiripe Shaothair (OT), mar is cuí, in IOM nó i gColáiste na Tríonóide, Bhaile Átha Cliath.

Moltar do mhic léinn faoi mhíchumais clárú leis an Seirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais in IOM chun tacaíochtaí a lorg i gcásanna go bhféadfadh aon míchumas cur isteach ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i saol an choláiste. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar chlárú leis an Seirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais nó na tacaíochtaí atá ar fáil duit ar ár leathanach Moodle Disability Service nó trí ríomhphost a sheoladh chuig access@mie.ie

## Socruithe Réasúnta

Tá IOM tiomanta do chinntiú go mbíonn rochtain chomh hiomlán agus chomh cothrom ag mic léinn faoi mhíchumais ar gach gné de shaol an mhic léinn agus is féidir a sholáthar go réasúnta. Déantar seo de réir an tAcht um Míchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann, 2000 (arna leasú), agus an tAcht um Ollscoil, 1997. Cuirtear fáilte roimh iarratais ó mhic léinn ionchasacha atá faoi mhíchumas agus déantar tréan-iarracht cuidiú leo barr a gcumais a bhaint amach mar oideoirí proifisiúnta trí thairiscint a dhéanamh ar réimse tacaíochtaí, socruithe réasúnta san áireamh.

Inár dtacaíocht do rannpháirtíocht mac léinn faoi mhíchumas i gcláir a bhronann cáilitheacht chun cleachtadh mar mhúinteoir nó oideoir eile tá sé d'aidhm ag an Instititiúid go mbeidh prionsabail na hionchuimsitheachta, ard-chaighdeán cleachtais mar aon le dualgas cúraim ar aon chéim le chéile. Tá cód cleachtais ag IOM a bhaineann le gach mac léinn faoi mhíchumas

atá ag staidéar san Institiúid agus is féidir eolas faoin gCód Cleachtais seo a léamh ag Code of Practice for Students with Disabilities agus Consent to Disclose and Share Disability Information.

Tá IOM tiomanta do shocruithe réasúnta a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumais nó le deacrachtaí foghlama agus cuidiú leo páirt iomlán a ghlacadh ina socrúcháin oideachais. Is éard is socrú réasúnta ann ná aon ghníomh a chabhraíonn aon mhíbhuntáiste de bharr/de dheasca míchumais agus/nó tinnis suntasach leanúnach a laghdú. Tá Seirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais (Disability Service) san Institiúid agus tugann sé comhairle agus tacaíocht do mhic léinn faoi mhíchumas. Áirítear na seirbhísí a leanas sa tacaíocht a thugtar do mhic léinn faoi mhíchumas:

- Measúnú riachtanas ar iontráil chun riachtanais foghlama bhreise ar bith a shocrú.
- Oiliúint agus tacaíocht maidir le teicneolaíocht chuiditheach.
- Tacaíocht acadúil.
- Pleanáil agus tacaíocht réamhshocrúcháin.
- Idirchaidreamh le do theagascóir/leachtóirí chun cuidiú a thabhairt le hábhair cláir ionrochtana a eagrú.
- Iasachtaí leathnaithe leabharlainne.

Moltar do mhic faoi mhíchumas clárú leis an tSeirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais (MIE Disability Service) chun tacaíocht a fháil i gcásanna ina bhféadfadh an míchumas cur isteach ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den chúrsa. Ní mór duit fianaise de do mhíchumas a uaslódáil chun rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta na Seirbhíse do Mhic Léinn faoi Mhíchumais. Ní chuirfear na Socruithe Réasúnta i bhfeidhm go dtí go gcláraíonn mac léinn go hiomlán leis an tSeirbhís do Mhic Léinn faoi Mhíchumais. Má tá aon cheist agat maidir le haon cheann de na seirbhísí tacaíochta do mhic léinn, gabh i dteagmháil le Simon Yeates, ár nOifigeach Rochtana, ag access@mie.ie, nó cur glaoch  ag 01 805 7752.

### Séiplíneacht

Tá séiplíneach lánaimseartha ag Seirbhís Séiplíneachta IOM agus oibríonn sí i ndlúthchomhar leis na seirbhísí tacaíochta eile do mhic léinn ar an gcampas. Cuireann an tSeirbhís Séiplíneachta tréadchúram agus tacaíocht spioradálta ar fáil do na mic léinn agus don fhoireann de gach creideamh agus do dhaoine gan aon chreideamh i bpobal IOM.

Cuireann an tSeirbhís tacaíocht ar fáil trí roinnt tionscnamh, mar shampla:

- Tionscnaimh folláine agus tréadchúraim.
- Tacaíocht spioradálta.
- Deasghnátha cruthaitheacha agus Liotúirge rialta.
- Turgnaimh Idirchreidmheacha.
- Tacaíocht méala.
- Tionscadail for-rochtana – ceartas sóisialta agus obair dheonach.
- Oilithreachtaí agus tumthionscadail/tionscadail tumtha.
- Cúram den Domhan – tacú le fís inbhuanaitheachta IOM.

Is féidir teacht ar an séiplíneach lánaimseartha, an Dr Lily Barry, i Seomra 109A agus trí theagmháil a dhéanamh léi ag chaplaincy@mie.ie

Is féidir freisin teagmháil a dhéanamh leis an Dr Marie Whelton, go háirithe tráth méala trí ghlaoch a chur ar (01) 8535158 nó ríomhphost a sheoladh chuig marie.whelton@mie.ie.

## Scríbhneoireacht Mac Léinn

Soláthraíonn IOM tacaíocht do mhic léinn atá ag forbairt scileanna staidéar le teagascóir a dhíríonn ar scríbhneoireacht acadúil. Tá sé sin comhlánaithe ag ceardlanna scríbhneoireachta sonracha atá ar fáil do gach mac léinn ar éileamh. Do thuilleadh eolais, seol ríomhphost chuig writingworkshop@mie.ie.

Tá lámhleabhar ullmhaithe do lucht an BOid le cabhrú leo leis an scríbhneoireacht ghairmiúil agus acadúil. Baintear úsáid as ach go háirithe sna modúl Ag Aistriú chuig an Ardoideachas agus Cruinneas sa Ghaeilge.

## Seirbhís Chomhairleach Gairme

Is í aidhm Sheirbhís Chomhairleach Ghairme Institiúid Oideachais Marino ná tacaíocht, treoir agus cumhacht a thabhairt do mhic léinn IOM na scileanna, na cumais, na meonta agus an fhéinmhuinín a fhorbairt chun páirt rathúil a bheith acu i saol na hoibre agus cinntí gairme feasacha a dhéanamh. Oibríonn an tSeirbhís Chomhairleach Ghairme taobh le taobh le foireann acadúil na hInstitiúide chun mic léinn a mhisniú agus a chumasú a bheith ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha agus inniúla agus úinéireacht a ghlacadh ar a bhforbairt ghairmiúil féin.

Soláthraítear eolas gairmiúil, oiliúint agus treoirghairm do mhic léinn ar go leor bealaí chun iad a chumasú barr a bpoitéinsil a bhaint amach agus leas a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dóibh agus iad ag dul trí IOM.

Tá tuilleadh eolais faoi Sheirbhís Chomhairleach Ghairme IOM ar fáil ar an leathanach gréasáin a leanas https://www.mie.ie/en/student_life/student_support_services/careers_service/one_to_one_career_advice.html

**Clubanna agus Cumainn Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath**

Tá rogha iontach clubanna agus cumann in IOM agus tá fás ag teacht ar an rogha seo gach uile bhliain. Tá rochtain ag mic léinn IOM ar a bheith ina mbaill de chlubanna agus de chumainn i gColáiste na Tríonóide. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na clubanna agus na cumainn le fáil i gColáiste na Tríonóide ar https://www.tcd.ie/students/clubs-societies/

## Polasaithe IOM

Le léirmheas a fháil ar pholasaithe agus ar bheartais acadúla IOM a bhaineann leis an gclár, an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge agus ar dhul chun cinn mhic léinn, breathnaigh ar an nasc thíos:

https://www.mie.ie/en/about_us/quality_assurance/policies_and_procedures/academic/

Tá naisc ar an leathanach seo chuig an-chuid gnéithe de shaol an mhic léinn in IOM. Ba cheart súil a chaitheamh anseo do thuilleadh eolais ar pholasaithe maidir le bradaíl agus ionracas acadúil, tinreamh, achomhairc, socrúcháin scoile agus i bhfad níos mó.